CINNEADH (AE) 2022/444 ÓN gCOIMISIÚN

an 28 Meitheamh 2021

maidir le scéim státchabhrach SA.49414 (2020/C) (ex 2019/NN) arna cur chun feidhme ag an bhFrainc i bhfabhar oibreoirí bonneagair stórála gáis nádúrtha

(a bhfuil fógra tugtha ina leith faoi C(2021) 4494)

(Is ag an téacs sa Fhraincis a bheidh an t – údarás agus aige sin amháin)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe an chéad fhomhír d'Airteagal 108(2) de,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, agus go háirithe Airteagal 62(1)(a) de,

Tar éis a iarraidh ar pháirtithe leasmhara a mbarúlacha a chur isteach de bhun na n-airteagal sin ([1]), agus ag féachaint dá gcuid barúlacha,

De bharr an mhéid seo a leanas:

1. NÓS IMEACHTA

(1) I litir an 23 Deireadh Fómhair 2017, chuir údaráis na Fraince an Coimisiún ar an eolas faoi dhréacht-athchóiriú an chreata dhlíthiúil agus rialála is infheidhme maidir le gás nádúrtha a stóráil ("an t-athchóiriú"). Rinne údaráis na Fraince an dréacht a réamhfhógairt an 23 Samhain 2017 agus, tar éis do Pharlaimint na Fraince an t-athchóiriú a ghlacadh, sheol na húdaráis faisnéis bhreise chuig an gCoimisiún.

(2) I litir an 28 Feabhra 2020, chuir an Coimisiún an Fhrainc ar an eolas faoina chinneadh ("an cinneadh tosaigh") chun tús a chur leis an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 108(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ("an nós imeachta imscrúdaithe foirmiúil") i leith an bhirt.

(3) Foilsíodh an cinneadh tosaigh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. D'iarr an Coimisiún ar pháirtithe leasmhara a mbarúlacha a thabhairt faoin mbeart.

(4) Le linn an nóis imeachta imscrúdaithe fhoirmiúil, fuair an Coimisiún barúlacha ó pháirtithe leasmhara. Chuir sé ar aghaidh chuig an bhFrainc iad, a fuair deis a barúlacha féin a chur in iúl. Chuir údaráis na Fraince a mbarúlacha isteach i litir an 3 Lúnasa 2020.

(5) Chuir údaráis na Fraince faisnéis bhreise isteach an 21 Meán Fómhair 2020, an 26 Eanáir 2021, an 15 Márta 2021 agus an 10 Bealtaine 2021.

2. CÚLRA AN BHIRT

2.1. Gás nádúrtha a stóráil sa Fhrainc

(6) Trí bhíthin bonneagar stórála gáis nádúrtha faoi thalamh, féadfar stoic gháis nádúrtha atá nasctha leis an líonra tarchurtha a fhorbairt. Cuidíonn sé chun an sreabhadh gáis a bhainistiú sa líonra.

([1]) IO C 112, 3.4.2020, lch. 39.

(7) Úsáidtear stóráil mar bhealach chun cothromaíocht a áirithiú idir méid an gháis nádúrtha sa líonra agus an méid a ídítear, mar shampla briseadh soláthair nó buaic san éileamh mar gheall ar thréimhse fhuar sa gheimhreadh. Trí stóráil, in éineacht le píblínte agus comhbhrúiteoirí, is féidir gás a sheachadadh laistigh den líonra tarchurtha, go háirithe i gcás ina dtarlóidh plódú.

(8) Tairgeann oibreoirí stórála toilleadh stórála do sholáthróirí gáis nádúrtha a oibríonn i margaí miondíola agus mórdhíola agus d'oibreoirí córais tarchurtha. Braitheann toilteanas soláthróirí gáis nádúrtha chun íoc as toilleadh stórála ar an difríocht idir praghas an gháis nádúrtha i rith an tsamhraidh agus i rith an gheimhridh ("an raon difríochta"). Bíonn na leibhéil táirgthe gáis nádúrtha réasúnta cobhsaí i gcaitheamh na bliana, ach bíonn éagsúlacht shuntasach san ídiú gáis ag brath ar an teocht.

(9) Tá 14 shaoráid stórála sa Fhrainc, a bhfuil 11 díobh i mbun oibríochta ([2]), agus tá 3 oibreoir stórála ann:

— Tá 12 láithreán faoi úinéireacht Storengy, atá ina fhochuideachta ar lánúinéireacht ENGIE, a bhfuil 3 cinn díobh ar fuireachas agus 9 gcinn i mbun oibríochta. Tá toirt oibre 102,1 TWh ag na 9 láithreán dheireanacha sin (74 % den toilleadh náisiúnta);

— Déanann Teréga (dá ngairtí tráth TIGF), atá faoi úinéireacht Snam (40,5 %), GIC (31,5 %), EDF Investissement (18 %) agus Predica (10 %), láithreán a reáchtáil atá i mbun oibríochta lena mbaineann toirt oibre 33,1 TWh (24 % den toilleadh náisiúnta iomlán);

— Ritheann Géométhane, atá faoi úinéireacht Storengy (50 %), CNP (49 %) agus Géostock (1 %), láithreán atá i mbun oibríochta a bhfuil toirt oibre 3,3 TWh aige (2 % den toilleadh náisiúnta).

(10) Tháinig laghdú ar éagsúlachtaí séasúracha i bpraghsanna gáis nádúrtha ó 2009 i leith. Suas go dtí 2011, bhíodh an raon difríochta ard go leor chun soláthróirí a mhealladh chun an toilleadh stórála go léir a bhí ar fáil a ghlacadh. Ó 2011 i leith, ní leor an raon difríochta chun an praghas stórála arna thairiscint ag oibreoirí a chumhdach (raon difríochta EUR 1,5-2/MWh ar phraghas EUR 6-7/MWh). Mar thoradh air sin, níor glacadh an toilleadh stórála go hiomlán ón tréimhse 2010-2011. Ritheadh trí láithreán le toilleadh laghdaithe ("curtha ar fuireachas") in 2014 agus in 2015, agus ba é 63 % ráta glactha an bhonneagair stórála a bhí i mbun oibríochta in 2017-2018.

2.2. **Creat dlíthiúil agus rialála**

(11) Chun slándáil an tsoláthair a choimirciú, thug an Fhrainc foraithne isteach ar dtús in 2014 chun na hoibleagáidí ar sholáthróirí gáis nádúrtha a threisiú i ndáil le stoic gháis nádúrtha a fhorbairt ([3]). Ina dhiaidh sin, bhí sí den tuairim gur bhain roinnt fadhbanna leis an gcóras sin, agus rinne roinnt soláthróirí gáis nádúrtha caingean a thionscnamh in aghaidh dlhíthiúlacht na foraithne. I bhfianaise an mhéid sin, ghlac an Fhrainc cinneadh chun beart coigeartaithe a thabhairt isteach, atá mar ábhar an Chinnidh seo ("an beart atá i gceist").

(12) Le hAirteagal 33 de Threoir 2009/73/CE ([4]) ceadaítear do na Ballstáit an bonneagar stórála a rialú. Tá stóráil an gháis nádúrtha ar cheann de na bearta a d'fhéadfadh na Ballstáit a chur i bhfeidhm chun na hoibleagáidí a chomhlíonadh a eascraíonn as Rialachán (AE) 2017/1938 ([5]) faoi na coinníollacha a leagtar síos ann, go háirithe an oibleagáid chun slándáil an tsoláthair gáis a choimirciú do chustaiméirí náisiúnta agus dea-fheidhmiú leanúnach an mhargaidh inmheánaigh i ngás nádúrtha a áirithiú.

([2]) Tá 12 láithreán i mbun oibríochta má mheastar Lussagnet agus Izaute mar láithreáin ar leithligh. Is le Teréga iad an dá cheann sin agus tá roinnt suiteálacha teicniúla á roinnt acu. Ar an gcúis sin, meastar iad mar shaoráid aonair uaireanta (e.g. an clár fuinnimh ilbhliantúil (PPE) 2019-2028) agus uaireanta eile meastar iad mar dhá shaoráid ar leithligh (e.g. PPE 2016-2023).

([3]) Foraithne Uimh. 2014-328 an 12 Márta 2014 lena leasaítear Foraithne Uimh. 2006-1034 an 21 Lúnasa 2006 maidir le rochtain ar shaoráidí stórála gáis nádúrtha faoi thalamh (*décret n°2014-328 du 12 mars 2014 modifiant le décret n°2006-1034 du 21 août 2006 relatif à l'accès aux stockages souterrains de gaz naturel*).

([4]) Treoir 2009/73/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir le comhrialacha don mhargadh inmheánach sa ghás nádúrtha agus lena n-aisghairtear Treoir 2003/55/CE (IO L 211, 14.8.2009, lch. 94).

([5]) Rialachán (AE) 2017/1938 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2017 maidir le bearta chun slándáil an tsoláthair gáis a choimirciú agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 994/2010 (IO L 280, 28.10.2017, lch. 1).

3. TUAIRISC MHIONSONRAITHE AR AN MBEART ATÁ I GCEIST AGUS NA FORAIS LE TÚS A CHUR LEIS AN NÓS IMEACHTA

3.1. Cuspóir an tsásra

(13) Tá sé beartaithe leis an sásra rialála oibriú leanúnach an bhonneagair stórála a áirithiú, a bhfuil gá leis chun slándáil an tsoláthair gáis nádúrtha sa Fhrainc a choimirciú sa mheántéarma agus san fhadtéarma.

(14) Go háirithe, is é is aidhm don sásra a áirithiú gur féidir leis an líonra freastal ar an éileamh, go háirithe le linn tréimhsí fuara, agus gur féidir gás nádúrtha a sheachadadh laistigh den líonra tarchurtha, go háirithe i gcás ina dtarlóidh plódú.

3.2. Bunús dlí

(15) Rinneadh an sásra chun an bonneagar stórála gáis nádúrtha fíor-riachtanach a rialáil a ionchorprú sa Chód Fuinnimh (*code de l'énergie*) le hAcht Uimh. 2017-1839 an 30 Nollaig 2017 ([6]) (*loi Hydrocarbures*, "An tAcht maidir le Hidreacarbóin"), a tháinig i bhfeidhm an 1 Eanáir 2018.

(16) Go háirithe, déantar foráil le hAirteagal 12 den Acht maidir le Hidreacarbóin go sainmhínítear raon feidhme an tsásra rialála leis an gclár fuinnimh ilbhliantúil ("PPE"), dá dtagraítear in Airteagal L.141-1 den Chód Fuinnimh. Glactar an clár fuinnimh ilbhliantúil (PPE) le foraithne tar éis dul i gcomhairle le roinnt comhlachtaí comhairleacha agus déantar é a athbhreithniú gach 5 bliana ar a laghad ar feadh 2 thréimhse 5-bliana. Bunaíodh an clár fuinnimh ilbhliantúil don tréimhse 2019-2028 le Foraithne Uimh. 2020-456 an 21 Aibreán 2020 ("Foraithne Uimh. 2020-456 maidir le PPE").

(17) Chomh maith leis sin, faoi Airteagal 12 den Acht maidir le Hidreacarbóin, leagann an Coimisiún um Rialú Fuinnimh ("CRE") síos nósanna imeachta áirithe faoin sásra rialála, go háirithe a mhéid a bhaineann le toilleadh stórála a chur ar ceant, ioncam údaraithe oibreoirí stórála agus na socruithe chun an t-ioncam sin a bhailiú trí thoilleadh a dhíol agus na taraifí a ghearrtar ar an líonra tarchurtha gáis nádúrtha a úsáid, a íoctar le hoibreoirí stórála (féach aithrisí 20 go 22).

3.3. Feidhmiú foriomlán an tsásra

(18) Tá an sásra chun stóráil an gháis náisiúnta a rialáil a glacadh sa Fhrainc in 2017 bunaithe ar thrí phrionsabal.

(19) Ar an gcéad dul síos, cumhdaítear le raon feidhme an tsásra an bonneagar stórála faoi thalamh a bhfuil gá leis chun slándáil an tsoláthair gáis nádúrtha sa Fhrainc a choimirciú sa mheántéarma agus san fhadtéarma ([7]) ("an bonneagar stórála fíor-riachtanach"). Bunaítear an liosta den bhonneagar fíor-riachtanach leis an bhForaithne maidir le PPE. Ní mó d'oibreoirí an bhonneagair é a choimeád i mbun oibríochta ([8]).

(20) Ar an dara dul síos, cuirtear an toilleadh stórála fíor-riachtanach ar ceant de réir na nósanna imeachta a leagann CRE síos ([9]). Bíonn na ceantanna oscailte d'aon soláthróir atá bunaithe i mBallstát de chuid AE nó i Stát eile atá údaraithe chun táirgí a sholáthar do mhargadh miondíola nó margadh mórdhíola na Fraince. Ó mhí Eanáir 2018 i leith, bhí údarú den sórt sin ag 213 soláthróir Fhrancacha agus eachtracha. Bailíonn oibreoirí stórála na hioncaim ó na ceantanna go díreach.

([6]) Acht Uimh. 2017-1839 an 30 Nollaig 2017 lena gcuirtear deireadh le taiscéaladh agus astarraingt hidreacarbón agus lena leagtar síos forálacha éagsúla a bhaineann le fuinneamh agus an comhshaol (*loi n°2017-1839 du 30 décembre 2017 mettant fin à la recherche ainsi qu'à l'exploitation des hydrocarbures et portant diverses dispositions relatives à l'énergie et à l'environnement*).

([7]) Airteagal L.421-3-1 den Chód Fuinnimh.

([8]) Airteagal L.421-3-1 den Chód Fuinnimh.

([9]) Airteagal L.421-5-1 den Chód Fuinnimh.

(21) Ar an tríú dul síos, ráthaítear d'oibreoirí bonneagair stórála fhíor-riachtanaigh go gcumhdófar a gcostais a mhéid a bhfuil siad ag teacht leis na costais a bheadh ag "oibreoir éifeachtúil" ([10]). I dtaca leis sin, faigheann siad ioncam rialaithe arna shocrú le cinneadh CRE ("ioncam údaraithe"). Más rud é go bhfuil a n-ioncam díreach ó chustaiméirí níos ísle ná a n-ioncam údaraithe, faigheann oibreoirí stórála cúiteamh atá cothrom leis an difríocht idir an dá mhéid (féach aithris 89). Is iad seoltóirí gáis nádúrtha a mhaoiníonn an cúiteamh sin bunaithe ar a bpunann de chustaiméirí seirbhíse doichte atá nasctha leis an líonra dáilte gáis nádúrtha poiblí nár dhearbhaigh go bhféadfaí iad a scoitheadh gan riosca (féach aithrisí 104 agus 105). Bailíonn an t-oibreoir córais tarchurtha an cúiteamh i bhfoirm muirear tiomnaithe a chorpraítear sa taraif a ghearrtar as an líonra tarchurtha a úsáid (taraif "ATRT") agus ansin íoctar leis na hoibreoirí stórála é.

(22) Má tá ioncam na n-oibreoirí stórála níos mó ná a n-ioncam údaraithe áfach, ní mór dóibh an barrachas a aisíoc tríd an taraif a ghearrtar as an líonra tarchurtha a úsáid (féach aithris 90).

3.4. **Raon feidhme an tsásra rialála**

(23) De réir na míniúchán a sholáthair údaráis na Fraince, aithnítear bonneagar stórála fíor-riachtanach tríd an mbonneagar a shainaithint a bhfuil gá leis chun a áirithiú gur féidir leis an líonra freastal ar an éileamh, chomh maith leis an mbonneagar a bhfuil gá leis chun gás nádúrtha a sheachadadh laistigh den líonra tarchurtha.

3.4.1. *An bonneagar is gá chun a áirithiú gur féidir leis an líonra freastal ar an éileamh le linn tréimhse fhuar*

(24) Tá leibhéal slándála an tsoláthair a bhfuil coinne leis ón gcóras gáis leagtha amach in Airteagal R.121-4 den Chód Fuinnimh. Tá sé d'aidhm aige soláthairtí a choimirciú do na tomhaltóirí go léir nár chomhaontaigh i gconradh go bhféadfaí a soláthar a bhriseadh i ndálaí aimsire rófhuara, amhail na dálaí sin a tharlaíonn uair amháin gach 50 bliain de réir staidrimh.

(25) Déantar an bonneagar is gá chun a áirithiú gur féidir leis an gcóras freastal ar an éileamh a shainaithint ar bhonn na hoibre a dhéanann na hoibreoirí córais tarchurtha, a chuireann an t-éileamh ar ghás nádúrtha le linn tréimhsí fuara idir 1 go 30 lá i gcomparáid leis an gcumas chun gás nádúrtha a sholáthar, go háirithe ó idirnascairí agus críochfoirt gáis nádúrtha leachtaithe (GNL).

3.4.1.1. An t-éileamh measta ar ghás nádúrtha

(26) Ar an gcéad dul síos, rinne údaráis na Fraince scrúdú ar 5 chás i ndáil le forbairt ionchais an ídithe gáis nádúrtha sna 10 mbliana amach romhainn, gan giniúint leictreachais san áireamh. Tá éagsúlacht idir 2 % agus 18 % sa laghdú a bhfuil coinne leis i gcomparáid leis an mbliain tagartha 2012. Ar deireadh, ghlac údaráis na Fraince le laghdú 2 % ar ídiú gáis nádúrtha, gan giniúint leictreachais san áireamh.

(27) Ansin, measadh go mbeadh an méan-ídiú laethúil de ghás nádúrtha (gan giniúint leictreachais san áireamh) le linn tréimhse fhuar thart ar 3 640 GWh/d in 2025, gan ídiú gáis nádúrtha chalraigh ísil ("L-ghás") san áireamh. Measadh go mbeadh an t-ídiú gáis nádúrtha le haghaidh giniúint leictreachais le linn tréimhse fhuar thart ar 310 GWh/d.

(28) Chuir údaráis na Fraince an sciar in-idirbhriste den éileamh ar ghás nádúrtha san áireamh chomh maith, i.e. na tomhaltóirí sin a thug conradh in-idirbhriste i gcrích le hoibreoir an líonra lena bhfuil siad nasctha. Maidir leis sin, tráth a cuireadh an sásra rialála chun feidhme, bhí bearta in-idirbhristeachta le haghaidh tréimhsí fuara fós á bhfoirmliú. Mheas údaráis na Fraince gurb é 138 Gwh/d an in-idirbhisteacht fhéideartha.

(29) Shonraigh údaráis na Fraince gurb é scoitheadh lóid an rogha dheireanach i gcás géarchéim soláthair agus nach sásra solúbthachta atá i gceist leis. Ba é sin an chúis nár cuireadh scoitheadh lóid san áireamh agus an t-éileamh ar ghás nádúrtha le linn tréimhsí fuara á mheas.

([10]) Airteagal L.452-1 den Chód Fuinnimh.

(30) Cuireadh san áireamh freisin go mbíonn an meán-ídiú le linn tréimhse fhuar ghearr níos airde ná mar a bhíonn sé le linn tréimhse fhuar níos faide.

(31) Ar deireadh, chuir údaráis na Fraince san áireamh gur tháinig laghdú ar úsáid L-gháis de réir a chéile, i bhfianaise cláir chun é a thiontú go dtí gás nádúrtha calrach ard ("H-ghás"), arb é 90 % den ghás nádúrtha a ídítear sa Fhrainc sa lá atá inniu ann. Cuireadh tús leis an oibríocht tiontúcháin in 2018 agus cuirfear i gcrích í faoi 2028 ar a dhéanaí. Measann údaráis na Fraince go mbeidh an t-éileamh ar L-ghás tiontaithe go H-ghás cothrom le 180 Gwh/d in 2025.

(32) I bhfianaise an mhéid thuas, mheas údaráis na Fraince go mbeadh an t-éileamh foriomlán ar ghás nádúrtha le linn tréimhse fhuar 4 lá in 2025 cothrom le thart ar 4 000 Gwh/d.

3.4.1.2. Toilleadh measta an tsoláthair gáis nádúrtha

(33) Mheas údaráis na Fraince toilleadh an tsoláthair gáis nádúrtha trí idirnascairí a chur san áireamh, mar aon leis an soláthar gáis nádúrtha leachtaithe (GNL) ó chríochfoirt GNL agus feidhmíocht na stoc gáis nádúrtha.

(34) Ar an gcéad dul síos, a mhéid a bhaineann le hidirnascairí, tá na meastacháin ar thoilleadh docht, bunaithe ar thoimhde go n-úsáidfear 100 % de thoilleadh docht na n-idirnascairí H-gháis, cothrom le 1 780 GWh/d le haghaidh allmhairí agus 425 GWh/d le haghaidh onnmhairí ([11]). Meastar na glan-allmhairí de H-ghás trí phíblínte a bheith cothrom le 1 355 Gwh/d.

(35) Thug údaráis na Fraince le fios go mbeadh sé an-chostasach an líonra gáis agus na hidirnascairí a neartú ([12]), go háirithe i gcomparáid le húsáid a bhaint as saoráidí stórála atá ann cheana féin. In aon cás, ní bheadh fáil ar an mbonneagar lena mbaineann sa mheántéarma mar gheall ar agaí tógála fada.

(36) Ar an dara dul síos, a mhéid a bhaineann le soláthar GNL, féadfaidh ceithre chríochfort GNL na Fraince 1 160 Gwh/d ar an iomlán a chur isteach sa líonra ([13]). Ní féidir leas a bhaint as an toilleadh sin áfach ach amháin sa chás go bhfuil gás nádúrtha leachtaithe le fáil sna humair ag na críochfoirt GNL. I gcás teagmhais cosúil le tréimhse fhuar nach faide ná 10 lá, mheas údaráis na Fraince nach scaoilfí ach na stoic de ghás nádúrtha leachtaithe in umair amháin. I gcás tréimhse níos faide ná 10 lá áfach, d'fhéadfaí loingsithe de ghás nádúrtha leachtaithe a sheachadadh, agus d'fhéadfaí leas a bhaint as lántoilleadh na gcríochfort gáis nádúrtha leachtaithe. Roghnaíodh dhá chás bunaithe ar mheánleibhéal na stoc de ghás nádúrtha leachtaithe a breathnaíodh sna humair: an geimhreadh is measa (cás 1) agus an geimhreadh is fearr (cás 2).

(37) Léiríonn an dá chás leibhéal úsáide ag críochfoirt GNL atá níos airde ná an meánleibhéal úsáide le linn an gheimhridh idir 2011 agus 2018. Roghnaigh an Fhrainc cás 1 ar deireadh agus mheas sí an soláthar leictreachais féideartha ó chríochfoirt GNL mar 330 GWh/d le haghaidh tréimhse fhuar 4 lá.

(38) Thug údaráis na Fraince le fios go n-oibríonn na críochfoirt leachtaithe atá ann cheana féin i ngar dá lántoilleadh chun an costas infheistíochta suntasach a fhorchúiteamh. Chomh maith leis sin, cumhdaítear beagnach gach loingsiú de ghás nádúrtha leachtaithe le conarthaí fadtéarmacha mar gheall ar dhéine caipitil na dtionscadal agus dá bhrí sin, bíonn siad díolta cheana féin sula dtáirgtear iad. Ós rud é go mbíonn costas níos ísle i gceist le gás nádúrtha a stóráil i bhfoirm ghásach ní dhéantar mórán forbartha ar áiseanna stórála do ghás nádúrtha leachtaithe ar fud an domhain. Dá bhrí sin, ní bheidh ach cainníochtaí teoranta de ghás nádúrtha leachtaithe ar fáil sa ghearrthéarma.

(39) Ar an tríú dul síos, a mhéid a bhaineann le feidhmíocht na stoc gáis nádúrtha faoi thalamh, mhínigh údaráis na Fraince nach mór na huiscígh a úsáidtear, a dhéanann suas 90 % den bhonneagar stórála sa Fhrainc, a líonadh go leibhéal sách ard agus a fholmhú go dtí leibhéal sách íseal gach bliain. Tagann laghdú ar an ráta gur féidir gás a aistarraingt ó bhonneagar stórála freisin de réir mar a thagann laghdú ar stoic.

([11]) Fuarthas na sonraí maidir le toilleadh docht na n-idirnascairí H-gháis ó *Transmission Capacity Map 2017* de chuid ENTSOG.

([12]) Mar shampla, measann an Fhrainc go mbeadh costas EUR 1,6 billiún i gceist chun píblínte Arc Lyonnais, Eridan agus Perche a thógáil chun tarchur gáis ó thuaisceart na Fraince go dtí deisceart na Fraince a éascú.

([13]) Roinntear an toilleadh soláthair leictreachais idir na ceithre chríochfort mar a leanas: tá toilleadh soláthair leictreachais 400 GWh/d ag críochfort Montoir, tá toilleadh soláthair leictreachais 205 GWh/d ag críochfort GNL Fos-Cavaou, tá toilleadh soláthair leictreachais 205 GWh/d ag críochfort GNL Fos-Tonkin agus tá toilleadh soláthair leictreachais 520 GWh/d ag críochfort GNL Dunkirk. Nuair a úsáidtear idirnascaire Dunkirk ag a lánacmhainn, ní féidir le críochfort GNL Dunkirk níos mó ná 350 Gwh/d a sholáthar isteach i líonra gáis nádúrtha na Fraince mar gheall ar scrogall sa líonra tarchurtha.

(40) Ós rud é, le linn na 9 ngeimhreadh roimh anailís na Fraince, go raibh na saoráidí stórála 42 % lán ar an meán an 1 Feabhra agus gur thosaigh 85 % de na tréimhsí fuara a taifeadadh le 70 bliain anuas roimh an 5 Feabhra, ghlac údaráis na Fraince leis go bhfuil ráta aistarraingthe a bhaineann le leibhéal líonta de 45 % den toirt oibre ar fáil i ngach saoráid stórála ag tús gach tréimhse fuaire.

(41) Chuir údaráis na Fraince san áireamh freisin na stoic mhaolánacha nach mór d'oibreoirí córais tarchurtha gáis nádúrtha a thiomargadh chun seirbhísí sóisialta fíor-riachtanacha a sholáthar mar rogha dheireanach i gcás mainneachtain soláthróra, i.e. ráta aistarraingthe 124 GWh/d ar leibhéal líonta 45 % den toirt oibre.

(42) Ar bhonn na dtoimhdí sin go léir, don tréimhse 2019-2025 leag údaráis na Fraince síos gá bliantúil le bonneagar stórála lena mbaineann toirt oibre 138,5 Twh agus ráta aistarraingthe 2 376 GWh/d ar leibhéal líonta 45 % den toirt oibre chun a áirithiú go bhféadfaidh an líonra freastal ar an éileamh le linn tréimhse fhuar ([14]).

3.4.2. *An bonneagar a bhfuil gá leis chun gás nádúrtha a sheachadadh laistigh den líonra tarchurtha*

(43) D'aithin údaráis na Fraince an bonneagar stórála a bhfuil gá leis chun an soláthar a choimirciú ar fud na tíre freisin, agus acmhainn seachadta an líonra tarchurtha gáis nádúrtha á cur san áireamh. Chuige sin, rinne siad scrúdú ar na cásanna éagsúla inar tharla plódú sa líonra tarchurtha.

(44) D'aithin na hoibreoirí córais tarchurtha an cás plódaithe is dóchúla, lena léirítear an cás a breithníodh ag an am sin i margadh ina ndéanann soláthróirí, de réir údaráis na Fraince, iarracht chun allmhairí de ghás nádúrtha ón Iorua agus ón Rúis a uasmhéadú, atá mar na foinsí is iomaíche de ghás nádúrtha san Eoraip faoi láthair, agus chun allmhairí de ghás nádúrtha leachtaithe a laghdú, ar féidir luachanna níos airde a fháil air san Áise. Sa chás sin, is cosúil go gcloífear le ceithre phríomhtheorainn oibríochta (féach Fíor 1 thíos).



Fíor 1: Na príomhtheorainneacha oibríochta ar cosúil go gcloífear leo sa líonra tarchurtha agus soláthróirí ag iarraidh na hinstealltaí de ghás nádúrtha ó oirthuaisceart na Fraince a uasmhéadú

([14]) Foraithne Uimh. 2020-456 maidir le PPE.

(45) Cuireann an mhodheolaíocht san áireamh go mbíonn stoic de ghás nádúrtha leachtaithe ag teastáil ó sholáthróirí gáis nádúrtha chun freastal ar an éileamh ó thomhaltóirí, ach níl aon srianadh orthu a mhéid a bhaineann leis an gcaoi a ndáiltear stoic de gháis nádúrtha leachtaithe idir na ceithre chríochfort GNL sa Fhrainc.

(46) I gcás ina bhfuil srianadh i gceist, glactar leis go n-úsáideann oibreoirí córais tarchurtha toilleadh in-idirbhriste na n-idirnascairí ar dtús chun plódú a réiteach. Má leanann an plódú, tugtar faoi deara toirt an gháis nádúrtha ar ghá a bhaint ón mbonneagar stórála faoi thalamh iartheachtach ón bpointe plódaithe.

(47) Ar an gcaoi sin, féadfar na stoic gáis nádúrtha faoi thalamh a leagan síos a bheidh ag teastáil iartheachtach ó gach pointe plódaithe ionas go bhféadfaí gás nádúrtha a sheachadadh laistigh den líonra tarchurtha.

(48) Nuair a chuirtear an modh sin i bhfeidhm maidir le geimhreadh 2018-2019 i ndáil leis na príomhphointí plódaithe ar dócha a bheith ann nuair a iarrann soláthróirí na hinstealltaí de ghás nádúrtha ó oirthuaisceart na Fraince a uasmhéadú, is iad seo a leanas na toirteanna oibre comhcheangailte íosta a mheastar a bheidh ag teastáil ó shaoráidí stórála faoi thalamh:

— 16 TWh iartheachtach ó phointe plódaithe NS4 (saoráidí stórála Izaute, Lussagnet agus Manosque);

— 54 TWh iartheachtach ó phointe plódaithe NS3 (saoráidí stórála Céré-la-Ronde, Chemery, Izaute, Lussagnet agus Manosque);

— 55 TWh iartheachtach ó phointe plódaithe NS2 (saoráidí stórála Céré-la-Ronde, Chemery, Etrez, Izaute, Lussagnet, Manosque agus Tersanne);

— 64 TWh iartheachtach ó phointe plódaithe NS1 (saoráidí stórála Beynes, Céré-la-Ronde, Chemery, Etrez, Germigny-sous-Coulomb, Gournay-sur-Aronde, Izaute, Lussagnet, Manosque, Saint-Illiers-la-Ville agus Tersanne).

3.4.3. *Liosta de na saoráidí a thagann faoi raon feidhme na rialála*

(49) Thug údaráis na Fraince le fios, ós rud é nach bhféadfaí an obair chun bonneagar fíor-riachtanach a aithint a chur i gcrích sách luath i dtaca le geimhreadh 2018-2019, gur cuireadh an sásra rialála i bhfeidhm mar bheart sealadach don bhliain 2018-2019 maidir leis na saoráidí stórála gáis nádúrtha go léir sa Fhrainc. Aithníodh le clár fuinnimh ilbhliantúil 2016 go raibh gá leis na seirbhísí sin ar mhaithe le slándáil an tsoláthair ([15]).

(50) Le Foraithne an 26 Nollaig 2018 ([16]) ina dhiaidh sin, baineadh ón liosta bonneagair riachtanaigh na trí láithreán ag Storengy a ritear le toilleadh laghdaithe (Soings-en-Sologne, Saint-Clair-sur-Epte agus Trois-Fontaines) agus tionscadail chéim 1 Lussagnet (Teréga) agus Manosque 2 (Géométhane). Níor úsáideadh an bonneagar sin ón tráth a tugadh isteach rochtain rialáilte ar shaoráidí stórála gáis nádúrtha.

(51) Ar deireadh, maidir leis an tréimhse 2019-2023, leagtar amach i bhForaithne Uimh. 2020-456 maidir le PPE an bonneagar stórála gáis nádúrtha faoi thalamh nach mór a choimeád i mbun oibríochta chun slándáil an tsoláthair a choimirciú sa mheántéarma agus san fhadtéarma. Léiríonn sé toirt oibre 138,5 TWh agus toilleadh aistarraingthe 2 376 GWh/d ar leibhéal líonta de 45 % den toirt oibre:

Saoráid	Oibreoir	Bliain tosaigh dul ar seirbhís	Cineál stórála
Beynes	Storengy	1956	Uiscíoch
Céré-la-Ronde	Storengy	1993	Uiscíoch
Cerville-Verlaine	Storengy	1970	Uiscíoch
Chemery	Storengy	1968	Uiscíoch
Etrez	Storengy	1980	Fochla shalainn

([15]) Foraithne Uimh. 2016-1442 an 27 Deireadh Fómhair 2016 maidir le PPE (*décret n° 2016-1442 du 27 octobre 2016 relatif à la PPE*).
([16]) Foraithne Uimh. 2018-1248 an 26 Nollaig 2018 maidir leis an mbonneagar stórála gáis a bhfuil gá leis ar mhaithe le slándáil an tsoláthair (*décret n° 2018-1248 du 26 décembre 2018 relatif aux infrastructures de stockage de gaz nécessaires à la sécurité d'approvisionnement*).

Germigny-sous-Coulomb	Storengy	1982	Uiscíoch
Gournay	Storengy	1976	Uiscíoch
Lussagnet/Izaute	Teréga	1957	Uiscíoch
Manosque	Géométhane	1993	Fochla shalainn
Saint-Illiers-la-Ville	Storengy	1965	Uiscíoch
Tersanne/Hauterives	Storengy	1970	Fochla shalainn

Tábla 1: Suiteálacha stórála gáis nádúrtha a éilítear orthu fanacht i mbun oibríochta go dtí 2023

(52) Meastar sa chlár fuinnimh ilbhliantúil go dtiocfaidh laghdú ar riachtanais stórála le haghaidh na tréimhse 2024-2028. Féadfar an liosta bonneagair stórála a laghdú faoi thoilleadh aistarraingthe 140 Gwh/d ar a laghad ag 45 % den toirt oibre faoi 2026. I bhfianaise na neamhchinnteachtaí i ndáil leis na toirteanna a mbeidh gá leo ar mhaithe le slándáil an tsoláthair tar éis 2026, ba cheart na toirteanna sin a dheimhniú in 2023 agus a leagan amach sa chéad PPE eile.

3.5. **Toilleadh stórála a chur ar ceant**

(53) I gcomhréir le hAirteagal L.421-5-1 den Chód Fuinnimh, cuirtear toilleadh stórála rialáilte ar ceant de réir na nósanna imeachta a leagann CRE síos. Go háirithe, de réir chinneadh CRE an 22 Feabhra 2018, ritear na ceantanna le nialas mar phraghas forchoimeádta ([17]).

(54) Is mar a leanas torthaí an chéad cheant:

Tréimhse stórála	**Ioncam (EUR milliún)**	**Meánphraghas dámhachtana (EUR/MWh)**
2018-2019	68,4	0,53
2019-2020	233,6	1,80
2020-2021	504,6	3,85

Tábla 2: Torthaí na gceantanna agus ioncam ó dhíolacháin bhreise le linn na bliana

3.6. **Cumhdach ar ioncam údaraithe na n-oibreoirí stórála de réir mar a leagann CRE síos**

(55) Faoi Airteagal L.452-1 den Chód Fuinnimh "socrófar taraifí le haghaidh líonraí tarchurtha a úsáid … ar bhealach trédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach chun na costais uile a chumhdach a thabhaíonn oibreoirí córais tarchurtha agus oibreoirí an bhonneagair stórála dá dtagraítear in Airteagal L. 421-3-1, a mhéid a chomhfhreagraíonn na costais sin do chostais oibreoirí éifeachtúla".

(56) Foráiltear leis an airteagal céanna sin go "gcuirfear san áireamh leis na costais sin saintréithe na seirbhíse arna soláthar agus na costais a bhaineann leis an tseirbhís sin" agus, i gcás oibreoirí stórála, nach mór dóibh a chur san áireamh go háirithe "gnáth-thoradh ar an gcaipiteal arna infheistiú".

(57) Trí bhíthin Airteagal L.452-2 den Chód Fuinnimh, cumhachtaítear CRE chun na "modhanna a úsáidtear chun taraifí a shocrú le haghaidh líonraí tarchurtha gáis nádúrtha a úsáid" a leagan síos agus chun a iarraidh ar oibreoirí stórála an fhaisnéis is gá a sholáthar dó chun na taraifí sin a shocrú, go háirithe sonraí cuntasaíochta agus airgeadais.

(58) De thoradh na bhforálacha sin cumhachtaítear do CRE de réir an dlí ioncam údaraithe oibreoirí stórála a shocrú ar chaoi a gcumhdófar costais "oibreora éifeachtúil" agus a n-áiritheofar gnáth-thoradh ar an gcaipiteal a infheistíodh.

([17]) Cinneadh Uimh. 2018-039 an 22 Feabhra 2018 maidir leis na nósanna imeachta le haghaidh toilleadh stórála a dhíol i gcomhthéacs rochtain rialáilte do thríú páirtithe ar shaoráidí stórála gáis nádúrtha faoi thalamh sa Fhrainc a chur chun feidhme (*délibération n°2018-039 du 22 février 2018 portant décision relative aux modalités de commercialisation des capacités de stockage dans le cadre de la mise en œuvre de l'accès régulé des tiers aux stockages souterrains de gaz naturel en France*).

(59) Ghlac CRE cinneadh chun an t-ioncam údaraithe réamh-mheasta a shocrú, le haghaidh tréimhse rialála 2 bhliain ar dtús. Bhí an chéad taraif stórála bailí in 2018 agus in 2019 ("ATS 1") ([18]). Ansin rinne CRE an creat rialála le haghaidh oibreoirí stórála a chomhchuibhiú le creat na dtaraifí bonneagair eile. Tá feidhm ag an dara taraif stórála ("ATS 2") ó 2020 ar feadh tréimhse 4 bliana ([19]).

(60) Tá an cur chuige ginearálta maidir leis an ioncam údaraithe réamh-mheasta mar an gcéanna do na taraifí stórála éagsúla. Shocraigh CRE an t-ioncam údaraithe d'oibreoirí stórála *ex ante* ar bhonn réamhaisnéisí a sheol oibreoirí isteach, a ndéantar iad a choigeartú an bhliain dár gcionn agus a bhíonn faoi réir iniúchtaí *ex post*. Cuireann CRE costais oibreoirí stórála san áireamh a mhéid a mheastar go bhfuil siad éifeachtúil.

(61) I bhfianaise na sprioc-amanna an-ghearr chun an t-athchóiriú a chur chun feidhme áfach, cuireadh creat simplithe i bhfeidhm le haghaidh 2018 agus 2019. Do na chéad bhlianta sin, ghlac CRE creat taraifí ina ndearnadh na difríochtaí idir leibhéal réamh-mheasta na gcostas uile agus an ioncaim uile agus leibhéal iarbhír na gcostas uile agus an ioncaim uile a choigeartú go cúlghabhálach. Ráthaítear leibhéal taraifí leis an sásra sin a bheidh díreach mar an gcéanna le caiteachas agus ioncam iarbhír an oibreora i ndeireadh na dála. Le haghaidh na tréimhse 2020-2023, ba mhian le CRE síneadh a chur leis na prionsabail rialála lena ndreasaítear bonneagar stórála agus, tar éis dó a chuid anailísí a dhéanamh, ghlac sé le dul chun cinn seasmhach i gcostais oibreoirí i gcomhthéacs ina léirítear treocht ina bhfuil ídiú gáis nádúrtha ag dul i laghad.

(62) De réir an mhodha a leagann CRE amach, tá an t-ioncam údaraithe réamh-mheasta cothrom le suim na nglanchostas oibriúcháin measta, na gcostas caipitil rialála measta agus réiteach iarmhéid chuntas aisghlámtha na bliana roimhe sin ("CRCP").

Ioncam údaraithe = glanchostais oibriúcháin + costais caipitil rialála + cuntas aisghlámtha

(63) Ní chuirfear san áireamh ach gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme rialacháin agus na comhpháirteanna sin á ríomh.

3.6.1. *Glanchostais oibriúcháin*

(64) Comhfhreagraíonn na glanchostais oibriúcháin do na costais oibriúcháin chomhlána (costais fuinnimh, ídiú seachtrach, costais foirne, cánacha agus muirir) a bheadh ag "oibreoir éifeachtúil" tar éis ioncam oibriúcháin a bhaint (go háirithe, táirgeadh caipitlithe, ioncam nach dtagann ó tharaifí, brabúis nó caillteanais ó ghás nádúrtha stóráilte a cheannach/dhíol).

(65) I bhfianaise na sprioc-amanna gearra chun an t-athchóiriú a chur chun feidhme, ní raibh CRE ábalta a chinneadh cibé an raibh nó nach raibh costais na n-oibreoirí le haghaidh na tréimhse 2018-2019 ag teacht le costais "oibreora éifeachtúil". Mar thoradh air sin, ar deireadh, comhfhreagraíonn na costais a chuirtear san áireamh le linn na tréimhse sin do na costais iarbhír a íocann na hoibreoirí stórála, de réir mar a bhailíochtaíonn CRE iad. Maidir leis an taraif ATS 2, chuir CRE sásra rialála dreasaithe chun feidhme le haghaidh glanchostais oibriúcháin, cé is moite de roinnt nithe réamhshainithe áirithe. Le roinnt eisceachtaí, is é an t-oibreoir a íocfaidh aon chostas sa bhreis ar na costais oibriúcháin arna réamh-mheas le haghaidh thréimhse AST 2 nó fabhrófar aon chostas den sórt sin chuig an oibreoir.

3.6.2. *Costais chaipitil rialála*

(66) Bíonn dímheas ar chaipiteal seasta agus an toradh ar chaipiteal seasta san áireamh le costais chaipitil rialála. Dá réir sin, comhfhreagraíonn an mhír sin do shuim dhímheas an bhoinn sócmhainní rialáilte ("RAB"), an toradh ar chaipiteal seasta arna ríomh ar bhonn mheánchostas ualaithe an chaipitil ("WACC") do RAB a cuireadh i bhfeidhm cheana féin agus costas an fhéich le haghaidh sócmhainní atá á dtógáil ("AUC").

Costais chaipitil rialála = Dímheas RAB + RAB x WACC + AUC x costas an fhéich

(67) Dheimhnigh CRE go gcomhfhreagraíonn an mhodheolaíocht sin don chleachtas rialála le haghaidh saoráidí rialáilte sna margaí gáis nádúrtha agus leictreachais sa Fhrainc agus in Iarthar na hEorpa ([20]).

([18]) Cinneadh CRE Uimh. 2018-068 an 22 Márta 2018 maidir leis an taraif ar an mbonneagar stórála gáis nádúrtha faoi thalamh a úsáid ag Storengy, TIGF agus Géométhane ó 2018 ar aghaidh (*délibération de la CRE n°2018-068 du 22 mars 2018 portant décision sur le tarif d'utilisation des infrastructures de stockage souterrain de gaz naturel de Storengy, TIGF et Géométhane à compter de 2018*).

([19]) Cinneadh CRE Uimh. 2020-011 an 23 Eanáir 2020 maidir leis an taraif ar an mbonneagar stórála gáis nádúrtha faoi thalamh a úsáid ag Storengy, Teréga agus Géométhane.

([20]) Bunaíonn CRE an chomparáid sin ar an staidéar *Methodologies and parameters used to determine the allowed or target revenue of gas transmission system operators (TSOs)*, a rinne Economic Consulting Associates (ECA) don Ghníomhaireacht um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh (ACER).

(68) Chun leibhéal tosaigh an bhoinn sócmhainne rialáilte (RAB) a chinneadh an 1 Eanáir 2018 ("RAB tosaigh" nó "RAB oscailte"), úsáideann CRE modh na "gcostas eacnamaíoch reatha" ([21]). Áirítear leis sin glanluach eacnamaíoch sócmhainní a ríomh (i) ar bhonn luach cuntasaíochta comhlán na sócmhainní a chuirtear san áireamh i gcuntais na n-oibreoirí (costais foirgníochta stairiúla), (ii) arna choigeartú le haghaidh boilsciú, agus ansin (iii) arna dhímheas le haghaidh shaolré úsáideach na sócmhainní.

(69) Gach bliain, forbraíonn an bonn sócmhainne rialáilte (RAB) de réir:

— dímheas, bunaithe ar shaolré úsáideach na sócmhainní, a bhaintear ó RAB;

— infheistíocht nua curtha i bhfeidhm i seirbhís, lena méadaítear RAB;

— i gcás inarb iomchuí, sócmhainní a díchóimeáladh sula raibh siad dímheasta ina n-iomláine, rud a laghdaíonn RAB;

— athluacháil sócmhainní chun boilsciú a chur san áireamh (praghasinnéacs tomhaltóirí gan tobac san áireamh).

(70) Measann CRE gurb é an tomhas is ionadaíche ar luach tosaigh na n-infheistíochtaí a dhéanann oibreoirí ná luach comhlán na sócmhainní a dhéantar a thaifeadadh i gcuntais a gcuideachta. De réir CRE, tá an luach sin, a ndéanann iniúchóirí é a scrúdú mar chuid dá n-iniúchadh bliantúil, doiciméadaithe agus oibiachtúil. Tá an modh sin díreach mar an gcéanna leis an modh a cuireadh i bhfeidhm in 2002, tráth a rinneadh oibreoirí córais tarchurtha gáis nádúrtha a rialáil den chéad uair, agus úsáidtear an modh sin freisin le haghaidh críochfoirt GNL rialáilte sa Fhrainc.

(71) Níor chuir CRE san áireamh an costas a bheadh i gceist chun na sócmhainní a athsholáthar, ach áiríodh luach dímheasta, i gcomhréir leis an dímheas a thaifead na hoibreoirí stórála roimh 2018, ionas nach ngearrfaí costas ar an gcomhphobal a íocadh cheana féin nó nach gcuimseofaí dímheas sócmhainní a cuireadh san áireamh cheana féin.

(72) I gcás thromlach na sócmhainní, bíonn na tréimhsí dímheasa arna gcur i bhfeidhm ag oibreoirí ina gcuntais stairiúla comhchosúil leis na cinn a d'iarr siad ina dtograí maidir le taraifí. Comhfhreagraíonn siad freisin do na sonraí caighdeánacha don earnáil a tugadh le fios i dtíortha eile.

(73) A mhéid a bhaineann le gás cúisín ([22]), áfach, dhiúltaigh CRE iarraidh na n-oibreoirí go mbreithneofaí tréimhse dímheasa aonfhoirmeach 250 bliain. Chuir CRE san áireamh go ndearna oibreoirí an gás cúisín a dhímheas, murab ionann lena sócmhainní eile, le linn tréimhsí a bhí éagsúil ó oibreoir amháin go hoibreoir eile agus le himeacht ama (ó 25 bliana go 250 bliain). Mar thoradh air sin, chun bonn sócmhainne rialáilte (RAB) tosaigh na n-oibreoirí stórála a leagan síos, ghlac CRE le méid dímheasa ar ghás cúisín i gcomhréir leis an leibhéal dímheasa cuntasaíochta a thaifead gach ceann de na trí oibreoir. Don todhchaí, shocraigh sé an tréimhse dímheasa do ghás cúisín ag 75 bliana, a chomhfhreagraíonn do 3 athnuachan ar an lamháltas chun an uaimh faoi thalamh a oibriú ar feadh 25 bliana.

(74) Is mar a leanas an tsaolré úsáideach a réamh-mheasann CRE i gcomhair chatagóirí sócmhainní éagsúla na n-oibreoirí:

Catagóir sócmhainne	Saolré úsáideach
Gás cúisín	75 bliana
Toibreacha, uaimheanna, bailiú	50 bliain
Suiteálacha a phróiseáil, a chomhbhrú, a sheachadadh agus méadair a chur orthu	20-30 bliain
Réadmhaoin agus foirgnimh	30 bliain
Trealamh ilghnéitheach	10-15 bliana
Bogearraí, nithe beaga	5 bliana

Tábla 3: An tréimhse dímheasa lena nglactar de réir na catagóire sócmhainne

([21]) Leanann an modh sin as an Acht Airgeadais leasaitheach an 28 Nollaig 2001, lenar bunaíodh coiste speisialta (coiste Houri) chun an praghas ar cheart don Stát a ghearradh agus líonraí tarchurtha gáis nádúrtha á ndíol aige a chinneadh. Baineadh úsáid as modh inchomparáide chun luach a chur ar shócmhainní críochfort gáis nádúrtha leachtaithe agus dáileoirí gáis nádúrtha.

([22]) Is é 'gás cúisín' an gás a insteallar go buan i dtaiscumair faoi thalamh atá fíor-riachtanach chun na saoráidí stórála a oibriú mar bíonn sé ag teastáil chun brú stórála íosta a choinneáil lena gcumasaítear an toirt oibre a sholáthar ag an ráta aistarraingthe a éilítear (Cinneadh CRE Uimh. 2018-068, dá dtagraítear thuas).

(75) Chomh maith leis sin, in 2017 d'iarr CRE ar an sainchomhairleoir seachtrach […] iniúchadh a dhéanamh ar iarratas RAB tosaigh na n-oibreoirí stórála. Is é [EUR 3-5 bhilliún] toradh an ríomha le haghaidh Storengy.

(76) I gcás Teréga, i staidéar breise a rinne an tsainchomhairleoireacht PwC bunaithe ar chur chuige um shreabhadh airgid lascainithe meastar luach RAB mar [EUR 1-2 bhilliún].

(77) Chun an sásra rialála a chur chun feidhme, rinne CRE athbhreithniú ar na boinn sócmhainne rialáilte tosaigh a d'iarr na hoibreoirí stórála chun an measúnú eacnamaíoch neamhspleách ar mhargadhluach na sócmhainní a chur san áireamh. Ansin glac CRE na boinn sócmhainne rialáilte tosaigh seo a leanas:

Ón 1 Eanáir 2018 i leith	Storengy (EUR billiún)	Teréga (EUR billiún)	Géométhane (EUR billiún)
Arna iarraidh ag an oibreoir	4,0	1,37	0,20
Na boinn sócmhainne rialáilte a shocraigh CRE	3,5	1,15	0,19

Tábla 4: Boinn sócmhainne rialáilte tosaigh na n-oibreoirí stórála ar dháta theacht i bhfeidhm an rialacháin

(78) A mhéid a bhaineann leis an ráta toraidh ar chaipiteal, d'úsáid CRE modh WACC chun é a chur ar a chumas don oibreoir costais úis a mhaoiniú agus toradh a fháil ar chothromas atá inchomparáide leis an toradh a d'fhéadfadh sé a bhaint amach ar infheistíochtaí le leibhéil riosca inchomparáide. Thug CRE le fios go n-úsáideann rialtóirí Eorpacha modh WACC go minic chun an ráta toraidh a chinneadh i ndáil le sócmhainní bonneagair rialáilte.

(79) Ar bhonn staidéir eacnamaíocha agus saothar sainchomhairleoirí seachtracha ([23]), shocraigh CRE meánchostas ualaithe an chaipitil (WACC) ag 5,75 % le haghaidh 2018 agus 2019. Le haghaidh na tréimhse 2020-2023, ghlac CRE le meánchostas ualaithe an chaipitil ag 4,75 %. Tá an modh a úsáidtear chun meánchostas ualaithe an chaipitil a leagan síos le haghaidh ATS 2 díreach mar an gcéanna leis an modh a úsáideadh le haghaidh ATS 1. Tá bonn cirt leis sin i ngeall ar chostais mhaoiniúcháin níos ísle, an laghdú ar cháin chorparáideach atá beartaithe, chomh maith leis an méadú ar an mbéite sócmhainní. Léiríonn an méadú sin ar an mbéite sócmhainní breithniú ar an riosca airgeadais, go háirithe na costais tréigthe a íocann scairshealbhóirí i gcuideachtaí bonneagair gáis nádúrtha mar gheall ar an aistriú fuinnimh.

(80) In éagmais oibreora stórála inchomparáide a bheith liostaithe ar an stocmhargadh, ghlac CRE le meánchostas ualaithe an chaipitil ag oibreoirí córais tarchurtha gáis nádúrtha mar an ráta tagartha agus mhéadaigh sé é faoi phréimh riosca shonrach le haghaidh stórála. Tá an phréimh sin socraithe ag 50 bonnphointe mar gheall ar chomhchruinniú na saoráidí stórála, an riosca geolaíoch faoi thalamh agus an riosca inionadaitheachta maidir le críochfort GNL chomh maith le hidirnascairí le tíortha eile.

(81) Shonraigh CRE freisin go bhfuil an ráta toraidh sin níos ísle ná an ráta a tugadh d'oibreoirí rialáilte chríochfoirt GNL (7,25 % nuair a tháinig an beart i bhfeidhm), a bhfuil riosca níos mó ag baint lena ngníomhaíocht, go háirithe i dtéarmaí tráchtála, ós rud é go bhfuil críochfoirt GNL rialáilte agus neamhrialáilte araon ann agus líon níos lú custaiméirí i gceist. Ina theannta sin, rinne CRE tagairt don sampla den ráta toraidh 6,5 % a úsáideann rialtóir na hIodáile i ndáil le gás nádúrtha a stóráil.

3.6.3. *Infheistíocht*

(82) Gach bliain, faoi Airteagal L.421-7-1 den Chód Fuinnimh, cuireann oibreoirí stórála gáis nádúrtha faoi thalamh a gclár infheistíochta bliantúil faoi bhráid CRE lena fhormheas. Sa chomhthéacs sin, "áirithíonn CRE go ndéantar an infheistíocht is gá chun forbairt iomchuí a dhéanamh ar stóráil agus ar rochtain thrédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach uirthi".

(83) Sa dara taraif stórála, thug CRE dreasacht isteach chun costais na gcatagóirí éagsúla infheistíochta a rialú.

([23]) Go háirithe, moladh i dtuarascáil Compass Lexecon an 20 Márta 2017 go socrófar meánchostas ualaithe an chaipitil idir 4,2 % agus 5,8 %.

3.6.4. *Cuntas aisghlámtha*

(84) Socraíonn CRE an t-ioncam údaraithe ar bhonn réamhaisnéisí na n-oibreoirí i ndáil lena gcaiteachas agus a n-ioncam don bhliain dár gcionn. Tugadh isteach an cuntas aisghlámtha chun an difríocht idir an caiteachas réamh-mheasta nó ioncam réamh-mheasta agus an caiteachas nó ioncam iarbhír arna thaifeadadh le haghaidh roinnt míreanna réamhshainithe a chur san áireamh. Dá bhrí sin, cosnaítear oibreoirí ar an gcaoi sin ar éagsúlachtaí i míreanna caiteachais nó ioncaim áirithe. Úsáidtear an cuntas aisghlámtha freisin chun dreasachtaí airgid a íoc a leanann as sásraí rialála dreasaithe a chur i bhfeidhm agus chun aon ghnóthachan caipitiúil nó costas tréigthe a chur san áireamh, nuair atá siad bailíochtaithe ag CRE.

(85) Maidir leis an taraif ATS 1, sa chéad tréimhse de stóráil rialáilte, ghlac CRE creat taraifí ina ndearnadh na difríochtaí idir an caiteachas iomlán agus an t-ioncam iomlán a réamh-mheasadh agus an caiteachas iomlán agus an t-ioncam iomlán iarbhír a choigeartú go cúlghabhálach. Dá bhrí sin, ba "aisghlámadh 100 %" a bhí sa taraif agus ní dhearnadh aon mhíreanna costais ná ioncaim a dhreasú.

(86) Maidir leis an taraif ATS 2, sainmhíníonn CRE raon feidhme an chuntais aisghlámtha i gcomhréir leis an gcreat ginearálta do na taraifí go léir le haghaidh líonraí leictreachais agus bonneagar gáis nádúrtha. Dá bhrí sin, níl ach roinnt míreanna réamhshainithe áirithe faoi réir cumhdach *ex post* i ndáil leis na difríochtaí idir méideanna réamh-mheasta agus méideanna iarbhír tríd an gcuntas aisghlámtha. Baineann na míreanna sin le caiteachas infheistíochta agus ioncam ó dhíolacháin go háirithe. I gcodarsnacht leis sin, tá geall leis na costais oibriúcháin uile faoi réir dreasachta, a d'fhéadfadh a bheith iomlán (tá 100 % de na difríochtaí idir méideanna réamh-mheasta agus méideanna iarbhír ar chostas an oibreora nó fabhraítear chuig an oibreoir iad) nó i bpáirt (e.g. le haghaidh costais fuinnimh, i gcás ina bhfuil an dreasacht cothrom le 20 %, agus ina gcumhdaítear 80 % de na difríochtaí le haisghlámadh).

3.7. **Tairbhithe**

(87) Is iad oibreoirí an bhonneagair stórála gáis nádúrtha a thagann faoi raon feidhme an tsásra rialála atá mar thairbhithe an bhirt seo. Ón tráth a tháinig an beart i bhfeidhm, ba iad Storengy, Teréga agus Géométhane na tairbhithe.

3.8. **An beart a mhaoiniú trí tharaifí a ghearradh as an líonra tarchurtha a úsáid**

(88) Maoinítear ioncam údaraithe na n-oibreoirí stórála óna n-ioncam díreach agus, i gcás ina bhfuil sé sin níos lú ná an t-ioncam údaraithe, faightear é ó chúiteamh stórála freisin atá coibhéiseach leis an difríocht idir an t-ioncam údaraithe agus an t-ioncam díreach.

Cúiteamh = ioncam údaraithe - ioncam díreach

(89) Tagann ioncam díreach na n-oibreoirí ó cheantanna den chuid is mó, ach tagann sé ó chonarthaí fadtéarmacha stairiúla agus seirbhísí breise chomh maith.

(90) Bailíonn oibreoirí córais tarchurtha an cúiteamh stórála ó sheoltóirí gáis nádúrtha i bhfoirm muirear tiomnaithe, an "muirear stórála", a chorpraítear sa taraif a ghearrtar as an líonra tarchurtha a úsáid (taraif ATRT) de réir coinníollacha arna leagan síos ag CRE (féach aithris 21).

(91) Ba cheart a thabhairt faoi deara ar dtús go bhfuil dhá oibreoir córais tarchurtha sa Fhrainc, i.e. dhá oibreoir a fuair údarú chun píblínte tarchurtha gáis nádúrtha a úsáid faoi Airteagal L.431-1 den Chód Fuinnimh: GRTgaz agus Teréga (dá ngairtí tráth TIGF).

(92) Is cuideachta phoiblí theoranta é GRTgaz, a bhfuil ENGIE ina úinéir ar 75 % de agus Société d'Infrastructures Gazière ina úinéir ar 25 % de. Tá GRTgaz, atá faoi rialú ENGIE go díreach, neamhspleách ar chodanna eile dá ghnóthas atá comhtháite go hingearach (grúpa ENGIE) i gcomhréir leis an tsamhail d'oibreoir córais tarchurtha neamhspleách, lena n-áirítear go ndéantar gníomhaíochtaí an oibreora córais tarchurtha a scaradh ó ghníomhaíochtaí táirgthe agus soláthair ar bhealach éifeachtach ([24]).

([24]) Cinneadh CRE an 26 Eanáir 2012 maidir le ceadúnú GRTgaz (*Délibération de la CRE du 26 janvier 2012 portant décision de certification de la société GRTgaz*); Cinneadh CRE Uimh. 2019-135 an 25 Meitheamh 2019 maidir le ceadúnú Teréga a choinneáil ar bun tar éis trí héadáil ag Crédit Agricole Group ar shealúchais i gcuideachtaí táirgthe fuinnimh (*délibération n°2019-135 de la CRE du 25 juin 2019 portant décision sur le maintien de la certification de la société Teréga à la suite de trois prises de participation du groupe Crédit Agricole dans des entreprises de production d'énergie*).

(93) Mar a thugtar tuairisc air in aithris 9, tá 40,5 % de Terega faoi úinéireacht Snam, tá 31,5 % de faoi úinéireacht GIC, tá 18 % de faoi úinéireacht EDF Investissement agus tá 10 % de faoi úinéireacht Predica. Comhlíonann Terega na coinníollacha le haghaidh oibreoir córais tarchurtha neamhspleách chomh maith ([25]).

3.8.1. *Socraíonn CRE an muirear stórála arna chorprú sna taraifí a ghearrtar as an líonra tarchurtha a úsáid*

(94) I gcomhréir leis an séú fomhír d'Airteagal L.452-1 den Chód Fuinnimh, "is iad oibreoirí na líonraí a bhaileoidh na taraifí le haghaidh líonraí tarchurtha gáis nádúrtha a úsáid. Déanfaidh oibreoirí córais tarchurtha sciar den mhéid a bhailítear i gcomhréir leis na modhanna a leagann an Coimisiún um Rialú Fuinnimh síos a íoc leis na hoibreoirí stórála gáis nádúrtha faoi thalamh dá dtagraítear in Airteagal L. 421-3-1."

(95) Faoi Airteagal L.452-2 den Chód Fuinnimh, "socróidh an Coimisiún um Rialú Fuinnimh… na modhanna a úsáidtear chun taraifí a bhunú le haghaidh líonraí tarchurtha gáis nádúrtha a úsáid".

(96) Ar bhonn na bhforálacha sin, lena chinneadh Uimh. 2018-069 an 22 Márta 2018 ([26]), leag CRE síos nósanna imeachta chun an muirear stórála a ríomh, is infheidhme ón 1 Aibreán 2018.

(97) De réir CRE, ní mór an luach a bhaineann le "slándáil an tsoláthair" a léiriú leis an muirear stórála a íocann gach seoltóir, i.e. an luach saothair le haghaidh stórála lena dtugtar tosaíocht do ghás nádúrtha a sholáthar do chustaiméirí nach féidir a soláthar a bhriseadh, go háirithe custaiméirí baile.

3.8.2. *Íoc an mhuirir stórála ag seoltóirí agus é a thabhairt ar aghaidh chuig na custaiméirí deiridh*

(98) Maidir leis an oibleagáid atá ar sheoltóirí chun an muirear stórála a íoc, lena chinneadh an 22 Márta 2018, rinne CRE an muirear stórála a chorprú i dtaraifí ATRT trí fhorálacha nua a chur isteach i gCinneadh Uimh. 2018-022 an 7 Feabhra 2018 dá chuid maidir le coigeartú na taraife le haghaidh líonraí tarchurtha gáis nádúrtha GRTgaz agus TIGF a úsáid an 1 Aibreán 2018.

(99) Leanann sé ón leasú sin "go mbeidh aon seoltóir dá sanntar toilleadh seachadta docht ag pointe comhéadain dáilte iompair (PITD) amháin ar a laghad faoi réir muirear stórála bunaithe ar mhodhnú geimhridh na gcustaiméirí atá nasctha leis na líonraí dáilte gáis poiblí ina phunann ar an gcéad lá de gach mí".

(100) Tagraíonn "seoltóir" d'aon "duine nádúrtha nó duine dlítheanach a dhéanann conradh le hoibreoir córais tarchurtha maidir le gás a sheachadadh sa líonra tarchurtha. Féadfaidh an seoltóir a bheith ina chustaiméir incháilithe, ina sholáthróir nó ina ionadaí údaraithe." Sainmhínítear PITD mar "comhéadan fisiceach nó comhéadan barúlach idir líonra tarchurtha agus córas dáileacháin poiblí".

(101) Thairis sin, leanann sé ón bhfoclaíocht sa séú fomhír d'Airteagal L.452-1 den Chód Fuinnimh nach mór d'oibreoirí córais tarchurtha taraifí ATRT a ghearradh (féach aithris 94 – "ní mór na taraifí a bhailiú").

(102) A mhéid a bhaineann leis an muirear stórála a thabhairt ar aghaidh go dtí na húsáideoirí deiridh, thug CRE le fios go dtabharfaidh seoltóirí an muirear stórála ar aghaidh dá gcustaiméirí deiridh, agus go gcuirfear san áireamh é sa ríomh cúitimh faoin gcuid "tarchur" dá sonrasc. Níl liosta de na custaiméirí lena mbaineann ag CRE.

([25]) Cinneadh CRE an 26 Eanáir 2012 maidir le ceadúnú TIGF; Cinneadh CRE an 4 Feabhra 2016 maidir le ceadúnú TIGF a choinneáil tar éis do Predica bun a fháil in TIGF Holding (*délibération de la CRE du 4 février 2016 portant décision sur le maintien de la certification de la société TIGF à la suite de l'entrée de la société Predica dans le capital de TIGF Holding*).

([26]) Cinneadh CRE Uimh. 2018-69 an 22 Márta 2018 lena gcorpraítear muirear stórála sa taraif chun líonraí tarchurtha GRTgaz agus TIGF a úsáid (*délibération de la CRE n°2018-69 du 22 mars 2018 portant décision d'introduction d'un terme tarifaire stockage dans le tarif d'utilisation des réseaux de transport de GRTgaz et TIGF*).

(103) Go sonrach, níl an tabhairt ar aghaidh sin sainordaitheach ach amháin i gcás na dtaraifí rialáilte a bhaineann le gás nádúrtha a dhíol faoi Airteagail L.445-3 agus R.445-3 den Chód Fuinnimh ([27]). Maidir le tairiscintí margaidh, is de rogha an tsoláthróra é.

3.8.3. *Dáileadh cistí arna mbailiú ag oibreoirí córais tarchurtha i measc oibreoirí stórála de réir na nósanna imeachta a leagann CRE síos*

(104) I gcomhréir le cinneadh CRE maidir leis an muirear stórála, a luaithe a bhailítear an t-ioncam ón muirear stórála, íocann na hoibreoirí córais tarchurtha leis na hoibreoirí stórála éagsúla é i gcomhréir leis an gcúiteamh atá dlite ([28]). Comhfhreagraíonn an sciar a leithdháiltear ar gach oibreoir don chóimheas idir cúiteamh bliantúil réamh-mheasta an oibreora agus cúiteamh iomlán réamh-mheasta na n-oibreoirí stórála rialáilte uile, de réir mar a shocraíonn CRE. Sonraítear na sciartha sin go bliantúil i gcinneadh CRE lena ndéantar an muirear stórála a oiriúnú.

(105) Chuige sin, i gcomhréir le cinneadh CRE, déanann oibreoirí córais tarchurtha conradh le gach oibreoir stórála chun na socruithe a leagan amach maidir le cúiteamh a bhailiú agus a íoc, agus is é CRE a shocraíonn an costas a bhíonn air sin agus cumhdaítear é le hioncam údaraithe na n-oibreoirí. Le haghaidh 2018, ba é EUR 130 000 in aghaidh an oibreora córais tarchurtha in aghaidh an oibreora stórála an costas a bhí i gceist ([29]).

3.9. **Buiséad**

(106) Gach bliain, braitheann méid iomlán an chúitimh a íoctar le hoibreoirí rialáilte ar an ioncam ó cheantanna agus ar an ioncam údaraithe arna shocrú ag CRE. Bhí an cúiteamh a íocadh leis na trí oibreoir stórála rialáilte cothrom le EUR 528 milliún in 2018, EUR 540 milliún in 2019 agus EUR 251 mhilliún in 2020.

	2018 (EUR milliún)	**2019 (EUR milliún)**	**2020 (EUR milliún)**
Storengy	402	392	199
Teréga	101	113	25
Géométhane	26	36	28
Iomlán	528	540	251

Tábla 5: Leibhéal an chúitimh maidir le stóráil le haghaidh 2018, 2019 agus 2020

3.10. **Fad**

(107) Tháinig forálacha an Achta maidir le Hidreacharbóin a bhaineann leis an sásra chun oibreoirí stórála a rialú i bhfeidhm an 1 Eanáir 2018. Shocraigh CRE ioncam údaraithe na n-oibreoirí stórála ón 1 Eanáir 2018. Chomh maith leis sin, bhí an chéad cheant do thoilleadh stórála ar siúl ón 5 Márta 2018 go dtí an 29 Márta 2018 le haghaidh na tréimhse 2018-2019, agus bhí ceantanna eile ar siúl in 2019-2020 agus in 2020-2021 (féach Tábla 2 in aithris 54).

(108) Corpraíodh an muirear stórála sa taraif ATRT freisin le héifeacht ón 1 Aibreán 2018. Shocraigh CRE an t-ioncam údaraithe réamh-mheasta do thréimhse rialála 2 bhliain ar dtús. ([30]). Ansin rinne sé an creat rialála le haghaidh oibreoirí stórála a chomhchuibhiú le creat na dtaraifí bonneagair eile. Beidh an dara taraif stórála sin i bhfeidhm le haghaidh na tréimhse 2020-2023 ([31]).

([27]) Airteagal L.445-3 den Chód Fuinnimh: 'Cinnfear taraifí rialáilte maidir le gás nádúrtha a dhíol ar bhonn shaintréithe intreacha na soláthairtí agus na gcostas a bhaineann leis na soláthairtí sin. Cumhdóidh siad na costais sin go léir…'
Airteagal R.445-3 den Chód Fuinnimh: 'Leagfar síos foirmle taraife le haghaidh gach soláthróra lena léireofar an costas iomlán a bhaineann le gás nádúrtha a sholáthar. *Leis an bhfoirmle taraife agus na costais seachas na costais sin a bhaineann le soláthar, beifear ábalta an meánchostas a bhíonn ar ghás nádúrtha a sholáthar a chinneadh, agus socraítear na taraifí rialáilte maidir le gás a dhíol dá réir, i gcomhréir leis na coinníollacha mionsonraithe chun freastal ar na custaiméirí lena mbaineann.*
Áireofar leis na costais, seachas costais soláthair, go háirithe: …2. na costais a bhaineann le saoráidí stórála gáis nádúrtha, más iomchuí'.

([28]) Cinneadh Uimh. 2018-069, dá dtagraítear thuas, lgh. 7-8.

([29]) Cinneadh Uimh. 2018-069, dá dtagraítear thuas.

([30]) Cinneadh CRE Uimh. 2018-069 an 22 Márta 2018, dá dtagraítear thuas.

([31]) Cinneadh CRE Uimh. 2020-011 an 23 Eanáir 2020, dá dtagraítear thuas.

(109) Níor shocraigh údaráis na Fraince dáta deiridh don sásra. Rinneadh raon feidhme an tsásra a shainmhíniú leis an gclár fuinnimh ilbhliantúil (PPE) deireanach áfach ([32]) go dtí go ndéanfar PPE a leasú an chéad uair eile. Tá sé beartaithe an leasú sin a dhéanamh in 2023 agus déanfar é faoin 31 Nollaig 2028 ar a dhéanaí.

3.11. **Gealltanais**

(110) Rinne údaráis na Fraince dhá ghealltanas. Ar an gcéad dul síos, gheall siad go gcuirfidís tuarascáil faoi bhráid an Choimisiúin faoi dheireadh 2024. Is iad seo a leanas na pointí atá le cumhdach sa tuarascáil:

— faisnéis maidir le cur chun feidhme an bhirt le linn na tréimhse roimhe sin (2018-2023), go háirithe torthaí na gceantanna i dtéarmaí toirteanna agus praghsanna agus na méideanna luach saothair a fuarthas in aghaidh an láithreáin;

— forbhreathnú nuashonraithe ar fheidhmiú an mhargaidh gáis nádúrtha sa Fhrainc agus go háirithe ar na fachtóirí lena dtugtar údar le leanúint leis an mbeart le haghaidh na tréimhse 2023-2028, lena n-áirítear an raon difríochta, leibhéal an éilimh, an infheistíocht sa líonra gáis sa Fhrainc agus ar an gcoigríoch, agus an infheistíocht i gcríochfoirt GNL;

— faisnéis maidir le leasú an chláir fuinnimh ilbhliantúil (PPE) in 2023 agus aon tionchar a bheadh aige sin ar raon feidhme an bhirt;

— an modh chun an luach saothair arna ráthú le linn na tréimhse rialála 2023-2028 a ríomh. Má athraítear an modh ríofa, ba mhaith leis an gCoimisiún faisnéis a fháil faoi na cúiseanna leis an athrú sin;

— sonraí maidir le tionchar an bhirt ar iomaíocht, agus béim á leagan ar an saobhadh iomaíochta a d'fhéadfadh tarlú mar a aithnítear sa Chinneadh, e.g. tionchar an bhirt ar shaoráidí stórála gáis nádúrtha i mBallstáit chomharsanachta, ar idirnascairí agus ar chríochfoirt GNL na Fraince. Ba cheart tacú leis an bhfaisnéis sin le sonraí stairiúla maidir le húsáid na sócmhainní agus le hathruithe ábhartha ar an gcóras rialála i ndáil le gás nádúrtha a stóráil i dtíortha comharsanachta na Fraince. Ní mór measúnú a dhéanamh ar thionchar an bhirt ar thrádáil mhiondíola sa Fhrainc freisin agus é a chainníochtú.

(111) Ar an dara dul síos, geallann údaráis na Fraince go bhfoilseoidh siad an fhaisnéis seo a leanas ar shuíomh gréasáin cuimsitheach atá tiomnaithe do Státchabhair sa Fhrainc ([33]) agus ar an Modúl Dámhachtana um Thrédhearcacht: nasc le téacs iomlán an tsásra agus na nósanna imeachta chun é a chur i bhfeidhm; aitheantas thairbhithe an chistiúcháin; an cineál cistiúcháin; an méid a dheonaítear do gach tairbhí; dáta na dámhachtana; an cineál gnóthais (FBM/cuideachta mhór), an réigiún ina bhfuil an tairbhí bunaithe agus an phríomhearnáil eacnamaíoch ina n-oibríonn an tairbhí.

3.12. **Na forais chun an nós imeachta imscrúdaithe foirmiúil a thionscnamh**

(112) Thug an Coimisiún an réamhthuairim ina chinneadh tosaigh gur Státchabhair atá sa sásra rialála de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE a d'fhéadfadh a bheith comhoiriúnach leis an margadh inmheánach faoi Airteagal 107(3)(c) CFAE. Mar sin féin, le linn an nóis imeachta imscrúdaithe fhoirmiúil, léirigh an Coimisiún amhras faoi chomhréireacht an tsásra rialála agus an saobhadh iomaíochta a d'fhéadfadh tarlú.

(113) Go sonrach, fuair an Coimisiún, ar mhaithe le hioncam údaraithe na n-oibreoirí stórála a shocrú, go gcuireann CRE ar a gcumas toradh a fháil ar a gcaipiteal seasta. Agus an toradh sin á ríomh, déantar measúnú ar luach na sócmhainní rialáilte. Léirigh an Coimisiún amhras faoi phróiseas an mheasúnaithe eacnamaíoch neamhspleách ar mhargadhluach na sócmhainní nuair a thug CRE an sásra rialála isteach, lena bhféadfaí amhras a tharraingt ar chineál comhréireach an bhirt.

(114) I bhfianaise na faisnéise arna soláthar don Choimisiún le linn an nóis imeachta imscrúdaithe fhoirmiúil, ní fhéadfadh an Coimisiún a bheith cinnte nach mbeadh an sásra ina chúis le saobhadh iomaíochta. D'fhéadfadh saobhadh iomaíochta iomarcach tarlú idir (i) soláthróirí gáis nádúrtha sa Fhrainc agus soláthróirí gáis nádúrtha i mBallstáit eile, (ii) oibreoirí stórála gáis nádúrtha, ar láimh amháin, agus oibreoirí GNL agus idirnascairí, ar an láimh eile, agus (iii) oibreoirí stórála gáis nádúrtha sa Fhrainc agus oibreoirí stórála gáis nádúrtha i mBallstáit eile.

([32]) Foraithne Uimh. 2020-456 an 21 Aibreán 2020, dá dtagraítear thuas.

([33]) http://www.europe-en-france.gouv.fr/Centre-de-ressources/Aides-d-etat/Regimes-d-aides.

4. **BARÚLACHA ÓN BHFRAINC**

(115) Sheol an Fhrainc a cuid barúlacha chuig an gCoimisiún le barúlacha CRE in iarscríbhinn leo. Dá bhrí sin, meastar barúlacha CRE a bheith ina gcuid lárnach de bharúlacha na Fraince.

(116) Measann an Fhrainc nach bhfuil bonn cirt leis an amhras a chuir an Coimisiún in iúl i ndáil leis an athchóiriú ar chóras stórála an gháis nádúrtha.

4.1. **Cabhair a bheith ann**

(117) Ar an gcéad dul síos, ní aontaíonn an Fhrainc go mbeidh acmhainní an Stáit á n-úsáid leis an mbeart atá i gceist. Ina theannta sin, i dtuairim na Fraince, má éilítear ar oibreoir bogadh ó scéim chaibidlithe go dtí scéim rialáilte ní mheasfar é sin a bheith ina bhuntáiste eacnamaíoch ar bith don oibreoir sin. Ní aontaíonn an Fhrainc ach an oiread leis an tuairim go bhfuil oibreoirí idirnascairí agus críochfort GNL mar iomaitheoirí na n-oibreoirí stórála.

(118) Ansin, maidir le maoiniú a sholáthar trí bhíthin acmhainní Stáit, ní aontaíonn an Fhrainc leis an tuairim gur ranníocaíocht shainordaitheach atá i gceist le cuid de na costais a chumhdach a íocann oibreoirí saoráidí fíor-riachtanacha chun gás nádúrtha a stóráil. Íocann soláthróirí gáis nádúrtha an taraif a ghearrtar as líonraí tarchurtha gáis nádúrtha a úsáid mar mhalairt ar sheirbhís seachadta atá deartha chun ardleibhéal iontaofachta a áirithiú mar aon leis an gcumas fadtéarmach chun freastal ar leibhéal réasúnach éilimh ([34]).

(119) Tugann an Fhrainc faoi deara freisin nach sainordaitheach é an costas a chur ar aghaidh a bhaineann le húsáid an líonra tarchurtha chuig tomhaltóirí gáis nádúrtha ina gcuid billí ach amháin má roghnaigh tomhaltóir chun tairbhiú de tharaifí díolachán rialáilte. De réir na Fraince, ní dhéantar ach cion beag den ghás nádúrtha a sholáthraítear sa Fhrainc a thairiscint ag an taraif rialáilte ([35]); thairis sin, tá sé beartaithe deireadh a chur leis na taraifí díolacháin rialáilte le haghaidh gás nádúrtha de réir a chéile ([36]).

(120) Ina theannta sin, maidir leis an mbuntáiste a tugadh, tugann an Fhrainc dá haire, go gcuirtear san áireamh agus costas an chaipitil á chinneadh go nochtar gníomhaíochtaí rialáilte do riosca níos ísle, ós rud é go bhfuil an toradh ar chaipiteal infheistithe níos ísle i gcomparáid le gníomhaíochtaí neamhrialáilte. Ar an dara dul síos, conspóideann an Fhrainc an tuairim go mbíonn an t-ioncam a fhaigheann oibreoir stórála faoin scéim rialáilte níos airde go córasach ná an t-ioncam a fhaigheann an t-oibreoir céanna faoi scéim chaibidlithe ([37]). Tugann an Fhrainc dá haire freisin go bhfuil an creat rialála atá i bhfeidhm ó 2018 i leith siméadrach: d'fhéadfadh "cúiteamh" oibriú ina mhalairt d'ord agus d'fhéadfadh oibreoirí stórála é a íoc má tá a n-ioncam ó dhíolacháin níos mó ná an méid údaraithe a shocraigh CRE. Dá bhrí sin, ní féidir an tsamhail rialáilte a scaradh ó na hoibleagáidí agus an chailliúint deise eacnamaíche a mbíonn oibreoirí stórála faoina réir faoin tsamhail sin.

(121) Tharla an díluacháil EUR 494 mhilliún ar oibríochtaí stórála rialáilte ghrúpa ENGIE cúpla lá tar éis fhoilsiú na bparaiméadar a roghnaigh CRE maidir leis an taraif stórála, lenar léiríodh nach rabhthas ag súil a thuilleadh go bhféadfaí brabús a dhéanamh de thoradh dálaí margaidh fabhrach. Ar deireadh, tugann an Fhrainc faoi deara nár tháinig méadú ar ioncam oibreoirí stórála na Fraince idir 2017 agus 2018 de thoradh an sásra rialála a thabhairt isteach, cé is moite de Storengy. Tugann an Fhrainc dá haire, ar leibhéil raon difríochta inchomparáide, go bhfuil ioncam údaraithe Storengy faoin gcreat rialáilte níos ísle ná a ioncam ó dhíolacháin faoin scéim chaibidlithe.

(122) Measann an Fhrainc nach bhfuil sé iomchuí anailís a dhéanamh ar chás na n-oibreoirí stórála atá lonnaithe i mBallstáit eile nuair a bheidh measúnú á dhéanamh ar chineál roghnaitheach na buntáiste arna tabhairt. Luann sé an Chúirt Ghinearálta agus an Chúirt Bhreithiúnais, a fuair "gur féidir an coinníoll a bhaineann le roghnaíocht […] a mheasúnú ar leibhéal Ballstát aonair amháin" ([38]). I gcás ar bith, tugann an Fhrainc dá haire nach bhfuil oibreoirí stórála i mBallstáit eile i gcás fíorasach agus dlíthiúil inchomparáide i ndáil le cuspóir an bhirt atá i gceist, eadhon chun slándáil na soláthairtí gáis nádúrtha sa Fhrainc a ráthú.

([34]) De bhun Airteagal 14(4) de Threoir 2009/73/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir le comhrialacha don mhargadh inmheánach sa ghás nádúrtha agus lena n-aisghairtear Treoir 2003/55/CE.

([35]) De réir na Tuarascála ar an margadh miondíola le haghaidh an cheathrú ráithe de 2019 (*Observatoire des marchés de détail du 4e trimestre 2019*) a d'fhoilsigh CRE an 31 Nollaig 2019, tá rátaí an mhargaidh á n-íoc ag 66 % de na láithreáin chónaithe agus neamhchónaithe, fad is a ghearrtar an taraif díolacháin rialáilte ar 34 % díobh, agus gearrtar ráta an mhargaidh ar 91 % den ghás nádúrtha a sholáthraítear, fad is a ghearrtar an taraif díolacháin rialáilte ar 9 % de.

([36]) De bhun Airteagal 63 de Dhlí Uimh. 2019-1147 an 8 Samhain 2019 maidir le fuinneamh agus an aeráid.

([37]) Cé go raibh ioncam ó dhíolacháin íseal idir 2013 agus 2017, tá an t-ioncam údaraithe iomlán i bhfad níos ísle ná an láimhdeachas a bhain na hoibreoirí atá i gceist amach le haghaidh 2008-2012, i gcomhthéacs ina raibh raon difríochta mór ann.

([38]) Breithiúnas an 7 Samhain 2014, *Banco Santander* v *an Coimisiún*, T-399/11, EU:T:2014:938, mír 75; Breithiúnas an 11 Samhain 2004, *an Spáinn* v *an Coimisiún*. C-73/03, EU:C:2004:711, mír 28.

(123) Maidir le hoibreoirí idirnascairí, ar láimh amháin, agus oibreoirí críochfort GNL, ar an láimh eile, tugann an Fhrainc faoi deara go ndéantar na hoibreoirí sin go léir a rialáil sa Fhrainc ([39]). Dá bhrí sin, tá siad faoi réir sásraí rialála atá an-chosúil leis an sásra atá ar bun le haghaidh stórála, agus socraíonn an rialtóir méid ioncaim údaraithe le cur ar a gcumas dóibh a gcostais a chumhdach. Dá dhroim sin, measann an Fhrainc nach féidir é a bheith ina ábhar díospóide go dtugtar buntáiste roghnaitheach do na hoibreoirí sin leis an mbeart atá i gceist maidir le hoibreoirí idirnascairí gáis agus oibreoirí críochfort GNL.

(124) Maidir leis an éifeacht ar iomaíocht agus trádáil idir na Ballstáit, tá an Fhrainc den tuairim nach bhfuil oibreoirí idirnascairí agus críochfort GNL in iomaíocht le hoibreoirí stórála (féach aithrisí (133) et seq.).

4.2. **Comhoiriúnacht an bhirt leis an margadh inmheánach**

4.2.1. *Comhréireacht*

(125) Tugann an Fhrainc dá haire gur ghlac rialtóirí Eorpacha go forleathan leis an gcur chuige um rialachán bunaithe ar chostais oibreoirí. Ráthaítear leis an gcur chuige sin go bhfuil ioncam leordhóthanach ag oibreoirí chun a gcuid oibríochtaí a choimirciú agus áirithítear nach n-íocann tomhaltóirí deiridh as saoráidí stórála ar phraghas atá níos mó ná praghas na seirbhíse arna soláthar. Os a choinne sin, tugann an Fhrainc faoi deara go measann sí go mbeadh modh bunaithe ar leibhéil an raoin difríochta luaineach agus, ag brath ar luaineachtaí gearrthéarmacha sa mhargadhphraghas, go bhféadfadh nach gcuirfeadh sé ar a gcumas d'oibreoirí a gcostais a chumhdach nó go bhféadfaí, ar an láimh eile, brabúis mhíchuí a ghiniúint leis.

(126) Chun an taraif stórála a shocrú, ghlac CRE córas rialála bunaithe ar chostais a chumhdach má mheastar iad a bheith ina gcostais éifeachtúla arna n-íoc ag oibreoirí. Dá réir sin, socraíonn CRE méid ioncaim údaraithe le haghaidh gach oibreora chun costais oibriúcháin a chumhdach chomh maith le dímheas sócmhainní agus costas an chaipitil. Chun luach RAB tosaigh oibreoirí stórála an 1 Eanáir 2018 a ríomh, rinne CRE athmheasúnú ar luach comhlán sócmhainní na n-oibreoirí de réir na leabhar an 31 Nollaig 2016 (féach aithris (55) et seq. maidir le hioncam údaraithe a shocrú).

(127) Ina mhalairt de chás, soláthraíonn an Fhrainc faisnéis bhreise chun a léiriú go bhfaightear luachanna RAB le modhanna eile atá comhsheasmhach le modh CRE.

(128) Cinntear luach na n-oibreoirí stórála dá ngeallsealbhóirí trí rialacha cuntasaíochta a chur i bhfeidhm agus ar bhonn réamhaisnéisí ioncaim fadtéarmacha maidir lena n-oibríochtaí. I gcás Storengy, ghlac CRE luach RAB tosaigh EUR 3,5 billiún, agus cuireadh luach [EUR 3 go 5 bhilliún] i leith Storengy ar chlár comhardaithe ENGIE an 31 Nollaig 2016. I gcás Teréga, ghlac CRE luach RAB tosaigh EUR 1,156 billiún, agus cuireadh luach [EUR 1 go 2 bhilliún] i leith na hoibríochta stórála ar chlár comhardaithe na máthairchuideachta an 31 Nollaig 2016.

(129) Thug idirbhearta le déanaí léargas ar luach na ngnóthas agus luacháil na n-oibríochtaí stórála in idirbhearta. Mar shampla, bunaithe ar idirbhearta ina raibh scairchaipiteal Teréga i gceist in 2013 ([40]) agus 2015 ([41]), meastar a shócmhainní oibríochta stórála a bheith ar luach [EUR 1 go 2 bhilliún].

(130) Thairis sin, luann an Fhrainc gur oibrigh sainchomhairleoirí seachtracha ar luachanna RAB na n-oibreoirí a ríomh chomh maith. I gcás Storengy, sa ríomh a rinne an sainchomhairleoir […] do CRE tugadh luach [EUR 3 go 5 bhilliún]. Tagraíonn an Fhrainc do staidéar a rinne PwC, arna choimisiúnú ag Teréga, ina dtugtar luach RAB idir [EUR 1 agus 2 bhilliún] in 2018.

(131) Ar deireadh, maidir le modh malartach, lena n-áirítear forbhreathnú stairiúil ar ioncam oibreora a tharraingt suas chun a cinneadh cibé ar cumhdaíodh nó nár cumhdaíodh infheistíocht roimhe seo leis, measann an Fhrainc nach mbeadh an modh sin ina bhonn fónta go leor chun luach RAB a chinneadh. Leis an modh sin, ní mór forbhreathnú a athchruthú, ó dháta an choimisiúnaithe tosaigh, i gcomhair na sócmhainní stórála is sine (ó dheireadh na 1950idí) agus na sreafaí airgid saora atá fágtha ag gach oibreoir i.e. an sreabhadh airgid atá le fáil don oibreoir tar éis a chuid riachtanas caipitil oibre, cánacha agus infheistíochtaí a mhaoiniú, ionas go bhféadfaí na figiúirí sin a chur i gcomparáid le luach comhlán a shócmhainní.

([39]) Cé is moite de GNL Dunkerque, lena mbaineann díolúine.
([40]) Cheannaigh cuibhreannas ina bhfuil GIC, Snam agus EDF an gnóthas TIGF.
([41]) Scaireanna TIGF á gceannach ag Prédica.

(132) Bheadh sé an-chasta an forbhreathnú sin a chur le chéile, ós rud é go mbeadh gá le cuardaigh uileghabhálacha bunaithe ar dhoiciméid agus mar gheall ar na hathruithe ar struchtúir eagrúcháin agus úinéireachta na ngnóthas stórála atá ann faoi láthair. I gcás Storengy, atá ina chuid de shamhail chomhtháite laistigh de Gaz de France/GDF Suez, ní mór cásanna gearrtha amach a tharraingt suas maidir leis an ngníomhaíocht chun an forbhreathnú stairiúil sin a athchruthú. Idir an dá linn, d'athraigh úinéireacht Teréga cúpla uair as a chéile.

4.2.2. *Éifeachtaí diúltacha ar iomaíocht agus ar thrádáil*

(133) A mhéid a bhaineann le saobhadh iomaíochta idir soláthróirí Francacha agus soláthróirí ó Bhallstáit eile a ghlacann toilleadh stórála sa Fhrainc, míníonn an Fhrainc nach mbaineann "náisiúntacht" an tsoláthróra le hábhar. Bíonn ceantanna poiblí oscailte do sholáthróirí údaraithe uile an gháis nádúrtha. Níl údarú chun gás nádúrtha a sholáthar teoranta do sholáthróirí Francacha agus d'fhéadfaí é a dheonú d'aon duine atá bunaithe i gcríoch Ballstáit de chuid AE ([42]). Ar an dara dul síos, cuireann údaráis na Fraince i dtábhacht, le haghaidh na seirbhíse seachadta céanna, go ngearrtar an taraif chéanna ar sholáthróirí Francacha agus a ghearrtar ar sholáthróirí ó Bhallstáit eile i ndáil leis na líonraí tarchurtha gáis nádúrtha a úsáid.

(134) Ina theannta sin, de réir na Fraince, ní bhíonn oibreoirí stórála in iomaíocht le hidirnascairí agus críochfoirt GNL. Ar an gcéad dul síos, tugann an Fhrainc dá haire nár mheas an Coimisiún riamh go raibh margadh aonair ann chun gás nádúrtha a stóráil, mar aon le saoráidí athghásaithe agus idirnascairí. Tugann an Fhrainc faoi deara freisin, i measúnuithe ar chumas an chórais gáis chun freastal ar leibhéal réasúnach éilimh, comhlánaíonn saoráidí fíor-riachtanacha chun gás nádúrtha a stóráil lánúsáid idirnascairí agus úsáid críochfort GNL ar lántoilleadh, i gcomhréir leis na stoic de ghás nádúrtha leachtaithe a bhfuil fáil orthu.

(135) Ina theannta sin, tugann an Fhrainc faoi deara gur admhaigh an Coimisiún, ar roinnt ócáidí, go raibh margadh ar leithligh ann le haghaidh gás nádúrtha a stóráil faoi thalamh, sa Fhrainc ([43]) agus i mBallstáit eile araon ([44]). Tar éis imscrúdú margaidh maidir le hidirbheart ar chríoch na Fraince, fuair an Coimisiún nach raibh stóráil ná cineálacha eile solúbthachta inionadaithe ([45]). Tugann an Fhrainc faoi deara freisin, go raibh an Coimisiún den tuairim, in dhá chinneadh, go raibh raon feidhme réigiúnach nó náisiúnta fiú ag an margadh stórála gáis nádúrtha ([46]).

(136) Measann an Fhrainc go bhfuil a cuid feidhmeanna agus gnéithe féin ag gach ionstraim sholúbthachta, lena gciallaítear nach féidir ionstraim sholúbthachta eile a chur ina hionad. Úsáidtear idirnascairí chun gás nádúrtha na tíre a sholáthar. Murab ann don stóráil, bheadh an acmhainneacht de dhíth ar idirnascairí chun soláthar an gháis nádúrtha ar fud chríoch na Fraince le linn amanna buaic-éilimh a ráthú. Ní leor an toilleadh ar scála den sórt sin. Thairis sin, shocraigh an tAontas Eorpach an cuspóir d'ídiú gáis nádúrtha a laghdú. Níl sé beartaithe aon infheistíocht eile a dhéanamh sna hidirnascairí atá i bhfeidhm faoi láthair sa Fhrainc. Dá bhrí sin, is cosúil gur ceist theoiriciúil amháin a bhí sa cheist a thug an Coimisiún chun suntais maidir le hiomaíocht agus comharthaí infheistíochta fadtéarmacha.

(137) Tugann críochfoirt GNL an rogha d'arbatráiste mar bhealach chun gás a sholáthar don tír ar chostas níos ísle. Tá infhaighteacht an gháis nádúrtha leachtaithe neamhchinnte agus braitheann sé go mór ar dhálaí soláthair agus éilimh ar fud an domhain a bhíonn ina gcúis le loingsithe a atreorú go minic. Ina theannta sin, bíonn toilleadh stórála teoranta ag críochfoirt GNL ([47]), nach bhféadfaí leas a bhaint astu ar feadh tréimhse níos faide ná 5 lá, fiú amháin sa chás is fearr. Bíonn sé sin níos giorra ná meánfhad na dtréimhsí fuara, a bhíonn idir 5 lá agus 15 lá, rud a chiallaíonn nach bhféadfaí loingsiú isteach a shocrú tapa go leor chun briseadh sa soláthar a sheachaint ([48]).

(138) Dá bhrí sin, tairgtear solúbthacht thras-séasúrach le saoráidí stórála gáis nádúrtha nach féidir a sholáthar le hidirnascairí i ndálaí eacnamaíocha inchomparáide ná le críochfoirt GNL. Ach ní féidir slándáil na soláthairtí gáis nádúrtha don tír a ráthú díreach toisc go bhfuil stoic fuinnimh sa Fhrainc amháin. Tá sé fós rí-thábhachtach idirnascairí agus críochfoirt GNL a úsáid chun gás a sholáthar don tír.

([42]) De bhun Airteagal L. 443-4 den Chód Fuinnimh.

([43]) Féach mar shampla Cinneadh ón gCoimisiún an 14 Samhain 2006 i gCás M.4180 – Gaz de France/Suez, mír 341.

([44]) Cinneadh ón gCoimisiún an 29 Meán Fómhair 1999 i gCás M.1383 – Exxon/Mobil, míreanna 69 agus 261; Cinneadh ón gCoimisiún an 25 Aibreán 2003 i gCás M.3086 – Gaz de France/Preussag Energie, mír 14; Cinneadh ón gCoimisiún an 21 Nollaig 2005 i gCás M.3696 – EON/MOL, mír 99; Cinneadh ón gCoimisiún an 19 Samhain 2013 i gCás M.6984 – EPH/Stredoslovenska Energetika, mír 24.

([45]) Cinneadh ón gCoimisiún an 8 Deireadh Fómhair 2004 i gCás M.3410 – Total/Gaz de France, mír 19.

([46]) Cinneadh ón gCoimisiún an 21 Nollaig 2005 i gCás M.3696 – EON/MOL, mír 130; Cinneadh ón gCoimisiún an 19 Samhain 2013 i gCás M.6984 – EPH/Stredoslovenska Energetika, mír 24.

([47]) 4,2 TWh á stóráil ar an meán i gcríochfoirt na Fraince le linn an gheimhridh.

([48]) 10 go 15 lá ag brath ar fhoinse an gháis.

(139) Dá bhrí sin, tá na cineálacha éagsúla bonneagair comhlántach agus níl siad in iomaíocht lena chéile chun slándáil an tsoláthair a choimirciú sa Fhrainc.

(140) Fiú dá measfaí go raibh idirnascairí, críochfoirt GNL agus saoráidí stórála gáis nádúrtha in iomaíocht, tugann an Fhrainc faoi deara go ndéantar idirnascairí agus críochfoirt GNL uile na Fraince a rialáil, cé is moite de chríochfort Dunkirk. Dá bhrí sin, comhfhreagraíonn brabúsacht an bhonneagair do ráta toraidh na sócmhainní arna shocrú ag CRE. Mar thoradh air sin, ní féidir tionchar a bheith ag cur chun feidhme na scéime rialála le haghaidh stórála ar bhrabúsacht aon bhonneagair rialáilte eile.

(141) Ina theannta sin, tugann an Fhrainc faoi deara go ndiúltaíonn an stair le déanaí d'aon hipitéis go bhfuil iomaíocht ann a dhéanann dochar d'idirnascairí nó do chríochfoirt GNL. Ó dheireadh 2018 i leith, tá na leibhéil úsáide i gcríochfoirt na Fraince agus i gcríochfoirt na hEorpa ard go leor i gcomparáid leis na 10 mbliana roimhe sin. Thairis sin, d'éirigh le hoibreoirí críochfort GNL le déanaí tús a chur le nósanna imeachta chun a dtoilleadh meántéarma a dhíol. Bhí tionchar suntasach ag rialáil na stórála, in éineacht le criosanna sa Fhrainc a chur le chéile, a rinneadh ag deireadh 2018, ar dhoimhneacht agus leachtacht an mhargaidh a fheabhsú sa Fhrainc agus in Iarthar na hEorpa.

(142) Conspóideann an Fhrainc freisin an tuairim go bhféadfaí dreasachtaí a laghdú i ndáil le húsáid a bhaint as críochfoirt GNL agus idirnascairí atá ann cheana féin, trí rialú an chórais stórála. Tagann na dreasachtaí sin ó chomharthaí praghais a sheolann na margaí gáis nádúrtha éagsúla ([49]). Sa chomhthéacs sin, is bealach breise í an stóráil chun an costas a bhaineann le gás nádúrtha a sholáthar a optamú agus margadhphraghsanna iomaíocha a áirithiú.

(143) Tugann an Fhrainc faoi deara maidir le cinntí chun infheistíocht a dhéanamh in idirnascairí agus críochfoirt GNL go mbíonn na cinntí sin bunaithe ar straitéisí soláthair nach mbíonn tionchar diúltach ag stóráil gáis nádúrtha orthu.

(144) Ar deireadh, measann an Fhrainc nach ndéanann an beart atá i gceist aon difear do chás na n-oibreoirí stórála i mBallstáit eile. Tugann údaráis na Fraince faoi deara, de thoradh ar dhearadh chóras gáis na Fraince, ina gcuirtear 100 % den toilleadh atá ar fáil ag idirnascairí san áireamh, go gcuirtear modhanna soláthair réamhtheachtaigh ó idirnascairí, go háirithe saoráidí stórála gáis nádúrtha i mBallstáit eile de chuid AE, san áireamh go huathoibríoch. Thairis sin, tugann údaráis na Fraince dá n-aire go ndéantar cuid de na saoráidí sin a rialú chomh maith.

(145) Díoltar toilleadh stórála trí cheantanna agus ar phraghas an mhargaidh. Dá dhroim sin, ní chuireann an beart atá i gceist oibreoirí stórála i mBallstáit eile faoi mhíbhuntáiste. Thairis sin, ní féidir ach éifeacht íosta a bheith ag an mbeart atá i gceist ar phraghas-mhúnlú. Is féidir thart ar 130 TWh ([50]) a stóráil sa Fhrainc, ar figiúr íseal é i gcomparáid leis na cainníochtaí arna dtrádáil ar an margadh. In 2018, rinneadh 28 220 TWh a thrádáil ar TTF ([51]).

(146) Dá bhrí sin, bíonn na hoibreoirí stórála go léir sna Ballstáit éagsúla faoi réir dálaí margaidh nach bhfuil tionchar rómhór ag saoráidí stórála na Fraince orthu agus, dá réir sin, ní fhéadfaí a mheas go laghdófaí a mbrabúsacht tríd an beart atá i gceist a thabhairt isteach.

(147) Tugann an Fhrainc faoi deara go bhfuil na leibhéil líonta ard ag saoráidí na Gearmáine agus na Beilge agus gur tháinig méadú ar na leibhéil sin idir 2018 agus 2019 ([52]). Léiríonn na leibhéil arda sin nach gcuireann rialáil na saoráidí stórála sa Fhrainc cosc ar oibreoirí i mBallstáit eile a dtoilleadh stórála go léir a dhíol i ndálaí margaidh fabhracha.

5. **BARÚLACHA Ó PHÁIRTITHE LEASMHARA**

(148) Fuair an Coimisiún barúlacha ó 18 bpáirtí leasmhara, a bhfuil trí cinn díobh ina dtairbhithe den bheart atá i gceist. Tugtar achoimre ar a mbarúlacha in aithrisí (149) go (233).

([49]) Praghas domhanda an gháis nádúrtha leachtaithe ar na margaí Eorpacha éagsúla.
([50]) Díolta le linn tréimhse 4 mhí.
([51]) Saoráid Aistrithe Teideal, ina ndéantar tromlach na trádála ar thodhchaíochtaí.
([52]) Ag méadú ó 88 % go 99 % agus ó 54 % go 97 % faoi seach.

5.1. **Barúlacha ó thairbhithe an bhirt**

5.1.1. *Géométhane*

(149) Cuireann Géométhane i dtábhacht na héifeachtaí dearfacha a thagann ó thabhairt isteach an bhirt i dtéarmaí slándáil fuinnimh de. Sheol Géométhane tuarascáil mhionsonraithe chuig an gCoimisiún chun tacú lena argóintí ([53]).

5.1.1.1. Cabhair a bheith ann

(150) De réir Géométhane, ar chúiseanna éagsúla ní Státchabhair atá sa bheart atá i gceist.

(151) Ar dtús, tugann Géométhane faoi deara nach n-úsáidtear acmhainní Stáit chun an beart a mhaoiniú ós rud é nach féidir a mheas gur ranníocaíocht shainordaitheach atá sa mhuirear stórála: aistrítear acmhainní idir oibreoirí príobháideacha amháin (soláthróirí gáis nádúrtha agus oibreoirí stórála), tá rialú teoranta ag an Stát ar na cistí, ní tharraingíonn an beart atá i gceist ar bhuiséad an Stáit, agus éilíonn sé ar oibreoirí na saoráidí stórála fíor-riachtanacha arna gcumhdach ag an scéim a choinneáil ar bun.

(152) Thairis sin, ní féidir a mheas go dtabharfaidh an beart atá i gceist buntáiste roghnaitheach d'oibreoirí stórála a oibríonn i gcíoch na Fraince maidir le hoibreoirí atá suite ar an gcoigríoch ós rud é nach bhfuil siad i gcás dlíthiúil agus fíorasach atá inchomparáide le cás na n-oibreoirí stórála atá suite ar chríoch na Fraince a mhéid a bhaineann le cuspóir an bhirt atá i gceist. Ina theannta sin, níl oibreoirí ionstraimí solúbthachta eile i gcás dlíthiúil agus fíorasach inchomparáide.

(153) Ar deireadh, luann Géométhane nach bhfuil tionchar ag an mbeart atá i gceist ar iomaíocht agus trádáil idir na Ballstáit.

5.1.1.2. Comhoiriúnacht na cabhrach

(154) Má suíodh go raibh an beart atá i gceist ina Státchabhair, áitíonn Géométhane gur cheart a mheas go bhfuil sé comhoiriúnach leis na rialacha maidir le Státchabhair. Rannchuidíonn an beart atá i gceist chun an tslándáil fuinnimh a áirithiú, rud atá ina chuspóir leasa choitinn. Thairis sin, tá an beart riachtanach agus iomchuí mar mhodh chun an cuspóir sin a bhaint amach, i bhfianaise na hanailíse ar bhearta malartacha.

(155) Tá éifeacht dreasachta ag tabhairt isteach an bhirt atá i gceist ós rud é, gan beart den sórt sin, mar gheall ar rátaí glactha ísle don toilleadh stórála agus an laghdú ar ioncam ó cheantanna de thoradh an laghdaithe ar raonta difríochta, go ndéanfadh na hoibreoirí stórála saoráidí a chur i leataobh, nó a dhúnadh go buan, saoráidí atá fíor-riachtanach chun slándáil na soláthairtí gáis nádúrtha sa Fhrainc a áirithiú.

(156) Tá údar le hioncam údaraithe a ríomh trí úsáid a bhaint as an modh luachála RAB bunaithe ar chostais eacnamaíocha atá ann faoi láthair agus tá sé comhréireach i bhfianaise an mhéid a leanas:

— bhí luach RAB faoi réir meastóireacht eacnamaíoch neamhspleách nuair a tugadh an sásra rialála isteach, trí bhíthin iniúchadh seachtrach a rinne an gnólacht sainchomhairleoireachta […];

— níor ghlac CRE leis an luach RAB tosaigh a mhol na hoibreoirí;

— tá modheolaíocht na gcostas eacnamaíoch atá ann faoi láthair bunaithe ar luach comhlán na sócmhainní de réir na leabhar ar mhaithe le luacháil RAB;

— leis an modheolaíocht sin is féidir an costas a bhaineann le sócmhainní a athsholáthar glan ar dhímheas a léiriú;

— tá feidhm ag an modheolaíocht maidir leis na taraifí go léir a bhaineann le bonneagar rialáilte sa Fhrainc;

— úsáideann beagnach na rialtóirí Eorpacha go léir an mhodheolaíocht.

([53]) *Tuarascáil theicniúil-airgeadais a tarraingíodh suas tar éis don Choimisiún Eorpach tús a chur le himscrúdú ar choinníollacha rialála i ndáil le gás nádúrtha a stóráil sa Fhrainc,* […] an 12 Meitheamh 2020.

(157) De rogha air sin, ní bheadh sé iomchuí luach RAB a leagan síos bunaithe ar an margadhluach mar a léirítear sna raonta difríochta mar ní chumhdófar costais na n-oibreoirí leis an modh sin, rud a bheadh in aghaidh an phrionsabail de chostais a chumhdach a leagtar amach i dTreoir 2009/73/CE. Dá bhrí sin, dá gcuirfí an margadhluach san áireamh chuirfí an sásra rialála i mbaol, a bhfuil sé d'aidhm aige a áirithiú go gcoinnítear saoráidí stórála, atá fíor-riachtanach le haghaidh fheidhmiú ceart an líonra tarchurtha, i mbun oibríochta. Ina theannta sin, tá riosca ró-íocaíochta ann má thagann méadú ar an raon difríochta. Tá luach RAB a chuireann CRE i bhfeidhm comhsheasmhach le margadhluach an bhonneagair sa mheántéarma agus san fhadtéarma.

(158) Ní bheadh sé iomchuí measúnú a dhéanamh ar cibé an raibh nó nach raibh an t-ioncam a gineadh sular tugadh an sásra rialála isteach leordhóthanach chun a gcostais infheistíochta tosaigh a chumhdach, ós rud é go mbeadh sé in aghaidh chleachtais na rialtóirí Eorpacha an t-ioncam sin a chur san áireamh agus go mbeadh sé casta agus neamh-iontaofa.

(159) Ar deireadh, tá bearta ar bun chun srian a chur ar raon feidhme oibreoirí chun brabús a dhéanamh (eadhon, meánchostas ualaithe an chaipitil, caidhp éifeachtach ar chostais le haghaidh oibreoirí bonneagair stórála agus sásra rialála dreasaithe).

(160) Ina mhalairt de chás, tugann Géométhane faoi deara go gcomhfhreagraíonn luach RAB a úsáideann CRE do luach idirbheart a rinneadh le déanaí. In 2016, rinneadh 98 % de scairchaipiteal Géosud, a bhfuil scair 50 % aige siúd in Géométhane, a aistriú ó Total, Ineos agus Géostock go dtí an gnóthas CNP Assurances ar […]. Dá bhrí sin, is féidir luach iomlán Géométhane a ríomh de réir mar a mheas an ceannaitheoir tráth an aistrithe sin, eadhon […] ([54]) (ar cuireadh […] leis mar shreabhadh airgid atá le fáil, lena bhfuarthas iomlán de […]). De réir Géométhane, tá an margadhluach sin comhsheasmhach […] le luach RAB EUR 188,9 milliún a thug CRE in 2018, a raibh sócmhainní a bhí á dtógáil in éineacht leis […].

(161) Leis an mbeart atá i gceist seachnaítear éifeachtaí diúltacha míchuí ar iomaíocht agus trádáil idir na Ballstáit.

— Níl aon saobhadh iomaíochta ann idir soláthróirí gáis nádúrtha Francacha agus soláthróirí gáis nádúrtha eachtracha. Trí sheirbhísí stórála a chur ar cheant áirithítear go gcaitear go cothrom le soláthróirí gáis nádúrtha Francacha agus soláthróirí gáis nádúrtha eachtracha araon. Leis an modh chun cúiteamh stórála a mhaoiniú a leagtar amach sa sásra rialála áirithítear freisin go gcaitear go cothrom le soláthróirí Francacha agus soláthróirí eachtracha araon. Ní thairbhíonn soláthróirí eachtracha de phraghsanna níos ísle ná a gcontrapháirtithe Francacha;

— ná níl aon saobhadh iomaíochta i ndáil le hoibreoirí stórála i dtíortha comharsanacha. Ón uair a tháinig an sásra rialála i bhfeidhm, tháinig méadú ar leibhéil líonta ar fud an Aontais Eorpaigh agus tá siad ag leibhéil an-ard anois;

— ná níl aon saobhadh iomaíochta idir oibreoirí stórála agus críochfoirt GNL nó idirnascairí ós rud é nach bhfuil críochfoirt GNL agus idirnascairí inionadaithe. Nuair a bhí cinntí á nglacadh aige maidir le cumaisc, shainigh an Coimisiún an margadh stórála gáis nádúrtha ina mhargadh ar leithligh. Is é gás nádúrtha a stóráil an rud is tábhachtaí, agus tá críochfoirt GNL agus idirnascairí comhlántach.

5.1.2. *Storengy*

(162) Cuireann Storengy i dtábhacht na héifeachtaí dearfacha a thagann ó thabhairt isteach an bhirt i dtéarmaí chuspóir na slándála fuinnimh de. Sheol Storengy tuarascáil mhionsonraithe chuig an gCoimisiún chun tacú lena argóintí ([55]).

5.1.2.1. Cabhair a bheith ann

(163) De réir Storengy, ar chúiseanna éagsúla ní Státchabhair atá sa bheart atá i gceist.

([54]) Lena gcruthaítear praghas ceannaigh (130,6)/(98 % x 50 %).

([55]) *Tuarascáil theicniúil-airgeadais a tarraingíodh suas tar éis don Choimisiún Eorpach tús a chur le himscrúdú ar choinníollacha rialála i ndáil le gás nádúrtha a stóráil sa Fhrainc,* […] an 12 Meitheamh 2020.

(164) Ar dtús, tugann Storengy faoi deara nach n-úsáidtear acmhainní Stáit chun an beart a mhaoiniú ós rud é nach féidir a mheas gur ranníocaíocht shainordaitheach atá sa mhuirear stórála, aistrítear acmhainní idir oibreoirí príobháideacha amháin (soláthróirí gáis nádúrtha agus oibreoirí stórála), tá rialú teoranta ag an Stát ar na cistí, ní tharraingíonn an beart atá i gceist ar bhuiséad an Stáit, agus éilíonn sé ar oibreoirí na saoráidí stórála fíor-riachtanacha arna gcumhdach ag an scéim a choinneáil ar bun.

(165) Thairis sin, ní féidir a mheas go dtabharfaidh an beart atá i gceist buntáiste roghnaitheach d'oibreoirí stórála a oibríonn i gcíoch na Fraince maidir le hoibreoirí atá suite ar an gcoigríoch ós rud é nach bhfuil siad i gcás dlíthiúil agus fíorasach atá inchomparáide le cás na n-oibreoirí stórála atá suite ar chríoch na Fraince a mhéid a bhaineann le cuspóir an bhirt atá i gceist. Ina theannta sin, níl oibreoirí ionstraimí solúbthachta eile i gcás dlíthiúil agus fíorasach inchomparáide.

(166) Ar deireadh, luann Storengy nach bhfuil tionchar ag an mbeart atá i gceist ar iomaíocht agus trádáil idir na Ballstáit.

5.1.2.2. Comhoiriúnacht na cabhrach

(167) Má suíodh go raibh an beart atá i gceist ina Státchabhair, áitíonn Storengy gur cheart a mheas go bhfuil sé comhoiriúnach leis na rialacha maidir le Státchabhair. Rannchuidíonn an beart chun an tslándáil fuinnimh a áirithiú, rud atá ina chuspóir leasa choitinn. Thairis sin, tá an beart atá i gceist riachtanach agus iomchuí mar mhodh chun an cuspóir sin a bhaint amach, i bhfianaise na hanailíse ar bhearta malartacha.

(168) Tá éifeacht dreasachta ag tabhairt isteach an bhirt atá i gceist ós rud é, gan an beart sin, mar gheall ar rátaí glactha ísle don toilleadh stórála agus an laghdú ar ioncam ó cheantanna de thoradh an laghdaithe ar raonta difríochta, go ndéanfadh na hoibreoirí stórála saoráidí a chur i leataobh, nó a dhúnadh go buan, saoráidí atá fíor-riachtanach chun slándáil na soláthairtí gáis nádúrtha sa Fhrainc a áirithiú.

(169) Tá údar le hioncam údaraithe a ríomh bunaithe ar mhodh luachála an bhoinn sócmhainní rialáilte bunaithe ar chostais eacnamaíocha atá ann faoi láthair agus tá sé comhréireach i bhfianaise an mhéid a leanas:

— bhí luach RAB faoi réir meastóireacht eacnamaíoch neamhspleách nuair a tugadh an sásra rialála isteach, trí bhíthin iniúchadh seachtrach a rinne an gnólacht sainchomhairleoireachta […];

— níor ghlac CRE leis an luach RAB tosaigh a mhol na hoibreoirí;

— tá modheolaíocht na gcostas eacnamaíoch atá ann faoi láthair bunaithe ar luach comhlán na sócmhainní de réir na leabhar ar mhaithe le luacháil RAB;

— leis an modheolaíocht sin is féidir an costas a bhaineann le sócmhainní a athsholáthar glan ar dhímheas a léiriú;

— tá feidhm ag an modheolaíocht maidir leis na taraifí go léir a bhaineann le bonneagar rialáilte sa Fhrainc;

— úsáideann beagnach na rialtóirí Eorpacha go léir an mhodheolaíocht.

(170) De rogha air sin, ní bheadh sé iomchuí luach RAB a leagan síos bunaithe ar an margadhluach mar a léirítear sna raonta difríochta mar ní chumhdófar costais na n-oibreoirí leis an modh sin, rud a bheadh in aghaidh an phrionsabail de chostais a chumhdach a leagtar amach i dTreoir 2009/73/CE. Dá bhrí sin, dá gcuirfí an margadhluach san áireamh chuirfí an sásra rialála i mbaol, a bhfuil sé d'aidhm aige a áirithiú go gcoinnítear saoráidí stórála, atá fíor-riachtanach le haghaidh fheidhmiú ceart an líonra tarchurtha, i mbun oibríochta. Ina theannta sin, tá riosca ró-íocaíochta ann má thagann méadú ar an raon difríochta. Tá luach RAB a thug CRE comhsheasmhach le margadhluach an bhonneagair sa mheántéarma agus san fhadtéarma.

(171) Ní bheadh sé iomchuí measúnú a dhéanamh ar cibé an raibh nó nach raibh an t-ioncam a gineadh sular tugadh an sásra rialála isteach leordhóthanach chun a gcostais infheistíochta tosaigh a chumhdach, ós rud é go mbeadh sé in aghaidh chleachtais na rialtóirí Eorpacha an t-ioncam sin a chur san áireamh agus go mbeadh sé casta agus neamh-iontaofa.

(172) Ar deireadh, tá bearta ar bun chun srian a chur ar raon feidhme oibreoirí chun brabús a dhéanamh (eadhon, meánchostas ualaithe an chaipitil, caidhp éifeachtach ar chostais le haghaidh oibreoirí bonneagair stórála agus sásra rialála dreasaithe).

(173) Leis an mbeart atá i gceist seachnaítear éifeachtaí diúltacha míchuí ar iomaíocht agus trádáil idir na Ballstáit.

— Níl aon saobhadh iomaíochta ann idir soláthróirí gáis nádúrtha Francacha agus soláthróirí gáis nádúrtha eachtracha. Trí sheirbhísí stórála a chur ar cheant áirithítear go gcaitear go cothrom le soláthróirí gáis nádúrtha Francacha agus soláthróirí gáis nádúrtha eachtracha araon. Leis an modh chun cúiteamh stórála a mhaoiniú a leagtar amach sa sásra rialála áirithítear freisin go gcaitear go cothrom le soláthróirí Francacha agus soláthróirí eachtracha araon. Ní thairbhíonn soláthróirí eachtracha de phraghsanna níos ísle ná a gcontrapháirtithe Francacha;

— ná níl aon saobhadh iomaíochta i ndáil le hoibreoirí stórála i dtíortha comharsanacha. Ón uair a tháinig an sásra rialála i bhfeidhm, tháinig méadú ar leibhéil líonta ar fud an Aontais Eorpaigh agus tá siad ag leibhéil an-ard anois;

— ná níl aon saobhadh iomaíochta idir oibreoirí stórála agus críochfoirt GNL nó idirnascairí ós rud é nach bhfuil críochfoirt GNL agus idirnascairí inionadaithe. Nuair a bhí cinntí á nglacadh aige maidir le cumaisc, shainigh an Coimisiún an margadh stórála gáis nádúrtha ina mhargadh ar leithligh. Is é gás nádúrtha a stóráil an rud is tábhachtaí, agus tá críochfoirt GNL agus idirnascairí comhlántach.

5.1.3. *Teréga*

(174) Cuireann Teréga i dtábhacht gurb é príomhchuspóir an athchóirithe ar an gcóras stórála go ndéanfaí slándáil na soláthairtí gáis nádúrtha sa Fhrainc a áirithiú, rud a bhí i mbaol sular tháinig an sásra rialála i bhfeidhm.

5.1.3.1. Cabhair a bheith ann

(175) Measann Teréga nach féidir an beart a aicmiú mar Státchabhair. Tugann Teréga faoi deara gur córais choitianta san Aontas Eorpach iad córais rialála bunaithe ar na prionsabail go ndéantar costais oibreora éifeachtúil a chumhdach agus ar ghnáth-thoradh ar chaipiteal infheistithe, agus ní mheastar gur Státchabhair atá iontu.

(176) Ar an gcéad dul síos, measann Teréga nach bhfuil sa bheart atá i gceist ach ionstraim rialaithe taraifí nach maoinítear trí bhíthin acmhainní an Stáit. Níl aon tionchar aige ar bhuiséad an Stáit agus ní ghintear aon chostas breise leis ar gá a thabhairt ar aghaidh go dtí na custaiméirí deiridh. Thairis sin, ní fheidhmíonn Stát na Fraince rialú rialtais ar na cistí a bhailíonn oibreoirí córais tarchurtha ná ar na hoibreoirí córais tarchurtha féin, atá ina ngnóthais faoin dlí príobháideach faoi rialú scairshealbhóirí ón earnáil phríobháideach den chuid is mó.

(177) Ansin, measann Teréga nach dtugann an beart atá i gceist aon bhuntáiste roghnaitheach do na hoibreoirí lena mbaineann. Tá an sásra rialála bunaithe ar cheantanna agus cuimsítear dreasachtaí éifeachtúlachta ann chomh maith, mar aon le hionstraim coigeartaithe *ex post* do na costais agus an t-ioncam go léir. Ina theannta sin, ciallaíonn cineál siméadrach an tsásra rialála nach gá go bhfaigheann oibreoirí stórála cúiteamh i gcónaí ach go bhféadfaí a éileamh orthu aon róchúiteamh a aisíoc.

(178) Thairis sin, maidir le critéar na roghnaíochta, measann Teréga nach bhfuil cás na n-oibreoirí eachtracha ábhartha nuair atá measúnú á dhéanamh ar an ngné sin. Tá oibreoirí stórála i gcás fíorasach agus dlíthiúil atá difriúil ar mórán bealaí le cás oibreoirí críochfort GNL agus oibreoirí idirnascairí, go háirithe maidir leis an gcuspóir de shlándáil na soláthairtí gáis nádúrtha sa Fhrainc a áirithiú.

(179) Ar deireadh, luann Teréga nach ndéanann an beart atá i gceist aon difear d'iomaíocht agus trádáil idir na Ballstáit. Sanntar toilleadh stórála trí cheantanna, ag úsáid sásra margaidh nach ndéanann idirdhealú in aghaidh oibreoirí atá suite i mBallstáit eile. Thairis sin, nuair atá cinntí á nglacadh maidir le cumaisc agus cleachtais fhrithiomaíocha, shainigh an Coimisiún i gcónaí go raibh an margadh stórála gáis nádúrtha ábhartha ar scála náisiúnta agus níor mheas sé riamh go raibh margadh ar scála níos mó ann, i dtéarmaí na seirbhísí atá i gceist nó i dtéarmaí tíreolaíochta. I gcás ar bith, níl an rialáil fhorleathan a dhéantar ar an mbonneagar gáis comhoiriúnach leis an tuairim go bhfuil saobhadh iomaíochta ar na margaí gáis nádúrtha.

5.1.3.2. Comhoiriúnacht na cabhrach leis an margadh inmheánach

(180) Fiú amháin, dá mbeadh an sásra rialála ina Státchabhair (rud nach bhfuil), áitíonn Teréga go gcomhlíonann an sásra rialála na coinníollacha go léir chun a bheith comhoiriúnach leis an margadh inmheánach de réir bhrí Airteagal 107(3)(c) CFAE.

(181) Measann Teréga go bhfuil cuspóir an bhirt atá i gceist ina chuspóir leasa choitinn mar tá sé d'aidhm aige slándáil na soláthairtí gáis nádúrtha a áirithiú sa Fhrainc. Tríd an méid gáis nádúrtha atá le fáil ag láithreáin stórála a mhéadú, féachtar leis an sásra rialála leibhéal slándála sonrach agus inchainníochtaithe a bhaint amach i ndáil leis an soláthar. Thairis sin, is idirghabháil a bhfuil gá léi ar thaobh an Stáit atá sa bheart atá i gceist, atá bunaithe ar mheasúnú réasúnach agus tugtar aghaidh leis ar fhabhtanna margaidh léir-shainaitheanta, amhail éagumas na dtomhaltóirí deiridh an luach a shannann siad do shlándáil an tsoláthair a léiriú (amhail an luach árachais nó luach córais). Ina theannta sin, cuireann Teréga i dtábhacht go bhfuil an beart atá i gceist ina mhodh iomchuí chun slándáil an tsoláthair ar chríoch na Fraince a neartú, ní hamháin i gcomparáid le bearta solúbthachta eile atá ar fáil, ach i gcomparáid le cineálacha eile rialála stórála freisin.

(182) Léiríonn Teréga amhras faoi réasúnaíocht an Choimisiúin sa Chinneadh Tosaigh maidir le comhréireacht an bhirt atá i gceist. Teorannaíonn an sásra rialála méid na cabhrach líomhnaithe go dtí an t-íosmhéid a éilítear. Tá an sásra rialála bunaithe ar an bprionsabal de chostais "oibreora éifeachtúil" a chumhdach, caidhp a chur ar ioncam oibreoirí stórála agus dreasachtaí ionsuite a bheith ann d'oibreoirí chun éifeachtúlacht a spreagadh i ndáil lena gcaiteachas oibriúcháin. Thairis sin, d'eagraigh CRE measúnú neamhspleách ar chostais lena áirithiú nach gcuirfear san áireamh ach costais inghlactha amháin. Thagair CRE do shraith de staidéir eacnamaíocha oibiachtúla, chomhaimseartha agus inchreidte a rinne saineolaithe neamhspleácha chun na sócmhainní rialáilte a luacháil. Maidir leis sin, tá an modh a úsáideann CRE chun na sócmhainní a luacháil comhsheasmhach le cleachtais rialtóirí Eorpacha eile agus comhfhreagraíonn sé do na cleachtais sin. I gcodarsnacht leis an méid a mholann an Coimisiún, measann Teréga dá gcuirfí ioncam réamh-rialála san áireamh le luach an bhoinn sócmhainní rialáilte gur ghá go mbeadh sé neamhiomlán in éagmais sonraí a bheith ar fáil agus, i gcás ar bith, go bhféadfadh sé a bheith i gcodarsnacht le prionsabail ghinearálta an dlí. Thairis sin, baineann obair CRE le costais oibriúcháin oibreoirí stórála chomh maith le luacháil a gcuid sócmhainní, faisnéis a cuireadh ar fáil go poiblí ar bhonn córasach i gcinntí CRE maidir le taraifí a shocrú, agus ar an gcaoi sin áirithítear go bhfuil an beart trédhearcach.

(183) Ar deireadh, tá Teréga den tuairim nach ndéantar iomaíocht a shaobhadh idir soláthróirí gáis nádúrtha atá suite sa Fhrainc agus soláthróirí gáis nádúrtha atá suite ar an gcoigríoch mar gheall ar an mbeart atá i gceist. Tá an beart atá i gceist neamh-idirdhealaitheach. Is féidir leis na soláthróirí miondíola go léir toilleadh a cheannach ag láithreáin stórála sa Fhrainc trí cheantanna. Chomh maith leis sin, íocann na soláthróirí miondíola uile a fhreastalaíonn ar chustaiméirí Francacha taraifí ATRT, agus tacaíonn siad leis an sásra cúitimh ar an gcaoi sin. Bíonn tionchar dearfach ag an mbeart ar na margaí miondíola le haghaidh gás nádúrtha fiú, trí thréimhsí ina mbíonn brú ar an gcóras a theorannú agus an riosca de phlódú sa líonra a laghdú. Agus níl aon saobhadh iomaíochta i gceist maidir le hoibreoirí GNL agus oibreoirí idirnascairí. Tá na hoibreoirí sin faoi réir rialáil shuntasach ar a gcuid ioncaim féin, agus seachas dul in iomaíocht le hoibreoirí stórála, comhlánaíonn siad a ngníomhaíochtaí chun slándáil an tsoláthair a áirithiú. Níl an beart atá i gceist i bhfabhar foinse soláthairtí gáis nádúrtha amháin thar fhoinse eile, ná ní chuireann sé cosc ar idirnascairí agus críochfoirt GNL a úsáid mar uirlisí comhlántacha agus ní dhéanann sé a leithéid a dhíspreagadh. Mar shampla, is léiriú ar an treocht sin iad na rátaí glactha toillte ag críochfoirt GNL Eorpacha le blianta beaga anuas. Ar deireadh, ní thugtar saobhadh iomaíochta isteach leis an mbeart atá i gceist i ndáil le hoibreoirí stórála eachtracha, ós rud é nach bhféadfaí iad a chur faoi mhíbhuntáiste leis na ceantanna, a úsáideann sásra bunaithe ar an margadh. Ina theannta sin, sa chleachtas, níor cuireadh bac ar an méadú ginearálta ar rátaí glactha na stórála san Eoraip de thoradh ar an mbeart a thabhairt isteach.

5.2. **Barúlacha ó pháirtithe leasmhara eile**

5.2.1. *Cumann Neamhspleách Leictreachais agus Gáis na Fraince (AFIEG)* ([56])

(184) Sholáthair AFIEG a bharúlacha faoin modh chun sócmhainní stórála a luacháil agus faoi scála na sócmhainní stórála a bheidh ag teastáil i dtéarmaí toirte agus ráta aistarraingthe chun slándáil an tsoláthair a áirithiú.

(185) Tugann AFIEG dá aire gur cuireadh deireadh leis an saobhadh iomaíochta a bhí ann roimh an athchóiriú, mar gheall ar easpa trédhearcachta an chórais a bhí ann roimhe sin.

([56]) Tugann AFIEG gnóthais Fhrancacha agus fochuideachtaí oibreoirí Eorpacha sna hearnálacha leictreachais agus gáis le chéile: Alpiq Energie France, BKW France, Endesa, Fortum France, Gazprom Energy, Total Direct Energie, Gazel Energie agus Vattenfall. Is comhaltaí comhlachaithe iad Enovos agus Primeo Energie.

(186) Maidir leis an modh a úsáidtear chun an bonn sócmhainní rialáilte a luacháil, níl figiúirí beachta ag AFIEG lena bhféadfaí luacháil CRE a dheimhniú, ach measann sé gur cheart tosaíocht a thabhairt don luach eacnamaíoch sin thar an luach de réir na leabhar. Tríd an luach eacnamaíoch a úsáid bheifí ábalta stoic ag tráth ar leith ("t") a léiriú seachas forbhreathnú níos stairiúla a thabhairt. Thairis sin, measann AFIEG go bhfuil luacháil an gháis cúisín ina gné bhunúsach de luacháil na sócmhainní stórála, agus dá bhrí sin, léirigh sé gur mian leis go gcuirfí san áireamh na rialacha dímheasa maidir leis an ngás cúisín arna roghnú i ndáil leis an tionchar airgeadais a bhíonn acu ar luach RAB. Ina theannta sin, tugann AFIEG dá aire nach bhfuil rioscaí gnó níos mó i gceist d'oibreoirí stórála ná mar a bhíonn i gceist d'oibreoirí an líonra tarchurtha. Dá dhroim sin, níor cheart an ráta toraidh ar luach RAB a úsáidtear le haghaidh oibreoirí stórála a bheith níos airde ná an ráta toraidh le haghaidh oibreoirí córais tarchurtha.

(187) Measann AFIEG maidir le scála na sócmhainní stórála a bheidh ag teastáil i dtéarmaí toirte agus ráta aistarraingthe chun slándáil an tsoláthair a áirithiú, gur cheart d'údaráis na Fraince an scála sin a laghdú chun cóimheas costais agus tairbhe na stórála a uasmhéadú do thomhaltóirí. Leag údaráis na Fraince amach na híosleibhéil stoic de ghás nádúrtha a éilítear chun slándáil an tsoláthair a áirithiú, eadhon ráta aistarraingthe 1 990 GWh/d agus toirt 64 TWh ([57]), cé go dtagraítear do ráta aistarraingthe 2 376 GWh/d agus toirt 138,5 TWh sa liosta a leagtar amach san Fhoraithne maidir leis an gclár fuinnimh ilbhliantúil le haghaidh 2023-2028. Measann AFIEG go bhfuil na figiúirí a leagtar amach san Fhoraithne maidir leis an gclár fuinnimh ilbhliantúil ró-ard i ndáil leis na riachtanais stórála is gá chun slándáil an tsoláthair sa Fhrainc a áirithiú. Dá bhrí sin, ba cheart na figiúirí a ísliú chun costais bhreise a sheachaint do na tomhaltóirí deiridh agus chun a áirithiú nach gcuirtear acmhainn solúbthachta gáis nádúrtha eile faoi mhíbhuntáiste. Ina theannta sin, tugann AFIEG faoi deara go bhfuil an figiúr a roghnaigh údaráis na Fraince chun riosca briste a chumhdach ródhian ag 2 % i gcomparáid le tíortha comharsanacha, ina bhfuil sé cothrom le 5 %.

5.2.2. *Cumann Gáis na Fraince (AFG)* ([58])

(188) I dtuairim AFG, is creat maith é an creat rialála maidir le gás nádúrtha a stóráil a thug údaráis na Fraince isteach an 1 Eanáir 2018.

(189) Measann AFG go bhfuil prionsabal na rialála costasbhunaithe mar bhonn taca faoin mbeart atá i gceist agus go ndéantar luacháil éifeachtúil agus chomhréireach ar shócmhainní mar thoradh air. Úsáideann tromlach na n-údarás rialála prionsabal na rialála costasbhunaithe agus tá feidhm aige maidir le gníomhaíochtaí tarchurtha, dáileadh an gháis nádúrtha agus críochfoirt GNL sa Fhrainc.

(190) De réir AFG, dá n-úsáidfí modh ina mbaintear leas as margadhphraghsanna seachas costais "oibreoirí éifeachtúla" d'fhéadfadh creat rialála leanúint as sin a bheadh éagobhsaí agus i bhfad ón toradh eacnamaíoch is inmhianaithe: dá mbeadh na raonta difríochta mífhabhrach, ní áiritheofaí leis an modh sin go gcumhdófaí costais na n-oibreoirí agus d'fhéadfadh siad a bheith i gcás criticiúil dá bharr. Os a choinne sin, dá mbeadh na raonta difríochta sa mhargadh an-fhabhrach, bheadh ioncam na n-oibreoirí ró-ard agus i bhfad ón luach is fearr do chustaiméirí a bhaineann leas as saoráidí stórála.

(191) De réir AFG, níor tharla saobhadh iomaíochta maidir le bonneagar gáis nádúrtha eile sa Fhrainc, críochfoirt GNL sa Fhrainc agus san Aontas Eorpach, nó oibreoirí stórála san Aontas Eorpach, de thoradh rialáil a dhéanamh ar shaoráidí stórála na Fraince. Maidir le críochfoirt GNL, tugann AFG faoi deara gur tháinig méadú faoi dhó ar an méid GNL a allmhairíodh isteach sa Fhrainc le 2 bhliain anuas, sin méadú ó 9,6 Gm^3 in 2017 go dtí 21,5 Gm^3 in 2019. Luann AFG chomh maith go bhfuil tionscadail chun críochfoirt GNL a fhorbairt á mbreithniú sa Ghearmáin faoi láthair. Maidir le hoibreoirí stórála san Eoraip, tugann AFG dá aire gur tháinig méadú ar na leibhéil líonta sa Ghearmáin, san Ísiltír agus sa Bheilg idir 2018 agus 2019, agus go raibh siad cothrom le 95 % ar a laghad in Iarthar na hEorpa i mí na Samhna 2019.

5.2.3. *Cumann Náisiúnta na Miondíoltóirí Fuinnimh (ANODE)* ([59])

(192) De réir ANODE, is le rialú na saoráidí stórála Francacha is féidir mianta na soláthróirí rialacha margaidh a bheith ann lena rialaítear toilleadh stórála a dhíol a réiteach le sásra rialaithe chun slándáil an tsoláthair a áirithiú.

([57]) Ordú an 13 Márta 2018 maidir leis na híosleibhéil de stoic gháis nádúrtha chun slándáil na soláthairtí gáis nádúrtha a ráthú ón 1 Samhain 2018 go dtí an 31 Márta 2019.

([58]) Is é AFG an comhlachas gairmiúil do thionscal gáis na Fraince. Is iad seo a leanas a chomhaltaí go léir: EDF, ENGIE, France Gas Liquides, Gazprom, GRDF, GRTgaz, Teréga agus Total. Chomh maith le comhaltaí iomlána, tá comhaltaí comhlachaithe, comhaltaí comhpháirtíochta agus comhaltaí atá ina ndaoine nádúrtha ón tionscal féin mar chuid den chomhlachas.

([59]) Déanann ANODE ionadaíocht thar ceann soláthróirí fuinnimh mhalartaigh sa Fhrainc. Is balleagraíochtaí de chuid ANODE iad EkWateur, Enercoop, Energie d'ici, Eni Gas & Power France, Greenyellow, Gaz Européen, Planète OUI, Plüm Energie, SAVE, Total Direct Energie, Vattenfall agus Wekiwi.

(193) Ina theannta sin, measann ANODE gur beart ríthábhachtach é athbhreithniú a dhéanamh go tráthrialta ar na spriocrátaí glactha agus ar na leibhéil líonta le haghaidh saoráidí stórála agus ar scála na sócmhainní a thugtar san áireamh sa sásra cúitimh chun críche slándáil an tsoláthair a ráthú chun a áirithiú go gcomhfhreagraíonn siad le riachtanais iarbhír. Áitíonn ANODE go mbaineann tábhacht bhreise leis an bpointe sin i bhfianaise gur ghlac an Fhrainc le laghdú 2 % san ídiú gáis nádúrtha, seachas giniúint an leictreachais […].

(194) Maidir leis an gcomhréireacht, measann ANODE gur gá do CRE a thabhairt san áireamh an taithí a fuarthas maidir le costais agus le hoibriú na saoráidí stórála chomh maith le laghdú ar an riosca a iompraíonn na hoibreoirí stórála. Ina thuairimse, ba cheart an ráta toraidh ar luach RAB le haghaidh oibreoirí stórála a ailíniú leis an ráta le haghaidh oibreoirí córais tarchurtha.

5.2.4. *An Coimisiún um Rialú an Leictreachais agus an Gháis (CREG)* ([60])

(195) Measann CREG nár cruthaíodh go mbíonn gach toilleadh stórála sa Fhrainc de dhíth i gcónaí chun slándáil na soláthairtí gáis nádúrtha a áirithiú. Úsáideann cairtfhostóirí cuid den ghás nádúrtha sin, agus b'fhéidir cuid shuntasach de, chun brabús dhéanamh i ndáil le hamhantraíocht ar an difríocht idir praghsanna samhraidh agus geimhridh le haghaidh an gháis nádúrtha. D'fhéadfadh an sásra cúitimh a bheith ina bhealach do chairtfhostóirí dá bhrí sin chun brabús a dhéanamh saor in aisce ar an ngás nádúrtha. Tugann sé sin buntáiste iomaíoch do chairtfhostóirí sa Fhrainc nach bhfuil ag cairtfhostóirí sna tíortha comharsanacha.

(196) Níl ach an t-aon saoráid stórála amháin le haghaidh gás nádúrtha ag an mBeilg ag láithreán Loenhout, arna hoibriú ag Fluxys Belgium ([61]). Measann CREG go bhfuil an láithreán sin in iomaíocht le láithreáin stórála eile in iarthuaisceart an Aontais Eorpaigh.

(197) Cé go raibh an raon difríochta idir praghsanna gáis nádúrtha idir an geimhreadh agus an samhradh ina cheann beag in 2017 agus in 2018, ba é an chaoi ar tháinig méadú sna háirithintí le haghaidh toilleadh stórála de bharr an tsaoráid stórála ba mhó sa Ríocht Aontaithe a bheith dofhaighte ar mhargadh iarthuaisceartach an Aontais Eorpaigh. Is míniú é sin ar na leibhéil líonta 87 % agus 84 % i gcás Loenhout do na séasúir 2016-2017 agus 2017-2018.

(198) Bhí an leibhéal líonta don séasúr 2018-2019 íseal áfach, agus é fosaithe ag 54 %, agus d'fhan an leibhéal líonta do AE-28 cuibheasach seasmhach. Tugann CREG dá aire gur tháinig méadú ar an leibhéal líonta le haghaidh saoráidí stórála sa Fhrainc ó 75 % don séasúr 2017-2018 chuig 94 % sa séasúr 2018-2019. Tá saoráidí stórála Francacha tar éis ról Loenhout mar fhoinse solúbthachta a ghlacadh chucu féin, ar saoráidí stórála iad a thairbhigh de tharaifí fíorísle faoi chreat tacaíochta rialála nua. Measann CREG dá bhrí sin go bhfuil tabhairt isteach an tsásra cúitimh Fhrancaigh tar éis tionchar fíorshuntasach a fheidhmiú ar Loenhout: níor fhan ach amháin oibreoirí margaidh ag a raibh conarthaí fadtéarmacha atá ann cheana ina n-oibreoirí gníomhacha ag láithreán Loenhout. Is é tuairim CREG é go gcuirtear iallach ar oibreoirí stórála i dtíortha comharsanacha le sásra cúitimh na Fraince a dtoilleadh stórála a dhíol ar a gcostas imeallach, nó fiú amháin ar chostas níos ísle.

(199) Thairis sin, tugann CREG dá aire gurbh eisceachtúil é an leibhéal líonta don séasúr 2019-2020, don Bheilg (97 %) agus do AE-28 (97 %) araon. Is féidir an leibhéal sin a mhíniú i bhfianaise phraghas fíoríseal an gháis nádúrtha le linn an tsamhraidh in 2019 agus i bhfianaise raon difríochta leathan.

(200) Is é conclúid CREG nach féidir a chur as an áireamh gurb é an sásra cúitimh a úsáidtear sa Fhrainc is cúis le saobhadh iomaíochta idir oibreoirí saoráidí stórála ar chríoch na Fraince agus iad siúd sna Ballstáit chomharsanacha, idir oibreoirí margaidh atá gníomhach ar an margadh Francach agus iad siúd atá gníomhach ar Bhallstáit chomharsanacha, agus idir oibreoirí stórála gáis nádúrtha ar láimh amháin agus oibreoirí GNL agus oibreoirí idirnascairí ar an láimh eile.

([60]) Is é CREG an rialálaí leictreachais agus gáis sa Bheilg.

([61]) Tá toilleadh stórála 780 milliún méadar ciúbach ag an láithreán (arb ionann é agus 9 TWh).

5.2.5. *[…]* ([62])

(201) Measann […] gur dianriachtanas é stoic an gháis nádúrtha a charnadh chun slándáil an tsoláthair a áirithiú sa ghearrthéarma, agus gurb iomchuí iad na prionsabail rialála a cuireadh chun feidhme in 2018. I bhfianaise gur mó é líon na stoc is gá chun slándáil an tsoláthair a áirithiú ná an líon "eacnamaíoch" ar a dtiocfadh an margadh go spontáineach, is gá forlíonadh a chur le hioncam na n-oibreoirí stórála.

(202) Ní mór raon feidhme an rialúcháin a bheith srianta don toilleadh stórála ar gá go docht é chun slándáil an tsoláthair a áirithiú áfach. Baineann tábhacht leis an bpointe sin chun a áirithiú nach n-iompraíonn tomhaltóirí deiridh costais iomarcacha. D'fhéadfadh raon feidhme rómhór a bheith díobhálach do shaoráidí stórála i mBallstát eile áfach, agus d'fhéadfadh tionchar a bheith aige ar chríochfoirt GNL agus idirnascairí.

(203) Aithníonn […] gur deacair an líon stórála is gá chun slándáil an tsoláthair a áirithiú a ríomh go beacht. Measann […] áfach go bhféadfaí gur gá gach saoráid stórála faoi thalamh a chur san áireamh nuair a chinntear scála na saoráidí is gá chun slándáil an tsoláthair a áirithiú. I bhfianaise na bhforbairtí le déanaí, measann […] go bhféadfaí úsáid níos mó d'acmhainní GNL a áireamh go sonrach sna cásanna ar ghlac an Fhrainc leo, rud a laghdódh an líon ba ghá chun slándáil an tsoláthair a áirithiú.

(204) Tá amhras ar […] freisin faoin gcinneadh chun raon feidhme an rialacháin a theorannú do shaoráidí stórála faoi thalamh amháin, go háirithe i bhfianaise an chaoi go n-aithnítear i reachtaíocht na Fraince go bhfuil soláthairtí á stóráil ag críochfoirt GNL, agus measann sé go bhféadfadh na soláthairtí sin cuidiú chun slándáil na soláthairtí gáis nádúrtha a áirithiú.

(205) Idir an meántéarma agus an fadtéarma, tá coinne leis ag […] nach foláir don Fhrainc díchoimisiúnú ar roinnt den bhonneagar gáis a bhainistiú. Dá dhroim sin, fiú dá laghdófaí an líon arbh éigean a choinneáil faoi stóras chun slándáil an tsoláthair a áirithiú de thoradh ar chumas allmhairiúcháin a neartú, d'fhéadfadh an mhalairt sin a bheith fíorchostasach ar deireadh thiar. Dá thoradh sin, chun slándáil an tsoláthair a áirithiú, dhealrófaí go mbeadh sé níos iomchuí na saoráidí stórála atá ann faoi láthair a úsáid seachas cumas allmhairiúcháin nua a thógáil.

5.2.6. *Cónaidhm Eorpach na dTrádálaithe Fuinnimh (EFET)* ([63])

(206) Tacaíonn EFET leis an athchóiriú a thug údaráis na Fraince isteach in 2018, lenar cruthaíodh margadh mealltach agus iomaíoch do stóráil an gháis nádúrtha sa Fhrainc.

(207) Maidir le comhoiriúnacht na cabhrach, ní chaitheann EFET amhras ar an modheolaíocht a úsáideadh chun an bonnluach ná an ráta toraidh ar chaipiteal a ríomh, arna shocrú ag CRE. Ba cheart go gcomhfhreagródh luach na sócmhainní rialáilte don bhonn sócmhainní rialáilte agus do ráta toraidh rialáilte.

(208) Ní chreideann EFET gur gineadh saobhadh na hiomaíochta idir oibreoirí stórála gáis nádúrtha na Fraince agus iad siúd i mBallstáit eile le tabhairt isteach an athchóirithe, mar a léirítear leis an méadú seasmhach ar rannpháirtíocht margaidh na n-oibreoirí sa Fhrainc agus ar an gcoigríoch ó 2018 i leith; ná gur gineadh saobhadh iomaíochta leis idir oibreoirí stórála gáis nádúrtha agus oibreoirí críochfoirt GNL, óir tá margadhluach na gcríochfort GNL tar éis a bheith ag ardú ó 2018 i leith.

5.2.7. *Elengy* ([64])

(209) Níor tháinig laghdú saorga ar dhreasachtaí chun críochfoirt GNL a úsáid ó thabhairt isteach an athchóirithe. Ar an gcéad dul síos, tá méadú tagtha ar an ngníomhaíocht ag críochfoirt Elengy ó cuireadh an beart chun feidhme, agus bhain sí leibhéil níos mó ná riamh amach in 2019 agus 2020.

(210) Ar an dara dul síos, feidhmíonn roinnt tosca tionchar ar an tóir a bhíonn ar chríochfoirt GNL: an bhearna idir margaí an Aontais agus na hÁise, taraifí, conarthaí fadtéarmacha a bheith ann, doimhneacht agus leachtacht an mhargaidh iartheachtaigh, solúbthacht an chríochfoirt, agus rialacha trádála. Ní bhíonn tionchar díreach ag an mbeart maidir le stóráil ar na tosca sin, ach baineann éifeachtaí dearfacha indíreacha leis. Chuidigh an t-athchóiriú le toilleadh stórála an Aontais a uasmhéadú tríd an margadh gáis nádúrtha san Aontas a dhoimhniú, lenar féidir an gás nádúrtha a stóráil agus costais do thomhaltóirí a laghdú nuair a bhíonn éileamh ard ar an ngás nádúrtha, agus tríd an leachtacht atá ar fáil ar mhargadh na Fraince a mhéadú.

([62]) […].
([63]) Tugtar níos mó ná 100 trádálaí fuinnimh le chéile in EFET, atá ag oibriú i níos mó ná 28 dtír Eorpacha.
([64]) Oibreoir críochfoirt GNL.

5.2.8. *Enovos* ([65])

(211) Measann Enovos nuair a bhíonn líon leordhóthanach gníomhaithe éagsúla ag glacadh rannpháirtíochta sa chóras, is é an margadh an uirlis is fearr le luach sócmhainne a shocrú. Is leis an sásra ceantála atá i bhfeidhm faoi láthair a áirithítear measúnú cóir ar an margadh. Má thagann cás as an gcóras ceantála ina n-íoctar luach saothair níos mó nó níos lú le gníomhaithe margaidh áirithe thar a chéile, is amhlaidh a dhéanfar coigeartuithe ag ceantanna sna blianta ina ndiaidh sin.

5.2.9. *Fluxys* ([66])

(212) Tugann Fluxys dá aire go bhfuil dúshláin shuntasacha os comhair na stórála gáis nádúrtha san Aontas le blianta beaga anuas, i bhfianaise go bhfuil sé ag éirí níos deacra d'oibreoirí stórála gáis nádúrtha costais oibriúcháin a chumhdach. Chun dul in oiriúint d'athruithe meara sa mhargadh, ní foláir samhail eacnamaíoch iomchuí a chur i dtoll a chéile ina léirítear luach na stórála gáis nádúrtha don chóras agus a rannchuidiú le slándáil an tsoláthair. D'fhéadfaí saobhadh iomaíochta le Ballstáit eile de chuid AE a chruthú dá mbunófaí sásraí tacaíochta go haontaobhach. Dá dhroim sin, ba cheart go mbeadh feidhm ag sásra cúitimh a bheadh bunaithe ar chritéir dhochta maidir le gach Ballstát de chuid AE.

5.2.10. *Cónaidhm Náisiúnta na Mianach agus an Fhuinnimh CGT (FNME-CGT)* ([67])

(213) De réir FNME-CGT, ba le hathchóiriú na stórála gáis nádúrtha sa Fhrainc a cuireadh ar a cumas an dá chuspóir seo a leanas a bhaint amach: an tslándáil fuinnimh a ráthú ar phraghas cóir do thomhaltóirí agus feidhmiú ceart an líonra tarchurtha a áirithiú chun an soláthar a chosaint.

(214) Measann FNME-GCT nach féidir an beart faoi thrácht a aicmiú mar Státchabhair. Ní fhéachann sí ar an gcúiteamh mar chúiteamh arna mhaoiniú le hacmhainní an Stáit. Thairis sin, ní muirear éigeantach atá sa bheart faoi thrácht nach bhfuil comaoin ar fáil mar mhalairt air, amhail cáin. Maíonn FNME-GCT freisin nach éigeantach é an costas a chur ar aghaidh a bhaineann le húsáid an líonra tarchurtha chuig tomhaltóirí gáis nádúrtha ina gcuid billí ach amháin má roghnaigh tomhaltóir chun tairbhiú de tharaifí díolachán rialáilte. Ina theannta sin, ní rialaíonn an Stát an t-ioncam ón muirear stórála ná bailiú cúitimh ag oibreoirí.

(215) Ní mheasann FNME-CGT go mbronntar buntáiste roghnaitheach leis an mbeart faoi thrácht i bhfianaise an chaoi a mbíonn oibreoirí stórála faoi réir oibleagáidí a cheanglaíonn orthu oibriú leanúnach a gcuid saoráidí a áirithiú. Thairis sin, ní mór d'oibreoirí aon ioncam barrachais a íoc ar ais le hoibreoirí líonra, óna dtiocfaidh cailliúint deise eacnamaíche.

(216) Má suíodh go raibh an beart faoi thrácht ina Státchabhair, bheadh sé comhoiriúnach leis an margadh inmheánach.

(217) Measann FNME-CGT go bhfuil an modh chun sócmhainní rialáilte a luacháil comhréireach leis an gcuspóir chun slándáil an tsoláthair a áirithiú. Ba le rialáil ioncam na n-oibreoirí ar bhonn costais atá rialaithe agus formheasta ag an údarás rialála náisiúnta a áirithíodh go n-íocann tomhaltóirí deiridh praghas a shocraítear roimh ré ar bhealach trédhearcach.

(218) Thairis sin, cuirtear modh ríomha RAB i bhfeidhm ar gach taraif le haghaidh bonneagar rialáilte sa Fhrainc, seachas dáileadh an leictreachais. Níorbh fhéidir easnaimh margaidh a cheartú le ríomh a bheadh bunaithe ar raonta difríochta samhraidh/geimhridh, ar mhargadh é nárbh fhéidir luach árachais na sócmhainní a léiriú i dtéarmaí praghsanna. Thairis sin, bhí luachanna RAB a mhol na hoibreoirí faoi réir iniúchóireacht neamhspleách arna coimisiúnú ag CRE, agus íslíodh luach RAB tosaigh ina diaidh. Ina theannta sin, tugtar san áireamh i luach RAB tosaigh luach dímheasta na sócmhainní. Is amhlaidh a áiríodh sócmhainní lán-dímheasta áirithe le luach RAB fiú, agus tugadh luach nialasach dóibh, rud a chiallaigh nach raibh aon toradh ann ar chor ar bith ar na sócmhainní sin.

(219) De réir FNME-CGT, tá gnéithe eile ann lena léirítear gur comhréireach é an beart: déantar raon feidhme an rialúcháin faoi PPE a athbhreithniú go tráthrialta, déantar cumhdach chostais na n-oibreoirí bonneagair gáis a theorannú do chostais a chomhfhreagraíonn do na cinn úd a bhíonn ag "oibreoirí éifeachtúla", tá an cúiteamh siméadrach, rud a choisceann aon riosca de róchúiteamh, agus is é is aidhm don rialúchán glacadh an toillte stórála, chomh maith leis an ioncaim ó cheantanna, a uasmhéadú.

([65]) Trádálaí in earnáil an fhuinnimh.
([66]) Oibreoir stórála gáis sa Bheilg.
([67]) Ceardchumann Francach atá cleamhnaithe le Cónaidhm Ghinearálta an tSaothair (CGT).

(220) Measann FNME-CGT nach raibh tionchar diúltach ag an mbeart ar an iomaíocht ná ar an trádáil. Ar an gcéad dul síos, cinntear an cúiteamh arna mhaoiniú ag gach soláthróir lena phróifíl ídithe, gan beann ar cé acu atá a chuid saoráidí lonnaithe ar chríoch na Fraince nó i dtír chomharsanach, agus is amhlaidh dá réir nach gcruthaítear saobhadh iomaíochta idir soláthróirí leis sin. Ar an dara dul síos, níl an stóráil in iomaíocht le GNL agus le hidirnascairí; is comhlántach iad sin ina ionad sin. Baineann saintréithe teicniúla agus srianta oibríochtúla le críochfoirt GNL ar sonrach don slabhra soláthair GNL iad. Cé go ndeartar saoráidí stórála le ceanglais a chumhdach le linn tréimhsí buaic-éilimh, is modhanna iad na críochfoirt GNL agus na hidirnascairí gáis chun gás nádúrtha a allmhairiú agus foinsí soláthair a éagsúlú. Ba mar gheall ar an gcomhlántacht idir saoráidí stórála agus críochfoirt GNL gurbh fhéidir GNL a allmhairíodh isteach san Aontas ar chostas íseal a stóráil, arb iad úsáideoirí gáis nádúrtha a thairbhíonn de. Ar an tríú dul síos, ní chruthaítear leis an mbeart faoi thrácht saobhadh iomaíochta maidir le hoibreoirí stórála i mBallstáit eile, mar a léirítear leis an gcaoi a bhfuil méadú tagtha ar rátaí glactha agus ar úsáid na saoráidí stórála san Aontas araon, agus iad ag leibhéil níos mó ná riamh anois.

(221) Murab ionann agus PPE, ní chreideann FNME-CGT go dtitfidh ídiú an gháis nádúrtha 2 % in aghaidh na bliana, i bhfianaise fhorbairt na n-úsáidí nua don ghás nádúrtha. Cuireann FNME-CGT i dtábhacht roinnt gnéithe de shlándáil an tsoláthair ar minic a dhéantar dearmad orthu nuair a bhíonn scála an bhonneagair á chinneadh, amhail an chaoi, i ngnáthdhálaí aimsire, a bhfuil an phríomhfhoinse soláthair scoite suas go 6 mhí.

5.2.11. *GRTgaz* ([68])

(222) De réir GRTgaz, dearadh na saoráidí líonra agus stórála chun oibriú le chéile agus is uirlisí riachtanacha iad araon le héileamh an gheimhridh a chumhdach. Rinne GRTgaz ionsamhlúcháin ag tús 2018 inar tugadh le fios go bhfuil riachtanas stórála idir 115 agus 125 TWh ann, agus cásanna aimsire a chomhfhreagraíonn do gheimhrí a chonacthas le déanaí á dtabhairt san áireamh. Tugann GRTgaz dá aire freisin nár leor na saoráidí stórála a líonadh chuig uasleibhéil, i.e. 135 TWh, le linn geimhreadh fuar ina bhfeictear tréimhse fhuar agus mura n-úsáidfí GNL.

(223) Idir 2012 agus 2018, d'eisigh GRTgaz foláirimh thráthrialta maidir leis na fadhbanna ar rátaí glactha neamhleora agus leibhéil líonta neamhleora ag saoráidí stórála faoi thalamh, agus go háirithe an riosca i dtéarmaí shlándáil agus leanúnachas an tsoláthair. Thairis sin, measann GRTgaz gur neartaíodh ról na saoráidí stórála i gcóras gáis na Fraince le cruthú an limistéir aonair (TRF) an 1 Samhain 2018.

5.2.12. *Stóráil Gáis na hUngáire* ([69])

(224) Tá stóráil an gháis nádúrtha ina ráthaíocht inti féin agus tugann sí luach don chóras, mar a léirítear le staidéir atá déanta ag an gcomhlachas Bonneagar Gáis na hEorpa. Ní léirítear an luach sin sna praghsanna ar an margadh ([70]). Beidh idirghabháil rialaitheach de dhíth dá bhrí sin ([71]), amhail an sásra a thug an Fhrainc isteach. Ráthaítear cothroime na hiomaíochta i gcóras na Fraince, atá margadh-bhunaithe, leis na foinsí eile solúbthachta. Coisctear an róchúiteamh, toisc go n-aisíoctar aon difríocht idir ioncam rialáilte agus ioncam ón margadh. Ráthaítear trédhearcacht an chúitimh leis na comhshocruithe a chuireann CRE i bhfeidhm. De thoradh thabhairt isteach an bhirt, ní bheidh aon saobhadh iomaíochta ar an margadh stórála ná i slabhra luacha an fhuinnimh. Feidhmíonn an beart i gceist mar eiseamláir do thíortha eile an Aontais.

5.2.13. *Total Direct Énergie* ([72])

(225) Mar a leagtar amach i bhForaithne PPE, socraíodh scála na sócmhainní is gá chun slándáil an tsoláthair a áirithiú ag 138,5 TWh, cé nár measadh ach 90 TWh a bheith riachtanach sa sásra stórála roimhe seo.

(226) Tá amhras ar Total Direct Énergie faoin bhfigiúr a nglactar leis d'úsáid idirnascairí, a sheasann ag 1 585 GWh/lae, agus is é 1 810 GWh/lae an toilleadh teicniúil. Ní dhealraítear go bhfuil údar leis an difríocht sin. Ba cheart an tréimhse seachadta do lastais, arb ionann agus 10 lá í, a nuashonrú agus ba cheart conarthaí daingne le haghaidh seachadtaí GNL a thabhairt san áireamh (lena bhféadfaí an mheántréimhse seachadta a ísliú). Ar deireadh, laghdaítear tairbhí GNL toisc nach dtugtar san áireamh ach amháin tréimhsí fuara a mhaireann idir 6 agus 9 lá.

([68]) Oibreoir córais tarchurtha gáis.
([69]) Oibreoir stórála gáis.
([70]) Study carried out by Gas Infrastructure Europe (GIE): Gas Storage Market Failures [Staidéar a rinne Bonneagar Gáis na hEorpa (GIE): Teipeanna Margaidh um Stóráil Gáis], Pöyry, Meán Fómhair 2017.
([71]) Study carried out by Gas Infrastructure Europe (GIE): Measures for a sustainable gas storage market [Staidéar a rinne Bonneagar Gáis na hEorpa (GIE): Bearta do mhargadh stórála gáis inbhuanaithe], FTI-CL Energy, Deireadh Fómhair 2018.
([72]) Gnóthas a oibríonn in earnáil an fhuinnimh.

(227) Thiocfadh barraíocht íocaíochta le hoibreoirí stórála go huathoibríoch ó rómheastachán a dhéanamh ar riachtanais bhonneagair. Ba cheart go dtabharfaí san áireamh le luach RAB tosaigh an dímheas a bhí tar éis tarlú cheana féin. Thairis sin, measann Total Direct Énergie go n-íoctar an iomarca as gníomhaíochtaí na n-oibreoirí stórála i gcomparáid leis na rioscaí a iompraítear. Ní bhíonn neamhchosaint ag na gníomhaíochtaí sin ar rioscaí níos mó ná mar a bhíonn os comhair oibreoirí an líonra tarchurtha. Níl aon údar dá bhrí sin le ráta toraidh níos airde. Ar an gcúis sin, níor cheart go mbeadh an ráta toraidh roghnaithe ar luach RAB níos airde ná an ráta toraidh le haghaidh TSOnna, atá socraithe ag CRE ag 5,25 % faoi láthair.

(228) Measann Total Direct Énergie freisin gurb é raon feidhme an bhirt is cúis le comharthaí praghais a shaobhadh ar na margaí mórdhíola, agus nach dtugtar spreagadh d'oibreoirí leis ionstraimí solúbthachta eile a úsáid (go háirithe idirnascairí agus GNL), d'ainneoin an oiread chéanna tábhachta a bheith leo. Tugann Total Direct Énergie dá aire go rachaidh comhaontuithe fadtéarmacha do ghlacadh toillte idirnascaire in éag sna blianta amach romhainn, ach nach dtugtar spreagadh d'athnuachan na gcomhaontuithe sin leis na comharthaí margaidh atá i réim faoi láthair.

5.2.14. *Uniper Energy Storage* ([73])

(229) Is fíor-riachtanach í infhaighteacht an toillte stórála chun oibriú iontaofa agus costéifeachtach an bhonneagair uile a úsáidtear in allmhairiú an gháis nádúrtha a áirithiú. Is amhlaidh áfach nach léirítear an chaoi ar cheart don mhargadh spreagadh a thabhairt d'úsáid iomlán an toillte stórála i ndálaí an mhargaidh le haghaidh stóráil faoi thalamh an gháis nádúrtha ([74]). Le blianta fada tá laghdú suntasach ar phraghsanna sa mhargadh feicthe ag oibreoirí na gcóras stórála. Is measa na himthosca sin de bharr na gcúinsí difriúla ar fud na hEorpa maidir leis an iomaíocht, ina bhfeictear éagsúlachtaí atá bunaithe ar na creataí náisiúnta difriúla a bhfuil feidhm acu ar an rochtain ar stóráil agus ar sholúbthacht (bídís ina gcreataí margadhbhunaithe nó rialáilte). Dá bhrí sin, ní foláir córais rialála náisiúnta do stóráil an gháis nádúrtha a chomhchuibhiú ([75]).

5.2.15. *Comhlachas Gairmiúil na nOibreoirí Gáis Príobháideacha (Uprigaz)* ([76])

(230) Tugann UPRIGAZ dá aire gur leasaigh an Fhrainc a sásra rialála maidir leis an stóráil cheana féin tar éis do UPRIGAZ caingean a thionscnamh in aghaidh mhí-úsáid cumhachtaí os comhair Chomhairle an Stáit ag tabhairt dúshláin in aghaidh an tsásra roimhe seo. Measann UPRIGAZ gurb iomchuí é an sásra nuashonraithe, agus go gceadaítear leis do theacht chun cinn an fhíorluacha margaidh le haghaidh táirgí stórála sa Fhrainc.

(231) Tá UPRIGAZ den tuairim nach féidir a mheas go gcuireann an sásra rialála do stóráil an gháis nádúrtha bac ar úsáid chríochfoirt GNL na Fraince agus na gceann úd atá suite i dtíortha comharsanacha. Cuireadh 9,6 Gm^3 amach as críochfoirt GNL na Fraince in 2017. Léirítear go soiléir sna toirteanna a cuireadh amach in 2018 (11,1 Gm^3) agus in 2019 (21,5 Gm^3) an tóir atá sa mhargadh ar chríochfoirt GNL na Fraince le linn na tréimhse sin. Is féidir an méid céanna a mhaíomh faoi chríochfoirt GNL sna tíortha comharsanacha; tháinig ardú géar ar thoirteanna a cuireadh amach as an mBeilg (ó 1,1 Gm^3 in 2017 chuig 6,7 Gm^3 in 2019) agus as an Ísiltír (ó 0,8 Gm^3 in 2017 chuig 7,9 Gm^3 in 2019).

(232) Measann UPRIGAZ freisin nach gcuireann an mhodheolaíocht atá á húsáid ag údaráis na Fraince, go háirithe an toimhde faoi infhaighteacht 100 % de thoilleadh iontrála docht ag pointí idirnascaire, srian leis an iomaíocht.

(233) Ar deireadh, measann UPRIGAZ nach dtugtar míbhuntáiste éagórach leis an mbeart faoi thrácht d'oibreoirí stórála na Fraince le hais a gcomhpháirtithe eachtracha.

6. **MEASÚNÚ AR AN GCABHAIR**

6.1. **Státchabhair de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE**

(234) Sainítear an státchabhair in Airteagal 107(1) CFAE mar "aon chabhair a thabharfaidh Ballstát nó a thabharfar trí bhíthin acmhainní Stáit i bhfoirm ar bith, agus a bhéarfaidh nó is baolach a bhéarfadh saobhadh ar iomaíocht trí thaobhú le gnóthais áirithe nó le táirgeadh earraí áirithe… a mhéid go dtéann sí i gcion ar an trádáil idir Ballstáit".

([73]) Oibreoir stórála gáis.

([74]) Studies carried out by Gas Infrastructure Europe (GIE): Gas Storage Market Failures [Staidéir a rinne Bonneagar Gáis na hEorpa (GIE): Teipeanna Margaidh um Stóráil Gáis], Pöyry, Meán Fómhair 2017 agus Value of the gas storage infrastructure for the electricity system [Luach an bhonneagair stórála gáis don chóras leictreachais], Artelys, Deireadh Fómhair 2019.

([75]) Study carried out by Gas Infrastructure Europe (GIE): Measures for a sustainable gas storage market [Staidéar a rinne Bonneagar Gáis na hEorpa (GIE): Bearta do mhargadh stórála gáis inbhuanaithe], FTI-CL Energy, Deireadh Fómhair 2018.

([76]) Tugtar le chéile in UPRIGAZ gnóthais a mbíonn baint acu leis an slabhra soláthair gáis iomlán nó le cuid de: Dalkia France, Eni, ENGIE, Equinor, ENGIE Cofely, Naturgy, Total Energie Gaz, Teréga agus Total Gaz Électricité Holdings France.

(235) Le go n-aicmeofaí beart mar Státchabhair, ní mór na critéir seo a leanas go léir a chomhlíonadh: (a) ní mór don bheart a bheith inchurtha i leith an Stáit agus a bheith arna mhaoiniú le hacmhainní an Stáit, (b) ní mór go dtugtar buntáiste roghnaitheach leis an mbeart ar dóigh dó a bheith i bhfabhar gnóthais áirithe nó táirgeadh earraí áirithe; agus (c) ní mór don bheart an iomaíocht a shaobhadh nó an baol ar shaobhadh ar iomaíocht a bhreith, agus ní mór ar dóigh dó dul i gcion ar an trádáil idir na Ballstáit.

6.1.1. *Acmhainní stáit agus a mhéid atá siad inchurtha i leith an Stáit*

(236) Chun go n-aicmeofaí bearta mar Státchabhair de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE, ní mór dóibh, ar an gcéad dul síos, a bheith deonaithe go díreach nó go hindíreach le hacmhainní an Stáit, agus ar an dara dul síos, a bheith inchurtha i leith an Stáit ([77]).

(237) Maidir leis an gcoinníoll ar dtús i ndáil lena mhéid atá an beart inchurtha, ní foláir scrúdú a dhéanamh cé acu ar cheart nó nár cheart féachaint ar na húdaráis phoiblí a raibh baint acu le glacadh an bhirt ([78]).

(238) Ba cheart go dtabharfaí dá aire gur bunaíodh an sásra rialála le dlí a glacadh in 2017 ([79]), ar leagadh síos a raon feidhme le foraithne ([80]) agus a leagtar síos na rialacha mionsonraithe de i gcinntí ar ghlac CRE leo, ar údarás riaracháin neamhspleách atá ann, faoi chuimsiú na gcumhachtaí a thugtar dó leis an dlí (féach aithrisí (15) go (17)). Go sonrach, is é CRE a cheapann na rialacha mionsonraithe chun acmhainneacht bonneagair fhíor-riachtanach a cheantáil, a chinneann ioncam údaraithe na n-oibreoirí stórála agus a leagan amach an mhodheolaíocht chun an muirear stórála a ríomh sna taraifí ATRT. Dá bhrí sin, ní mór a mheas go bhfuil an sásra rialála inchurtha i leith an Stáit.

(239) Maidir leis an gcoinníoll a bhaineann le maoiniú díreach nó indíreach le hacmhainní Stáit, is léir ó chásdlí na Cúirte Breithiúnais nach gá a shuí i ngach aon chás gur tharla aistriú acmhainní Stáit ar mhaithe leis an mbuntáiste a thugtar do ghnóthas amháin nó níos mó le gur féidir féachaint air mar Státchabhair de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE ([81]).

(240) Dhearbhaigh an Chúirt, go sonrach, gur féidir féachaint ar chistí arna maoiniú trí ranníocaíochtaí éigeantacha arna bhforchur le reachtaíocht Stáit, agus arna mbainistiú agus arna gcionroinnt i gcomhréir le forálacha na reachtaíochta sin, mar acmhainní Stáit de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE, fiú má riarann institiúidí atá difriúil leis na húdaráis phoiblí iad ([82]). Ní gá idirdhealú a dhéanamh idir institiúidí arna rialú leis an dlí poiblí nó leis an dlí príobháideach ([83]). Is é an toisc chinntitheach ina leith sin, an fíoras gurb é an Stát a cheapann na hinstitiúidí sin chun acmhainn Stáit a bhainistiú agus nach raibh siad faoi cheangal oibleagáid chun ceannach amháin trí mheán a n-acmhainní airgeadais féin ([84]). Sa bhreithiúnas *ENEA SA*, dhearbhaigh an Chúirt nár deonaíodh beart trí acmhainní Stáit sa chás nach bhféadfaí na costais bhreise de thoradh an bhirt sin a chur ar aghaidh chuig úsáideoirí deiridh ina n-iomláine ([85]). Thairis sin, is léir ó chásdlí na Cúirte go bhféadtar na rialacha mionsonraithe do ríomh na ranníocaíochtaí sin a chinneadh go beacht le rialúchán nó le cinneadh ó chomhlacht poiblí, amhail an t-údarás rialála náisiúnta, gan aicmiúchán "ranníocaíochtaí éigeantacha arna bhforchur le reachtaíocht an Stáit" a chur as an áireamh áfach ([86]).

([77]) Breithiúnas an 16 Bealtaine 2002, *Poblacht na Fraince* v *An Coimisiún*, C-482/99, EU:C:2002:294, mír 24; breithiúnas an 30 Bealtaine 2013, *Doux Élevage et Coopérative agricole UKL-ARREE*, C-677/11, EU:C:2013:348, mír 27, agus breithiúnas an 19 Nollaig 2013, *Association Vent De Colère! agus Eile*, C-262/12, EU:C:2013:851, mír 16.

([78]) Breithiúnas an 19 Nollaig 2013, *Association Vent De Colère! agus Eile*, C-262/12, EU:C:2013:851, mír 17 agus an cásdlí a luaitear.

([79]) Acht Uimh. 2017-1839 an 30 Nollaig 2017 lena gcuirtear deireadh le taiscéaladh agus astarraingt hidreacarbón agus lena leagtar síos forálacha éagsúla a bhaineann le fuinneamh agus an comhshaol.

([80]) Foraithne Uimh. 2020-456 maidir leis an gclár fuinnimh ilbhliantúil (PPE).

([81]) Breithiúnas an 16 Bealtaine 2002, *An Fhrainc* v *An Coimisiún*, C-482/99, EU:C:2002:294, mír 36; breithiúnas an 30 Bealtaine 2013, *Doux Élevage et Coopérative agricole UKL-ARREE*, C-677/11, EU:C:2013:348, mír 34; breithiúnas an 28 Márta 2019, *An Ghearmáin* v *An Coimisiún*, C-405/16 P, EU:C:2019:268, mír 55; agus breithiúnas an 20 Meán Fómhair 2019, *FVE Holýšov I e.a.* v *An Coimisiún*, T-217/17, EU:T:2019:633, mír 105.

([82]) Breithiúnas an 2 Iúil 1974, *An Iodáil* v *An Coimisiún*, C-173/73, EU:C:1974:71, mír 35; breithiúnas an 19 Nollaig 2013, *Association Vent De Colère! agus Eile*, C 262/12, EU:C:2013:851, mír 25; breithiúnas an 28 Márta 2019, *An Ghearmáin* v *An Coimisiún*, C 405/16 P, EU:C:2019:268, mír 58; agus breithiúnas an 20 Meán Fómhair 2019, *FVE Holýšov I e.a.* v *An Coimisiún*, T-217/17, EU:T:2019:633, mír 107.

([83]) Breithiúnas an 20 Meán Fómhair 2019, *FVE Holýšov I agus eile* v *An Coimisiún*, T-217/17, EU:T:2019:633, mír 126.

([84]) Breithiúnas an 28 Márta 2019, *An Ghearmáin* v *An Coimisiún*, C 405/16 P, EU:C:2019:268, mír 59 agus an cásdlí a luaitear, agus breithiúnas an 20 Meán Fómhair 2019, *FVE Holýšov I agus eile* v *An Coimisiún*, T-217/17, EU:T:2019:633, mír 108.

([85]) Breithiúnas an 13 Meán Fómhair 2017, *ENEA*, C-329/15, EU:C:2017:671, mír 30.

([86]) Breithiúnas an 15 Bealtaine 2019, *Achema agus eile* C-706/17, EU:C:2019:407, mír 66.

(241) Sa bhreithiúnas *Essent Netwerk Noord* ([87]), aicmíodh an beart faoi thrácht mar mhuirear agus mar bheart lena mbaineann acmhainn Stáit dá réir toisc gur fhorchuir an Stát an formhuirear leis an dlí ar cheannaitheoirí leictreachais i gcomhréir leis an gcritéar oibiachtúil de líon na n-uaireanta cileavata (kWh) arna dtarchur ([88]). Dúirt an Chúirt ina leith sin gur bheag tábhacht a bhain le haitheantas an duine a bhí faoi dhliteanas as an muirear a íoc, a mhéid a bhain an muirear leis an táirge nó le gníomhaíocht riachtanach i dtaca leis an táirge ([89]).

(242) Thairis sin, in *EEG 2012* ([90]), dhearbhaigh an Chúirt nár leor an chaoi ar roghnach é an t-ualach airgeadais a toibhíodh ar sholáthróirí agus nár cuireadh ar aghaidh chuig custaiméirí deiridh ach amháin "sa chleachtas" le go dtiocfaí ar an gconclúid go raibh baint ag acmhainní Stáit leis.

(243) Sa chás seo, tagann cúiteamh do chostais na n-oibreoirí stórála faoi raon feidhme an tsásra rialála agus cumhdaítear é leis na taraifí ar úsáid an líonra tarchurtha, dá bhforáiltear leis an Acht um Hidreacarbóin (féach aithrisí (17) agus (104)). Faoina chumhachtaí reachtúla, (féach aithris (17)), chuimsigh CRE muirear mar chuid de na taraifí ATRT atá beartaithe chun an sásra rialála faoi thrácht a mhaoiniú (an muirear stórála) (féach aithris (90)). Cumhdaítear leis an maoiniú freisin costas bailithe agus íoctha an chúitimh leis na hoibreoirí córais tarchurtha (féach aithis (105)).

(244) I gcomhréir le cinneadh CRE an 7 Feabhra 2018 ([91]), aon seoltóir dá sanntar acmhainneacht seachadta dhaingean ag pointe comhéadain dáileacháin iompair amháin ar a laghad (PITD), bíonn sé faoi réir muirear stórála a bheidh le híoc leis an oibreoir córais tarchurtha a ndearna sé conradh seachadta leis (féach aithris (99)). Bunaítear an muirear stórála le haghaidh gach seoltóra, i gcomhréir leis an modheolaíocht arna leagan síos ag CRE, ar mhodhnú geimhridh a chustaiméirí neamhscoite lóid agus neamh-inidirbhriste atá ceangailte de líonra dáileacháin poiblí an gháis nádúrtha (féach aithris (21)). Murab ionann agus an tuairim a léiríonn roinnt páirtithe leasmhara, leanann sé ón méid thuas gurb ionann an muirear stórála agus ranníocaíocht éigeantach a fhorchuirtear ar sheoltóirí de réir an dlí, agus nach ranníocaíocht roghnach í; déantar méid an mhuirir a ríomh i gcomhréir leis an gcritéar oibiachtúil modhnú geimhridh a gcuid custaiméirí bunaithe ar an modheolaíocht a bhunaíonn CRE. Déantar na ranníocaíochtaí sin a ríomh le gach costas TSO a chumhdach i ndáil leis an tseirbhís seo.

(245) Deimhnítear an anailís sin leis an gcaoi nach mór an muirear stórála a íocann seoltóirí a chur ar aghaidh chuig na tomhaltóirí sna taraifí ar dhíolacháin rialáilte le haghaidh gás nádúrtha (féach aithrisí (98) go (101)).

(246) De réir an Achta um Hidreacarbóin, íocann oibreoirí córais tarchurtha le hoibreoirí stórála a chumhdaítear leis an sásra rialála cion de na suimeanna a bhailítear faoi na taraifí ATRT i gcomhréir leis na rialacha mionsonraithe arna leagan síos ag CRE, ar comhlacht poiblí é. Is amhlaidh dá réir arb é CRE a shocraíonn méid an chion sin agus costas na seirbhíse bailithe agus íocaíochta (féach aithris (90)). Ceaptar agus sainordaítear oibreoirí córais tarchurtha de réir an dlí chun an muirear stórála a bhailiú agus a íoc le hoibreoirí stórála rialáilte. Ní bhíonn saoirse rogha ag na hoibreoirí córais tarchurtha na cistí sin a úsáid de réir mar is mian leo toisc nach bhfuil aon rogha acu i dtéarmaí shocrú agus leithdháileadh na gcistí sin, atá faoi réir athdháileadh éigeantach, agus na méideanna á gcinneadh ag CRE.

(247) Dá dhroim sin, tá an muirear stórála ann mar chuid de na taraifí ATRT, a úsáidtear chun an sásra rialála a mhaoiniú, i bhfoirm ranníocaíocht éigeantach arna forchur de réir an dlí ar sheoltóirí agus ar thomhaltóirí araon, mar tharaifí rialáilte, faoi mhaoirseacht CRE. Ina theannta sin, is iad na hoibreoirí córais tarchurtha a bhainistíonn agus a leithdháileann na cistí ón muirear stórála. Measann an Coimisiún dá réir gur trí acmhainní Stáit a dheonaítear an beart.

6.1.2. *Buntáiste roghnaitheach*

(248) De réir an chásdlí shocair, na bearta ar dóigh dóibh, cibé cineál a bhaineann leo, a bheith i bhfabhar gnóthais áirithe go díreach nó go hindíreach, nó lena dtugtar buntáiste eacnamaíoch nach bhfaigheadh an gnóthas faighteora de réir gnáthdhálaí margaidh é; féachtar mar Státchabhair iad ([92]).

([87]) Breithiúnas an 17 Iúil 2008, *Essent Netwerk Noord BV*, C-206/06, EU:C:2008:413.
([88]) Breithiúnas an 17 Iúil 2008, *Essent Netwerk Noord BV*, C-206/06, EU:C:2008:413, míreanna 47 agus 66.
([89]) Breithiúnas an 17 Iúil 2008, *Essent Netwerk Noord BV*, C-206/06, EU:C:2008:413, mír 49.
([90]) Breithiúnas an 28 Márta 2019, *An Ghearmáin* v *An Coimisiún* (C-405/16 P, EU:C:2019:268).
([91]) Cinneadh Uimh. 2018-022 an 7 Feabhra 2018 maidir le hathruithe sa taraif d'úsáid na líonraí tarchurtha gáis nádúrtha le GRTgaz agus TIGF amhail an 1 Aibreán 2018.
([92]) Breithiúnas an 17 Iúil 2008, *Essent Netwerk Noord agus Eile*, C-206/06, EU:C:2008:413, mír 79, breithiúnas an 27 Meitheamh 2017; *Congregación de Escuelas Pías Provincia Betania*, C-74/16, EU:C:2017:496, mír 65; agus breithiúnas an 15 Bealtaine 2019, *Achema agus Eile*, C 706/17, EU:C:2019:407, mír 74.

(249) Sa chás seo, de réir an tsásra rialála, faigheann oibreoirí stórála rialáilte ioncam ráthaithe, an "t-ioncam údaraithe" a shocraíonn CRE ar chaoi a gcumhdófar a gcostais leis, a mhéid agus a chomhfhreagraíonn siad dóibh siúd le "hoibreoir éifeachtúil", agus go bhfaigheann siad gnáth-thoradh ar an gcaipiteal a infheistíodh (féach aithris (21) thuas). Cuimsítear an t-ioncam údaraithe sin leis an ioncam a fhaigheann oibreoirí ar bhonn díreach, agus i gcás inar lú an t-ioncam sin ná an t-ioncam údaraithe, leis an gcúiteamh stórála a íocann na hoibreoirí córais tarchurtha. Dá bhrí sin, ní bheidh oibreoirí stórála rialáilte, a dtabharfaí cúiteamh dóibh as aon chaillteanas, faoi réir na héiginnteachta a thuilleadh atá mar chuid bhunúsach de dhálaí margaidh de ghnáth. Murab ionann agus na hargóintí a chuireann roinnt páirtithe leasmhara chun cinn, measann an Coimisiún dá réir go dteachtann oibreoirí an bhonneagair stórála fhíor-riachtanaigh buntáiste eacnamaíoch.

(250) Chun measúnú a dhéanamh ar roghnaíocht an bhuntáiste, dhearbhaigh an Chúirt gurb éigean a chinneadh, cé acu atá an beart náisiúnta faoi thrácht chomh mór sin nó nach bhfuil sé chomh mór sin faoi dhlíchóras áirithe le bheith i bhfabhar "gnóthais áirithe nó tháirgeadh earraí áirithe" thar a chéile, atá i gcás fíorasach agus dlíthiúil inchomparáide i bhfianaise an chuspóra faoina dtugann an córas sin, agus atá faoi réir cur chuige difriúil dá réir ([93]).

(251) Sa chás sin, ní bhíonn feidhm ag an sásra rialála ach amháin ar bhonneagar stórála faoi thalamh an gháis nádúrtha a bhféachtar air mar riachtanas chun slándáil an tsoláthair ar chríoch na Fraince a áirithiú idir an meántéarma agus an fadtéarma. Tá liosta sriantach den bhonneagar fíor-riachtanach sin leagtha síos de réir foraithne (féach aithris (19)).

(252) I gcás gheimhreadh 2018-2019, áiríodh ar an liosta sin, mar bheart idirthréimhseach, gach bonneagar stórála ar chríoch na Fraince (féach aithris (16)). Mar a sheasann an reachtaíocht faoi láthair, cuimsítear leis an mbonneagar stórála fíor-riachtanach le haghaidh na tréimhse 2019-2023 gach bonneagar stórála i mbun oibríochta ar chríoch na Fraince, cé is moite de na 3 shaoráid ar fuireachas agus 2 fhorbairt réamh-mheasta do stóráil an gháis nádúrtha (féach aithrisí (49) agus (50)). Foráiltear sa chlár fuinnimh ilbhliantúil (PPE) atá i bhfeidhm faoi láthair freisin laghdú ar liosta an bhonneagair fhíor-riachtanaigh i rith an chéad leasaithe eile den PPE (féach aithris 52).

(253) Dá réir sin, eisiatar láithreáin stórála don ghás nádúrtha atá curtha ar fuireachas ó raon feidhme an tsásra rialála. Ina theannta sin, tá coinne leis ag an bhFrainc go n-eisiafar amach anseo láithreáin atá i mbun oibríochta faoi láthair mar gheall ar an laghdú in ídiú an gháis nádúrtha atá réamh-mheasta in PPE. Eisiatar freisin oibreoirí stórála ó Bhallstáit eile, go háirithe ó thíortha comharsanacha. Eisiatar freisin oibreoirí ionstraimí solúbthachta eile a rannchuidíonn freisin le slándáil an tsoláthair a áirithiú, amhail oibreoirí críochfort GNL agus oibreoirí idirnascairí.

(254) Dá bhrí sin, fiú dá ndéanfaí scrúdú ar bhuntáiste eacnamaíoch a bheith ann ar leibhéal náisiúnta, agus mura mbainfeadh sé ach amháin le bonneagar stórála an gháis nádúrtha, murab ionann agus na tuairimí a léirigh roinnt páirtithe leasmhara, measann an Coimisiún go dtabharfaí buntáiste roghnaitheach leis an mbeart faoi thrácht toisc go bhforchoimeádtar an buntáiste sin d'oibreoirí an bhonneagair stórála fhíor-riachtanaigh atá san áireamh sa liosta PPE atá ann faoi láthair.

(255) Dá dhroim sin, d'fhéadfadh an beart faoi thrácht a bheith i bhfabhar gnóthais áirithe thar a chéile, atá i gcás fíorasacha agus dlíthiúil inchomparáide i bhfianaise an chuspóra faoina dtugann an córas sin.

6.1.3. *Tionchar ar an iomaíocht agus ar an trádáil idir na Ballstáit*

(256) Maidir leis an éifeacht a d'fhéadfadh a bheith aige ar an trádáil idir na Ballstáit, de réir chásdlí na Cúirte d'fhéadfadh léirscaoileadh earnála eacnamaíche amhail an gás nádúrtha ar leibhéal an Aontais Eorpaigh feidhmiú chun a chinneadh go bhfuil éifeacht iarbhír nó fhéideartha ag an gcabhair faoi thrácht ar an trádáil idir na Ballstáit ([94]).

([93]) Breithiúnas an 14 Eanáir 2015, *Eventech*, C-518/13, EU:C:2015:9, míreanna 53 chuig 55, agus breithiúnas an 21 Nollaig 2016, *An Coimisiún* v *World Duty Free Group agus Eile*, C-20/15 P agus C-21/15 P, EU:C:2016:981, mír 54.

([94]) Breithiúnas an 5 Márta 2015, *Banco Privado Português et Massa Insolvente do Banco Privado Português*, C-667/13, EU:C:2015:151, mír 51, breithiúnas an 18 Bealtaine 2017; *Fondul Proprietatea*, C-150/16, EU:C:2017:388, mír 34; agus breithiúnas an 15 Bealtaine 2019, *Achema agus Eile*, C 706/17, EU:C:2019:407, mír 94.

(257) Sa chás sin, gheobhaidh oibreoirí na saoráidí stórála fíor-riachtanacha sa Fhrainc buntáiste thar a n-iomaitheoirí mar gheall ar shásra rialála a thabhairt isteach. Baineann sé sin go háirithe le hoibreoirí stórála ó Bhallstáit eile, fiú féin má mheastar, mar a líomhnaíonn daoine áirithe, gur margadh réigiúnach atá ann. Ar bhonn na n-aighneachtaí ó na páirtithe leasmhara, ní féidir an Coimisiún a chur as an áireamh go mbeidh tionchar ag an mbeart ar stóráil an gháis nádúrtha i dtíortha comharsanacha, go háirithe sa Bheilg, áit nach bhfuil luach saothair ráthaithe ann le haghaidh stóráil an gháis nádúrtha.

(258) Ní féidir leis an gCoimisiún impleachtaí d'oibreoirí ionstraimí solúbthachta eile amhail oibreoirí críochfort GNL agus oibreoirí idirnascairí a chur as an áireamh ach an oiread. Cé go n-oibríonn siadsan ar bhonn ioncam údaraithe freisin, mar a léiríonn roinnt páirtithe leasmhara, ní thugann an Stát forlíonadh dá n-ioncam ar an mbealach céanna.

(259) Toisc gur léirscaoileadh margadh an gháis nádúrtha ar leibhéal an Aontais Eorpaigh, tá an acmhainneacht ag aon bhuntáiste a thugtar do ghnóthas san earnáil sin dul i gcion ar an trádáil idir na Ballstáit. Measann an Coimisiún dá bhrí sin gur dóigh don bheart dul i gcion ar an trádáil idir na Ballstáit.

(260) Tá an beart i gceist beartaithe chun ioncam áirithe a ráthú d'oibreoirí stórála na saoráidí stórála fíor-riachtanacha. Is é conclúid an Choimisiúin dá réir gur dóigh don bheart an iomaíocht a shaobhadh.

6.1.4. *Conclúid i dtaobh aicmiú an bhirt faoi cheist mar Státchabhair*

(261) Ar na cúiseanna a leagtar amach in aithrisí (234) go (260), measann an Coimisiún gurb ionann an beart faoi cheist agus Státchabhair de réir bhrí Airteagal 107 CFAE.

6.2. **Neamhdhleathacht na Státchabhrach**

(262) Le hioncam údaraithe na n-oibreoirí stórála a shocrú ón 1 Eanáir 2018, le ceantanna a eagrú agus muirear stórála a áireamh leis na taraifí ATRT ón 1 Aibreán 2018 ar aghaidh, chuir údaráis na Fraince chun feidhme sásra rialála ar Státchabhair atá ann.

(263) Níor thug údaráis na Fraince fógra faoin mbeart don Choimisiún roimh an dáta a thosaigh siad ar a chur chun feidhme. D'fheidhmigh an Fhrainc de shárú ar Airteagal 108(3) CFAE dá réir. Dá dhroim sin, measann an Coimisiún gur cuireadh chun feidhme go neamhdhleathach an beart faoi cheist.

6.3. **Comhoiriúnacht na Státchabhrach leis an margadh inmheánach**

6.3.1. *Bunús dlí chun measúnú a dhéanamh ar chomhoiriúnacht an bhirt faoi thrácht*

(264) Tá an sásra chun bonneagar stórála gáis nádúrtha a chuir an Fhrainc chun feidhme beartaithe chun borradh a chur faoin ngníomhaíocht eacnamaíoch chun gás nádúrtha a stóráil chun slándáil an tsoláthair idir an meántéarma agus an fadtéarma a áirithiú.

(265) Thabharfadh an Coimisiún le fios gurb é seo an chéad uair arbh éigean dó measúnú a dhéanamh ar chomhoiriúnacht an tsásra rialála um stóráil an gháis nádúrtha leis an margadh inmheánach.

(266) Ní dhéantar foráil maidir leis an gcineál birt sin sna Treoirlínte maidir le Státchabhair um chaomhnú comhshaoil agus fuinneamh ([95]) ná in aon treoirlíne eile de chuid an Choimisiúin.

(267) Ba cheart go ndéanfaí comhoiriúnacht an tsásra rialála leis an margadh inmheánach a mheasúnú i bhfianaise na bhforálacha de CFAE agus go háirithe Airteagal 107(3)(c) de, ina maítear gur féidir an chabhair d'fhorbairt gníomhaíochtaí eacnamaíocha áirithe a éascú a mheas de bheith comhoiriúnach leis an margadh inmheánach i gcás nach dtéann an chabhair sin i gcion go diúltach ar dhálaí trádála chomh mór sin le bheith bunoscionn leis an leas comhchoiteann.

([95]) Teachtaireacht ón gCoimisiún — Treoirlínte maidir le Státchabhair do chosaint an chomhshaoil agus don fhuinneamh 2014-2020, IO C 200, 28.6.2014, lch. 1.

(268) Dá réir sin, chun go ndearbhófaí an chabhair a bheith comhoiriúnach, ní mór go mbeartaítear í chun forbairt gníomhaíochtaí eacnamaíocha áirithe nó limistéar eacnamaíoch áirithe a éascú, agus anuas air sin, ní mór nach dtéann sí i gcion go diúltach ar dhálaí trádála chomh mór sin le bheith bunoscionn leis an leas comhchoiteann ([96]).

(269) Maidir leis an gcéad choinníoll, ní mór don Choimisiún scrúdú a dhéanamh ar an scéim cabhrach le féachaint cé acu atá sé beartaithe nó nach bhfuil sé beartaithe chun forbairt gníomhaíochtaí eacnamaíocha áirithe a éascú. Maidir leis an dara coinníoll, ní mór don Choimisiún na héifeachtaí dearfacha a bheidh ag an gcabhair atá molta ar fhorbairtí na ngníomhaíochtaí a bhfuil sí beartaithe chun tacú leo a mheas in aghaidh na n-éifeachtaí diúltacha a d'fhéadfadh a bheith aici ar an margadh inmheánach i dtéarmaí shaobhadh na hiomaíochta agus éifeachtaí diúltacha ar an trádáil arb í an chabhair is cúis leo.

6.3.2. *Forbairt gníomhaíochta eacnamaíche a éascú*

6.3.2.1. An ghníomhaíocht eacnamaíoch arna forbairt

(270) De réir Airteagal 107(3)(c) CFAE, is féidir féachaint ar an gcabhair de bheith comhoiriúnach leis an margadh inmheánach má dhéantar forbairt gníomhaíochtaí eacnamaíocha áirithe a éascú léi ([97]). Ní mór di feidhmiú mar dhreasacht don ghnóthas nó do na gnóthais lena mbaineann trína n-iompraíocht a mhodhnú sa chaoi go ndéanfar forbairt gníomhaíochta eacnamaíche a éascú, nach ndéanfaí d'uireasa na cabhrach, nó a dhéanfaí ar bhealach teoranta nó difriúil. Ní mór nach bhfóirdheonaítear costais ghníomhaíochta leis an gcabhair a dtabharfadh gnóthas fúithi in aon chás, agus ní mór nach cúiteamh atá inti ar an ngnáthriosca gnó a bhaineann le gníomhaíocht eacnamaíoch.

(271) Sa chás sin, is í stóráil an gháis nádúrtha sa Fhrainc atá sa ghníomhaíocht eacnamaíoch arna forbairt ag an gcabhair.

(272) Tá an sásra rialála beartaithe chun iompraíocht eacnamaíoch na n-oibreoirí stórála gáis nádúrtha a athrú. Dúirt údaráis na Fraince, murar chuir an Fhrainc an sásra rialála i bhfeidhm agus má dhíothaigh siad an córas oibleagáidí stórála roimhe sin, bheadh an praghas a ghearrfadh oibreoirí stórála fíorghar do raon difríochta phraghsanna díolacháin an gháis nádúrtha. Tá laghdú iarbhír ag teacht ar raonta difríochta ó 2009 i leith. Dá thoradh sin, níor fhág na praghsanna a gearradh go bhféadfadh oibreoirí stórála a gcuid costas a chumhdach a thuilleadh sular tugadh isteach an t-athchóiriú. Tar éis an mheathlaithe ar bhrabúsacht stóráil an gháis nádúrtha sa Fhrainc, cuireadh trí láithreán stórála don ghás nádúrtha ar fuireachas in 2014 agus 2015 (féach aithris (10)). Shainaithin an Fhrainc fíor-riosca ansin go laghdódh oibreoirí a thuilleadh an toilleadh stórála a chuirfí ar fáil don mhargadh, agus go gcuirfidís láithreáin stórála bhreise ar fuireachas.

(273) Thabharfadh an Coimisiún le fios freisin go bhfuil titim tar éis teacht ar an ráta líonta ag láithreáin stórála. Níor sheas ráta glactha an toillte stórála ach ag 63 % in 2017-2018. Tháinig titim bhreise ar ioncam d'oibreoirí dá réir ón titim sa ráta glactha.

(274) De thoradh an athchóirithe, tháinig méadú ar na rátaí glactha chuig 93 % den toilleadh stórála in 2018-2019 agus in 2019-2020.

(275) I gcás frithfhíorasach, in éagmais thabhairt isteach an tsásra rialála bheadh riosca ann de laghdú suntasach ar fhorbairt na gníomhaíochta eacnamaíche chun gás nádúrtha a stóráil sa Fhrainc. Ó cuireadh an t-athchóiriú chun feidhme, is leis an ioncam údaraithe agus leis an oibleagáid ar oibreoirí stórála a gcuid toillte stórála a chur ar fáil trí cheantanna atáthar tar éis cothú dá réir a thabhairt d'fhorbairt na gníomhaíochta eacnamaíche de chuid oibreoirí stórála.

(276) Dá bhrí sin, measann an Coimisiún go n-éascaíonn an sásra rialála forbairt na gníomhaíochta eacnamaíche chun gás nádúrtha a stóráil sa Fhrainc.

6.3.2.2. Comhlíontacht na scéime cabhrach le forálacha eile de dhlí an Aontais

(277) Thabharfadh an Coimisiún le fios go gcomhlíonann an beart faoi cheist agus an ghníomhaíocht eacnamaíoch arna forbairt le forálacha dhlí an Aontais.

([96]) Breithiúnas an 22 Meán Fómhair 2020, *An Ostair* v *An Coimisiún*, C-594/18 P (Hinkley Point C), EU:C:2020:742, mír 19.

([97]) Mar a deimhníodh leis an mbreithiúnas le déanaí ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh an 22 Meán Fómhair 2020, *An Ostair* v *An Coimisiún*, EU:C:2020:742.

(278) I réimse an fhuinnimh, ní mór d'aon mhuirear atá beartaithe chun beart Státchabhrach a mhaoiniú Airteagail 30 agus 110 CFAE a chomhlíonadh. Sa chás seo, tá an muirear stórála curtha in áirithe don tacaíocht a dheonaítear d'oibreoirí stórála (féach aithris (246)). Aon mhuirear a fhorchuirtear ar tháirgí intíre agus allmhairithe i gcomhréir leis na critéir chéanna, féadfaidh sé a bheith toirmiscthe mar sin féin ag CFAE, má tá an t-ioncam ó mhuirear mar sin beartaithe chun tacú le gníomhaíochtaí a théann chun tairbhe na dtáirgí intíre atá faoi réir an mhuirir.

(279) Sa chás seo, íocann seoltóirí an muirear stórála ag úsáid an líonra tarchurtha gáis nádúrtha, ina bhfuil beagnach an gás uile allmhairithe, gan beann ar cé acu is seoltóirí Francacha nó nach seoltóirí Francacha atá iontu (féach aithrisí (98) go (100)). Ar an láimh eile, is iad na tairbhithe oibreoirí bhonneagar stórála an gháis nádúrtha. Bíonn rochtain neamh-idirdhealaitheach ag seoltóirí Francacha agus eachtracha ar na ceantanna arna n-eagrú ag oibreoirí stórála an gháis nádúrtha (féach aithris (20)). Ní cás é dá bhrí sin ina dtéann an muirear chun tairbhe go sonrach na dtáirgí intíre ar a dtoibhítear é. Comhlíontar Airteagail 30 agus 110 CFAE dá réir.

(280) Ina theannta sin, mar a luaitear in aithris (12), ceadaítear go sainráite le hAirteagal 33 de Threoir 2009/73/CE do na Ballstáit an bonneagar stórála a rialáil. Tá stóráil an gháis nádúrtha ar cheann de na bearta freisin ar féidir leis na Ballstáit a thabhairt isteach chun comhlíontacht leis na hoibleagáidí ag eascairt as Rialachán (AE) 2017/1938 a áirithiú, faoi na coinníollacha arna leagan síos sa Rialachán sin, go háirithe an oibleagáid chun slándáil an tsoláthair do chustaiméirí náisiúnta a choimirciú i gcomhréir leis an ngá le feidhmiú ceart agus leanúnach an mhargaidh inmheánaigh sa ghás nádúrtha.

6.3.2.3. Conclúid maidir le forbairt gníomhaíochta eacnamaíche a éascú

(281) I bhfianaise an mhéid thuas, measann an Coimisiún go rannchuidíonn an beart faoi thrácht le forbairt na gníomhaíochta eacnamaíche chun gás nádúrtha a stóráil sa Fhrainc, i gcomhréir leis na forálacha eile den dlí Eorpach.

6.4. **Ní théann na héifeachtaí diúltacha de thoradh na cabhrach i gcion ar dhálaí trádála chomh mór sin le bheith bunoscionn leis an leas comhchoiteann.**

(282) Ní mór don Choimisiún scrúdú a dhéanamh cé acu a théann nó nach dtéann na héifeachtaí diúltacha de thoradh na cabhrach i gcion ar dhálaí trádála chomh mór sin le bheith bunoscionn leis an leas comhchoiteann. Ar an gcéad dul síos, leagfaidh an Coimisiún amach na héifeachtaí dearfacha a bhaineann leis an gcabhair, agus an leas comhchoiteann á thabhairt san áireamh, agus ar an dara dul síos, déanfaidh sé measúnú ar na gnéithe chun éifeachtaí diúltacha na cabhrach ar an trádáil a theorannú, eadhon riachtanas, cuibhiúlacht, comhréireacht agus trédhearcacht na cabhrach. I bhfianaise na hanailíse, sainaithneoidh an Coimisiún fuílleach na n-éifeachtaí ar an trádáil sula ndéanfar éifeachtaí dearfacha agus diúltacha na cabhrach ar an margadh inmheánach a mheas.

6.4.1. *Éifeachtaí dearfacha na cabhrach*

(283) Mar a léirítear in aithrisí (270) go (276), bíonn éifeachtaí diúltacha ag an scéim cabhrach ar fhorbairt na gníomhaíochta eacnamaíche chun gás nádúrtha a stóráil sa Fhrainc a éascú.

(284) Ina theannta sin, tugann an Coimisiún dá aire go mbíonn éifeachtaí dearfacha ag forbairt na gníomhaíochta eacnamaíche chun an gás nádúrtha a stóráil i dtéarmaí shlándáil an tsoláthair den ghás nádúrtha sa Fhrainc idir an meántéarma agus an fadtéarma. Is gá an stóráil chun a áirithiú gur féidir leis an líonra an t-éileamh a shásamh le linn tréimhsí fuara agus an gás a sholáthar sa líonra tarchurtha i gcás ina dtarlóidh plódú.

(285) Maidir leis na tréimhsí fuara, chuaigh an Fhrainc i mbun ionsamhlúchán ar leibhéil an éilimh ar ghás nádúrtha agus ar thoilleadh soláthair an gháis nádúrtha idir an meántéarma agus an fadtéarma. Measadh an t-éileamh ar an ngás nádúrtha dá réir le haghaidh tréimhsí fuara idir 1 agus 30 lá, amhail na cinn úd a tharlaíonn uair amháin gach 50 bliain sa Fhrainc (féach aithris (25)). Ghlac údaráis na Fraince roinnt toimhdí maidir leis an bhforbairt ar ídiú an gháis nádúrtha sna chéad 10 mbliana eile. Thoimhdigh siad go dtitfeadh an t-ídiú 2 % le linn na tréimhse 2018-2028 (féach aithris (26)). Rinne siad meastachán freisin ar éifeachtaí na sásraí in-idirbhristeachta, nár cuireadh chun feidhme go fóill áfach (féach aithris (28)).

(286) I dtéarmaí soláthair, thug údaráis na Fraince san áireamh paraiméadair infhaighteachta d'fhoinsí difriúla an gháis nádúrtha. Go háirithe, bhí na meastacháin bunaithe ar thoimhde d'úsáid 100 % de thoilleadh daingean na n-idirnascairí atá ann faoi láthair agus sholáthar GNL ó chríochfoirt GNL, le haga seachadta 10 lá ann le haghaidh lastais nua (féach aithrisí (33) go (38)).

(287) Is cosúil go bhfuil an mhodheolaíocht sin comhsheasmhach leis na sonraí stairiúla agus leis na réamhaisnéisí infhaighteachta an tráth a rinneadh an anailís.

(288) Rinne údaráis na Fraince meastachán ar an ngá le stóráil an gháis nádúrtha i dtéarmaí 2 376 GWh/lae sa ráta astarraingthe a bhaineann le leibhéal líonta 45 % den toirt oibre chun dul i ngleic le tréimhsí fuara sa tréimhse idir 2019 agus 2025.

(289) Mar a luadh in aithris (10) áfach, tháinig titim ón laghdú sna raonta difríochta a chonacthas ó 2009 i leith sa ráta glactha ar thoilleadh stórála chuig faoi bhun an leibhéil is gá chun slándáil an tsoláthair a áirithiú, agus cuireadh trí láithreán ar fuireachas dá bharr sin, d'ainneoin na hoibleagáide do sholáthróirí stoic gháis nádúrtha a chothabháil.

(290) Dá dhroim sin, de réir dealraimh ní leor é gnáthfheidhmiú an mhargaidh stórála gáis chun an bonneagar stórála a chothabháil a meastar gá a bheith leis chun slándáil an tsoláthair atá de dhíth ar an bhFrainc a ráthú. Is é is aidhm don scéim cabhrach dá réir chun forbairt ghníomhaíocht stóráil an gháis nádúrtha sa Fhrainc a éascú, nach ráthófaí go díreach le gnáthfheidhmiú an mhargaidh.

6.4.2. *Tionchar diúltach na scéime cabhrach ar an margadh inmheánach a theorannú*

(291) Sa chinneadh tosaigh, shuigh an Coimisiún go bhféadfadh tionchar a bheith ag an scéim cabhrach a thug údaráis na Fraince isteach ar na margaí seo a leanas: (i) Soláthróirí gáis nádúrtha Francacha agus iad siúd de chuid na mBallstát eile, (ii) oibreoirí stórála gáis nádúrtha, agus oibreoirí GNL agus idirnascairí, agus (iii) oibreoirí stórála gáis nádúrtha Francacha agus iad siúd de chuid na mBallstát eile.

(292) Rinne an Coimisiún measúnú ar na tosca a d'fhéadfadh rannchuidiú le tionchar diúltach an bhirt faoi thrácht a theorannú, eadhon riachtanach, cuibhiúlacht agus comhréireacht an tsásra, chomh maith lena thrédhearcacht.

(a) Riachtanas na scéime cabhrach

Measann an Coimisiún go mbíonn idirghabháil ag an Stát de dhíth, más rud é i gcás áirithe, gur féidir feabhas suntasach a chur leis an idirghabháil sin nach ndéanfaí le gnáthfheidhmiú an mhargaidh amháin, mar shampla, trí theip mhargaidh dhea-shainithe a cheartú.

(293) Mar a luaitear in aithris (10), tá laghdú tagtha ar raonta difríochta ó 2009 i leith, agus ní féidir le hoibreoirí stórála a gcuid costas féin a chumhdach a thuilleadh. Bhí baol ann go laghdófaí go mór gníomhaíocht eacnamaíoch chun an gás nádúrtha a stóráil sa Fhrainc. Ó cuireadh an t-athchóiriú chun feidhme, tá méadú iarbhír tar éis teacht ar ráta stórála an gháis nádúrtha sa Fhrainc.

(294) Dá bhrí sin, measann an Coimisiún go raibh gá leis an athchóiriú chun forbairt na gníomhaíochta eacnamaíche chun an gás nádúrtha a stóráil sa Fhrainc a éascú.

(b) Cuibhiúlacht na scéime cabhrach

(295) Is ionstraim beartais iomchuí í an chabhair chun gníomhaíocht eacnamaíoch a éascú i gcás nach féidir an toradh céanna a bhaint amach trí ionstraimí beartais eile is cúis le saobhadh níos lú ar an iomaíocht.

(296) Shamhlaigh an Fhrainc roinnt ionstraimí malartacha, ach ní dhéanfaidís forbairt ar na ngníomhaíocht eacnamaíoch chun an gás nádúrtha a stóráil sa Fhrainc a éascú ar an mbealach céanna ná ní thabharfaidís ráthú do leibhéal shlándáil an tsoláthair céanna ar na cúiseanna seo a leanas.

(297) Ar an gcéad dul síos, níor áirithíodh slándáil an tsoláthair le cothabháil an chórais roimhe seo d'oibleagáidí stórála a fhorchur ar sholáthróirí. De réir mar a d'éirigh an raon difríochta i bhfad níos ísle ná costas an toillte stórála, tá laghdú suntasach tagtha ar dhreasachtaí do sholáthróirí toilleadh a chur in áirithe, ónar tháinig trí láithreán á gcur ar fuireachas. Bhainfeadh fadhbanna le láithreáin eile a chur ar fuireachas de bharr gur tháinig sé aníos ón measúnú ar an ngá le stóráil go raibh gá le gach saoráid chun slándáil an tsoláthair a áirithiú dá dtarlódh tréimhse fhuar fhada. Ina theannta sin, bhí an costas stórála foriomlán faoin gcóras oibleagáide stórála níos airde [EUR 5 go EUR 8/MWh in 2016 agus 2017]) ná faoin sásra rialaitheach (EUR 5,6/MWh tar éis an athchóirithe).

(298) Ar an dara dul síos, ní bheadh neartú an líonra gáis agus na n-idirnascairí ina mhalairt inchreidte ach an oiread de bharr chostas ard na mbeart sin i gcomparáid le húsáid an bhonneagair stórála atá ann faoi láthair. In aon chás, ní thabharfaí aghaidh leis an gcineál infheistíochta sin ar ghanntanais fhéideartha an gháis nádúrtha dá dtarlódh tréimhse fhuar, agus ní bheadh fáil orthu sa mheántéarma.

(299) Cosúil leis sin, dealraítear ón bhfaisnéis a chur an Fhrainc ar fáil nach malairt inchreidte atá i ndul i muinín méadaitheach ar GNL ar shlándáil an tsoláthair a áirithiú. Tá na críochfoirt leachtaithe atá ann faoi láthair ag oibriú ar leibhéal atá gar dá n-uastoilleadh chun an costas infheistíochta suntasacha a fhorchúiteamh. Ina theannta sin, tá beagnach gach lastas GNL faoi réir conarthaí fadtéarmacha de bharr dhéine toillte na dtionscadal sin, agus is amhlaidh dá réir a dhíoltar cheana féin iad sula dtéann siad i mbun táirgeachta. Ós rud é go mbíonn costas níos ísle i gceist le gás nádúrtha a stóráil i bhfoirm ghásach ní dhéantar mórán forbartha ar áiseanna stórála do ghás nádúrtha leachtaithe ar fud an domhain. Dá bhrí sin, is íseal iad na cainníochtaí GNL a bheidh ar fáil sa ghearrthéarma.

(300) Ar an tríú dul síos, mhínigh an Fhrainc nárbh fhéidir féachaint ar chóras pionós a bheadh go hiomlán ina chóras riaracháin arna bhforchur ar sholáthróirí as mainneachtain chun gás nádúrtha a sholáthar do chustaiméirí deiridh mar mhalairt shásúil ach an oiread. Baineann fadhb na hindéantachta leis an gcineál córais sin, óir is ar bhonn laethúil a tharlaíonn cothromú mhargaí gáis na hEorpa. Is de bharr na trádála i ngás nádúrtha a tharlódh tar éis na mbeart scoite lóid a chuirfeadh oibreoir an chórais chun feidhme dá dtiocfaidh titim ghéar ar bhrú sa líonra a bheadh sé fíordheacair an soláthróir tosaigh ar mainneachtain a shainaithint. Cosúil leis sin, ní gá gur custaiméirí leis an soláthróir ar mainneachtain iad na custaiméirí a gcuirfí cosc ar a soláthairtí. Sa chomhthéacs sin, áitíonn an Fhrainc gurbh fhearr bearta *ex ante* a dhéanamh seachas pionóis *ex post*.

(301) Ar an gceathrú dul síos, tá feidhm ag an méid céanna i leith sásraí scoite lóid nó in-idirbhristeachta. Shonraigh údaráis na Fraince gurb é scoitheadh lóid an rogha dheiridh i gcás géarchéim soláthair agus nach sásra solúbthachta atá ann, a mbraitheann a héifeachtacht ar chomhlíontacht an tomhaltóra leis an ordú um scoitheadh lóid atá eisithe ag an oibreoir líonra, óir nach féidir scoitheadh lóid uathoibríoch a dhéanamh go cianda. Tá an sásra chun bonneagar stórála fíor-riachtanach a rialáil deartha chun géarchéimeanna soláthair ina mbeadh scoitheadh lóid a úsáid de dhíth a chosc. Bhí sásraí in-idirbhristeachta ina dtugtar aghaidh ar rioscaí ardghuaise agus ísealdóchúlachta amhail tréimhsí fuara fós á sainiú tráth an athchóirithe, agus tugadh san áireamh iad chun measúnú a dhéanamh ar an éileamh ar ghás nádúrtha. Ar an láimh eile, ní bheadh sásraí in-idirbhristeachta oiriúnach chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí an phlódaithe arbh iad guais níos ísle ach dóchúlacht níos airde a saintréithe.

(302) I bhfianaise na dtosca sin, measann an Coimisiún gur ionstraim iomchuí atá sa sásra rialála chun forbairt ghníomhaíocht stórála an gháis nádúrtha a éascú agus chun slándáil an tsoláthair a áirithiú.

(c) Comhréireacht na scéime cabhrach

(303) Meastar an chabhair a bheith comhréireach nuair a bhíonn sí teoranta don íosmhéid is gá chun éifeachtaí ar an margadh inmheánach a theorannú.

(304) Sa chás seo, is amhlaidh de réir an tsásra rialála a thairbhíonn oibreoirí stórála d'ioncam ráthaithe. Chun measúnú a dhéanamh ar chomhréireacht an tsásra rialála, is gá measúnú a dhéanamh ar chomhréireacht an mhodha chun ioncam údaraithe na n-oibreoirí stórála a ríomh mar a thuairiscítear in aithrisí (59) go (81).

(305) Léirigh an Coimisiún amhras ina chinneadh tosaigh faoi mheasúnú eacnamaíoch neamhspleách CRE ar mhargadhluach RAB ag an tráth a tugadh isteach an sásra rialála. Bhraith an Coimisiún go mb'fhéidir gur baineadh an bonn ó chomhréireacht na scéime cabhrach leis sin.

(306) Cé go bhfuil an luacháil seo bunaithe den chuid is mó ar oll-luach cuntasaíochta agus ar dhímheas sócmhainní, bhí an Fhrainc agus na tairbhithe in ann a léiriú go ndearna CRE athluacháil chuimsitheach ar RAB bunaidh an 31 Nollaig 2016. Sheiceáil CRE gur chomhfhreagair na tréimhsí dímheasta arna n-iarraidh ag na hoibreoirí do na tréimhsí a léirítear ina gcuntais stairiúla agus do na sonraí caighdeánacha sa tionscal a chonacthas i dtíortha eile. Go háirithe, bhí CRE in amhras faoi thréimhse dímheasta an gháis cúisín. Mar a luaitear in aithris (73), dhiúltaigh CRE don iarraidh ar thréimhse dímheasta 250 bliain, agus shocraigh sé an tréimhse dímheasta don ghás cúisín ag 75 bliana ina ionad sin. D'fhostaigh CRE sainchomhairleoirí eacnamaíocha seachtracha chun cúnamh a thabhairt RAB tosaigh a shainiú. Tugann an Coimisiún dá aire, tar éis na n-athbhreithnithe sin, gur roghnaigh CRE RAB tosaigh dar luach EUR 4,8 billiún le haghaidh na 3 oibreoir, ar thitim 13 % í i gcomparáid le RAB arna iarraidh ag na hoibreoirí (féach Tábla 4 in aithris (77)).

(307) Tugann an Coimisiún dá aire gur tháinig luachanna sócmhainní comhchosúla de bharr úsáid modhanna malartacha amhail luach na n-oibreoirí stórála i gcuntais a scairshealbhóirí, na luachanna a thugtar san áireamh in idirbhearta le déanaí nó modh an tsreabhaidh airgid lascainithe a úsáidtear i staidéar Teréga le PWC (féach aithrisí (76), (129) agus (160)).

(308) Ina theannta sin, ní áirítear le húsáid luacha atá bunaithe ar raonta difríochta an luach a bhaineann le stóráil an gháis nádúrtha i dtéarmaí shlándáil an tsoláthair. Níl dóthain ionadaíochta sa táscaire sin dá réir ar fhorbairtí meántéarmacha agus fadtéarmacha le bheith úsáideach mar tháscaire ar shásra rialála amhail an ceann sa chás seo, atá deartha chun slándáil an tsoláthair idir an meántéarma agus an fadtéarma a áirithiú.

(309) Sna barúlacha a fuair an Coimisiún i gcaitheamh an nóis imeachta, maíodh gur gá go mbeadh athchruthú stairiúil ar ioncam oibreoirí neamhiomlán in éagmais na sonraí infhaighte, agus go mbeadh sé contrártha le prionsabail ghinearálta an dlí.

(310) Thabharfadh an Coimisiún le fios freisin go bhfuil an taraif stórála beartaithe mar chúiteamh d'oibreoirí as a gcuid costas, a mhéid agus a chomhfhreagraíonn na costais sin dóibh siúd de chuid "oibreoirí éifeachtúla". Chun na críche sin, athbhreithníonn CRE an cúiteamh arna iarraidh ag oibreoirí ag tús gach tréimhse taraife agus seiceálann na hinfheistíochtaí atá samhlaithe ag oibreoirí ar bhonn bliantúil (féach aithris (82)). Cuimsítear sásra aisghlámtha leis an gcúiteamh freisin. Tugann an Coimisiún dá aire, le haghaidh na mblianta 2018-2019, nár thug CRE san áireamh ach na costais a mheastar a bheith éifeachtúil, agus go bhfuil dreasacht ann ó ATS 2 le haghaidh go leor míreanna le costais a choinneáil faoi smacht: sásra rialála dreasaithe le haghaidh glanchostais oibriúcháin, agus le haghaidh caiteachas infheistíochta, agus rialachán dreasaithe maidir le cáilíocht seirbhíse (féach aithrisí (60), (61), (65), (83), (84) agus (85)).

(311) Ar deireadh, is leormhaith í an mhodheolaíocht chun WACC na láithreán stórála gáis nádúrtha agus an mharcáil suas a chinneadh i ndáil le ráta tagartha GRTgaz.

(312) Is é conclúid an Choimisiúin dá bhrí sin go dtagann cúiteamh comhréireach mar thoradh ar an modh luacha saothair atá bunaithe ag CRE, agus go háirithe luacháil na sócmhainní rialáilte, rud a chuireann srian le tionchar na scéime cabhrach ar an margadh inmheánach.

(d) Trédhearcacht na scéime cabhrach

(313) Measann an Coimisiún go n-áirithítear leis na gealltanais a thug an Fhrainc a liostaítear in aithris (111) trédhearcacht na scéime cabhrach.

6.4.3. *Cosc na n-éifeachtaí diúltacha ar an iomaíocht agus an trádáil*

(314) Measann an Coimisiún go n-íoslaghdaítear éifeachtaí diúltacha ar an iomaíocht agus an trádáil idir na Ballstáit le beart cabhrach i gcás ina mbíonn na héifeachtaí sin teoranta go leormhaith le go mbeadh cothroime fhoriomlán an bhirt ina cothroime dhearfach.

(315) Sa chinneadh tosaigh, níorbh fhéidir leis an gCoimisiún a chur as an áireamh go bhféadfadh an sásra iomaíocht a shaobhadh níos mó ná na híoséifeachtaí diúltacha a bhfuil údar leo le tabhairt isteach na scéime cabhrach idir (i) soláthróirí gáis nádúrtha na Fraince agus iad siúd de chuid na mBallstát eile, (ii) oibreoirí stórála gáis nádúrtha agus oibreoirí GNL agus oibreoirí idirnascairí, agus (iii) oibreoirí stórála gáis nádúrtha na Fraince agus iad siúd de chuid na mBallstát eile.

(316) Sa chás seo, ní mheasann an Coimisiún go saobhtar an iomaíocht leis an scéim cabhrach idir soláthróirí Francacha agus soláthróir an gháis nádúrtha ó Bhallstáit eile ar mhargaí soláthair an gháis nádúrtha, óir bíonn na ceantanna ar oscailt do gach soláthróir gáis nádúrtha, de réir dálaí comhchosúla, bídís lonnaithe sa Fhrainc nó i mBallstát eile. Ina theannta sin, dheimhnigh roinnt páirtithe leasmhara ina mbarúlacha go ngearrtar an taraif chéanna as an tseirbhís seachadta chéanna ar sholáthróirí Francacha agus a ghearrtar ar sholáthróirí ó Bhallstáit eile le haghaidh úsáid na líonraí tarchurtha gáis nádúrtha. Níorbh fhéidir leis an gCoimisiún aon saobhadh iomaíochta a aimsiú dá bhrí sin idir soláthróirí gáis nádúrtha Francacha agus iad siúd ó Bhallstáit eile.

(317) Thairis sin, maidir leis an saobhadh iomaíochta idir oibreoirí stórála agus soláthróirí ionstraimí solúbthachta malartacha sa Fhrainc, measann údaráis na Fraince agus páirtithe leasmhara gur ionadaigh neamhfhoirfe atá sna hionstraimí eile le haghaidh stóráil an gháis nádúrtha toisc go n-oibríonn siad laistigh de thráthchláir athraitheacha agus go bhféadfaidís a bheith de dhíth i gcásanna difriúla. Cuir i gcás le linn tréimhsí fuara, ní féidir acmhainneacht

críochfort GNL a úsáid ach amháin má bhíonn GNL ar fáil sna humair. Ní fhéadfaí an toilleadh teoranta sin a úsáid ar feadh níos mó ná 5 lá de réir na ndálaí is fearr agus a d'fhéadfadh a bheith ann. Is lú sin ná meánfhad na tréimhse fuaire, rud a chiallaíonn nach bhféadfaí lastas isteach a shocrú tapa a dhóthain chun cliseadh soláthair a chosc. I gcás phlódú an líonra, braithfidh éifeachtacht na gcríochfort GNL ar a ngaireacht gheografach le pointí ídithe.

(318) Thug roinnt tríú páirtithe le fios freisin nach bhfuil an glacadh le críochfoirt GNL agus stóráil an gháis nádúrtha in iomaíocht le chéile. Dar leo, tá méadú suntasach tar éis teacht ar allmhairí GNL isteach san Eoraip agus sa Fhrainc ó thabhairt isteach na scéime cabhrach in 2018. Ba mhó ná riamh é allmhairiúchán ~ 21,5 bcm de GNL isteach sa Fhrainc in 2019.

(319) De réir na nótaí trachta atá faighte, is ionstraimí allmhairiúcháin den chuid is mó atá sna hidirnascairí. Maíonn na páirtithe leasmhara, murach an stóráil, go mbeadh an acmhainneacht de dhíth ar idirnascairí chun soláthar an gháis nádúrtha ar fud chríoch na Fraince le linn amanna buaic-éilimh a ráthú. Ní cur chuige éifeachtúil a bheadh ansin. I bhfianaise an mheathlaithe atá réamh-mheasta ar ídiú an gháis nádúrtha sa Fhrainc, níltear ag beartú idirnascairí nua a thógáil. B'airde an costas iarbhír a bhainfeadh le hidirnascairí breise a thógáil agus leis an líonra a neartú ná costas na scéime cabhrach faoi cheist.

(320) Ina theannta sin, ní bhíonn aon tionchar ag stóráil an gháis nádúrtha ar thoirt iomlán an gháis nádúrtha a théann trí idirnascairí toisc go bhfuil sé sin bunaithe ar thoirt na gháis nádúrtha a ídítear sa Fhrainc. Mar sin féin, luann páirtithe leasmhara tuarascáil ([98]) leis an nGníomhaireacht um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh (ACER), ina maítear gurb í an fhlúirse gáis san fhardal stórála a íoslaghdaíonn allmhairí nuair a tharlaíonn an buaic-éileamh ar ídiú, arb iondúil gurb in í an uair a fheictear an praghas gáis is airde.

(321) Mar a mhaíonn páirtithe leasmhara, d'aithin an Coimisiún roinnt uaireanta (gan seasamh a ghlacadh) gurb ann do mhargadh ábhartha le haghaidh bonneagar tarchurtha gáis nádúrtha, lena n-áirítear idirnascairí go sonrach, stóráil an gháis nádúrtha, críochfoirt GNL agus bonneagar athghásúcháin. Aithníonn an Coimisiún gur féidir seirbhísí comhlántacha a sholáthar leis na hionstraimí solúbthachta difriúla gan an fhéidearthacht a chur as an áireamh go mbíonn tionchar ag stóráil an gháis nádúrtha ar chríochfoirt GNL agus ar idirnascairí. Níorbh fhéidir leis an gCoimisiún teacht ar aon saobhadh iomaíochta suntasach áfach.

(322) D'fhéadfadh saobhadh iomaíochta teacht ón scéim cabhrach freisin i ndáil le hoibreoirí stórála i mBallstáit eile, go háirithe na cinn chomharsanacha leis an bhFrainc. Tá an riosca an-ard i gcás na Beilge agus na Gearmáine mar gheall ar na hidirnascairí.

(323) Thug CREG (Coimisiún na Beilge um Rialú an Leictreachais agus an Gháis) le fios don Choimisiún, tar éis an sásra rialála a thabhairt isteach, gur thit an leibhéal líonta ar an láithreán stórála Beilgeach amháin, Loenhout, ó 84 % (geimhreadh 2017-2018) chuig 54 % (geimhreadh 2018-2019). D'ardaigh an leibhéal líonta chuig 97 % i ngeimhreadh 2019-2020. Bhí an leibhéal líonra in 2018-2019 ag teacht leis na conarthaí fadtéarmacha. De réir CREG, bhí tionchar ag tabhairt isteach an tsásra íocaíochta sa Fhrainc (féach aithrisí (195) go (200)). Cé gur tháinig ardú ar na leibhéil líonta arís an geimhreadh dár gcionn, ní féidir leis an gCoimisiún tionchar ar stóráil an gháis nádúrtha i dtíortha comharsanacha a chur as an áireamh. Tugann an Coimisiún dá aire áfach, nach deir Fluxys, an t-oibreoir in Loenhout, go raibh tionchar suntasach ag an sásra rialála ar a chuid gníomhaíochtaí (féach aithris (212)).

(324) Sa ghearrthéarma, bíonn saobhadh iomaíochta idir oibreoirí i mBallstáit chomharsanacha teoranta leis an ráta glactha suntasach (e.g. os cionn 90 % sa Ghearmáin, agus 60 % sa Bheilg), bunaithe ar chonarthaí fadtéarmacha. Tiocfaidh na conarthaí sin chun críche in 2022-2023 áfach. Nuair a dhéanfar ath-idirbheartaíocht ar na conarthaí fadtéarmacha sin, d'fhéadfadh tionchar a bheith ag an sásra rialála dá réir ar dhálaí tráchtála amach anseo i dtéarmaí praghsanna, rátaí glactha agus freisin bhrabúsacht na n-oibreoirí stórála i mBallstáit chomharsanacha. D'fhonn go gcinnteodh an Coimisiún go mbeidh a mheasúnú ar an bpointe sin fós bailí nuair a thiocfaidh na conarthaí fadtéarmacha chun críche, gheall údaráis na Fraince tuarascáil a thabhairt don Choimisiún roimh dheireadh 2024 ina bhfaighfear sonraí faoi thionchar an bhirt ar an iomaíocht (féach aithris (111)).

(325) Tugann an Coimisiún mian Fluxys dá aire freisin go mbeadh samhail iomchuí ann ar leibhéal an Aontais Eorpaigh chun freagairt d'fhorbairtí margaidh (féach aithris (212)). Thug oibreoirí stórála eile barúlacha dearfacha faoin athchóiriú a tugadh isteach sa Fhrainc, agus léirigh siad a rogha ag an am céanna go nglacfaí cur chuige comhchuibhithe san Aontas Eorpach (féach aithrisí (224) agus (229)).

([98]) Tuarascáil ACER an 6 Aibreán 2020, *The internal gas market in Europe:The role of transmission tariffs* [An margadh gáis inmheánach san Eoraip: Ról na dtaraifí tarchurtha], pointe 174.

6.5. **Tástáil chothromúcháin: éifeachtaí dearfacha agus diúltacha na cabhrach ar an margadh inmheánach**

(326) Ní mór gur dearfach í cothromaíocht fhoriomlán na n-éifeachtaí ó scéim cabhrach an Stáit: ní mór go seachnófaí leis an scéim dul i gcion go diúltach ar dhálaí trádála chomh mór sin le bheith bunoscionn leis an leas comhchoiteann.

(327) Thabharfaidh an Coimisiún le fios, sa chás seo, go ndéanann an scéim cabhrach forbairt gníomhaíochta eacnamaíche a éascú, eadhon an gás nádúrtha a stóráil sa Fhrainc. Tugann sé dá aire freisin go rannchuidíonn an sásra rialála le slándáil na soláthairtí gáis nádúrtha. Thairis sin, is le cuibhiúlacht, riachtanas agus comhréireacht na cabhrach a theorannaítear a tionchar ar an iomaíocht agus ar an trádáil. Is é conclúid an Choimisiúin cé nach féidir tionchar ar an iomaíocht idir oibreoirí stórála gáis nádúrtha na Fraince agus iad siúd ó Bhallstáit eile a chur as an áireamh, dealraítear go bhfuil éifeachtaí diúltacha na cabhrach teoranta a ndóthain chun go mbeadh cothromaíocht fhoriomlán na scéime cabhrach dearfach go dtí deireadh PPE atá i bhfeidhm faoi láthair in 2028, ar choinníoll nach mbeidh aon athrú suntasach san iomaíocht ar na margaí gáis nádúrtha a liostaítear in aithris (110) ([99]).

(328) I bhfianaise an mhéid thuas, is é conclúid an Choimisiúin gur mó é tionchar dearfach na cabhrach ar fhorbairt na gníomhaíochta eacnamaíche faoi thrácht ná na héifeachtaí diúltacha féideartha ar an iomaíocht agus an trádáil, go dtí 2028 ar a laghad. Is amhlaidh dá réir nach rachfar i gcion chomh mór sin ar an iomaíocht agus an trádáil le bheith bunoscionn leis an leas comhchoiteann.

7. **CONCLÚIDÍ**

(329) Is oth leis an gCoimisiún an chaoi ar chuir an Fhrainc an chabhair faoi thrácht chun feidhme ar bhealach neamhdhleathach de shárú ar Airteagal 108(3) CFAE. Suíonn sé áfach go bhfuil an beart faoi thrácht comhoiriúnach leis an margadh inmheánach de réir bhrí Airteagal 107(3)(c) CFAE go dtí an 31 Nollaig 2028, nuair a thiocfaidh tréimhse PPE atá i bhfeidhm faoi láthair chun críche,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Tá an Státchabhair a chuir an Fhrainc chun feidhme ar oibreoirí stórála an gháis nádúrtha comhoiriúnach leis an margadh inmheánach de réir bhrí Airteagal 107(3)(c) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

Airteagal 2

Dírítear an Cinneadh seo ar Phoblacht na Fraince.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 28 Meitheamh 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
Margrethe VESTAGER
Comhalta den Choimisiún

([99]) Má mheasann an Coimisiún nach bhfuil an chabhair atá ann cheana comhoiriúnach nó nach bhfuil sí comhoiriúnach a thuilleadh leis an margadh inmheánach, féadfaidh sé an nós imeachta a thionscnamh atá leagtha síos i gCaibidil IV de Rialachán (AE) 2015/1589 ón gComhairle an 13 Iúil 2015 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le hAirteagal 108 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a chur i bhfeidhm (IO L 248, 24.9.2015, lch. 9).